# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Bhus Éireann 2020



Éire á hIompar chuig Saol Inbhuanaithe

# Buaicphointí 2020



40 náisiúntacht éagsúil i measc na bhfostaithe




51.7m aistear in 2020




Suas le 120,000 leanbh ag taisteal chuig an scoil gach lá



17 bpríomhshuíomh ar fud na hÉireann



230+ bealach OSP agus Expressway ar fud na hÉireann




8,500+ Bealach Scoile




Freastalaíodh ar 91% de sheirbhísí Expressway in 2020



3 mhilliún km breise de sheirbhísí OSP bliantúla mar gheall ar phlean spreagthaí mhí Iúil



Rinneadh athchúrsáil ar 1,000 bonn in 2020



26 bus hibrideach leictreach faighte



Infheistíocht bhreise €6.9m i nglanadh a bhaineann le COVID-19



94 Teachtaireacht chuig na Fostaithe faoi COVID-19

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 2 |
| Buaicphointí na Cuideachta | 4 |
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 10 |
| Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach | 14 |
| Inbhuanaitheacht | 22 |
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí | 24 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 41 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 57 |
| Beathaisnéisí na Stiúrthóirí | 58 |
| An Fhoireann Ardbhainistíochta | 60 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 62 |
| Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 71 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách | 72 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 75 |
| Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach | 76 |
| Clár Comhardaithe | 77 |
| Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna | 78 |
| Ráiteas um Shreabhadh Airgid | 79 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 80 |






# Réamhrá

## Ár luachanna á gcur i bhfeidhm

Is é Bus Éireann cuideachta bus náisiúnta na hÉireann agus an príomhsholáthraí seirbhísí iompair in Éirinn. Gach uile sheachtain, déanaimid na milliúin duine a nascadh leis na daoine agus na rudaí is ansa leo, ar fud ár gcuid réimsí gnó: Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, Expressway agus Iompar Scoile.

Cuidímid feabhas a chur ar shaol daoine agus an saol a fhágáil níos éasca acu. Measaimid go mbaineann tábhacht le gach uile chustaiméir.

Mar eagraíocht, tá Bus Éireann ar a aistear féin chun bheith ar an gcuideachta iompair is dírithe ar chustaiméirí agus is glaise in Éirinn, le glacadh ár bplean straitéisigh *Destination 2023* agus ár Straitéis Inbhuanaitheachta *Driving Change* 2020-2030.

In 2020, sna cúinsí an-dúshlánach a tháinig aniar aduaidh orainn mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, is deimhin gur chuir Bus Éireann a chuspóir agus a luachanna i bhfeidhm maidir le seirbhísí sábháilte a sholáthar nuair a bhí géarghá leo, lena n-áirítear aistir riachtanacha le haghaidh oibrithe cúraim sláinte agus oibrithe riachtanacha eile, agus leanaí a iompar go sábháilte chuig an scoil agus abhaile. Freagra eiseamláireach a thugamar ar na cúinsí sin – léiríomar inoiriúnaitheacht, tiomantas agus teacht aniar ar fud na heagraíochta.



## Sracfhéachaint ar Bhus Éireann







### An Cuspóir atá Againn

Tá sé ina chuspóir againn daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo, chun feabhas a chur ar an saol.

### An Sprioc atá Againn

Tá sé ina sprioc againn a bheith ar an gcuideachta iompair is inbhuanaithe agus is dírithe ar an gcustaiméir in Éirinn, agus seirbhísí á gcur ar fáil ag daoine a chreideann gur áit oibre iontach é Bus Éireann.

### Ár gCuid Luachanna

Tá ár gcuid luachanna bunaithe ar thús áite do na custaiméirí, feidhmíocht a bhaint amach, sábháilteacht a chinntiú, bheith ag breathnú romhainn, agus cultúr measa agus comhoibrithe a chothú.

## Cuspóirí Straitéiseacha faoi *Destination 2023*

**Sásamh Custaiméirí**
Eispéireas custaiméirí den chéad scoth a bhaint amach ag gach pointe tadhaill.

**Rannpháirtíocht Fostaithe**
Ceannaireacht a fhorbairt ar gach leibhéal agus cultúr feidhmíochta a chothú ionas gur ionad oibre iontach é Bus Éireann.

**Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais**
A chinntiú go ndéantar maoiniú iomlán ar an gCuideachta anois agus feasta, lena gclúdófar riachtanais oibriúcháin agus riachtanais ó thaobh caiteachas caipitil, agus lena gcuirfear ar ár gcumas dúinn brabús a dhéanamh ag teacht leis na spriocanna atá leagtha síos i leith gach ceann dár ngnóthaí.

**Soláthar Seirbhíse**
Sármhaitheas oibríochta a chur chun cinn ar fud na bpróiseas gnó ar mhaithe le feidhmíocht shábháilte, iontaofa, phoncúil.



# Buaicphointí na Cuideachta

## Eispéireas na gCustaiméirí

Tá ár gcustaiméirí riachtanach chun an sprioc atá sonraithe againn in *Destination 2023* a bhaint amach, is é sin a bheith ar an gcuideachta iompair in Éirinn is mó atá dírithe ar na custaiméirí, ar fud ár seirbhísí go léir: OSP, Expressway agus Iompar Scoile.

## Ag Díriú ar na Custaiméirí

- In 2020, ghlac an Chuideachta Cairt Custaiméirí agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí nua chun ár gcuspóir straitéiseach faoi *Destination 2023* a bhaint amach. Leagtar amach sa Chairt Custaiméirí caighdeáin nach mór don Chuideachta iad a chomhlíonadh, agus déantar cur síos sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí ar an gcaoi a gcomhlíonfaimid na gealltanais agus na caighdeáin atá leagtha amach sa chairt.

## Soláthar Seirbhíse

- In 2020, rinneadh 51.7m aistear paisinéirí, laghdú mór ó 89.4m an bhliain roimhe sin, lena léirítear na dúshláin gan choinne a bhí le sárú againn de bharr na paindéime COVID-19.
- Faoi Scéim Spreagthaí Post an Rialtais i mí Iúil, bunaíodh 112 post nua do thiománaithe agus rinneadh feabhsuithe móra ar na seirbhísí ar bhealaí OSP ónár stáisiúin i mBéal an Átha, sa Chloch Leathan, i gCorcaigh, i nDroichead Átha, i nDún Dealgan, i Luimneach agus i dTrá Lí.
- In 2020, d'fhreastail busanna Expressway ar 91% de na seirbhísí a bhí pleanáilte in ainneoin na srianta COVID-19, agus cailleadh a lán airgid dá bharr sin. Mar thoradh ar phlean inmharthanachta i mí Mheán Fómhair rinneadh comhdhlúthú ar na bealaí éagsúla agus laghdaíodh a líon ó 18 go 14.
- Cuireadh an chuid is mó de ghnó coimhdeach na Cuideachta ar fionraí in 2020 mar gheall ar shrianta taistil na paindéime.
- Amach sa bhliain 2020, fuarthas an chéad ghála feithiclí nua, busanna hibrideacha dhá urlár agus cuirfear na feithiclí sin ar an mbóthar i gcathair na Gaillimhe in 2021. Beidh sé sin ina chéad chéim chun an flít busanna a athrú ó chinn díosail go dtí cinn a ritheann ar chumhacht leictreach agus le breosla-chealla.





## Seirbhísí Scoile

- D'fhreastail ár seirbhísí iompair scoile ar bhreis agus 28.7m aistear a rinne paisinéirí in 2020, agus seirbhísí riachtanacha iompair á soláthar go slán sábháilte acu i gcúinsí a bhí thar a bheith dúshlánach.
- Nuair a thosaigh an scoilbhliain nua i mí Mheán Fómhair, d'iompair ár seirbhísí breis agus 114,000 leanbh ar scoil gach lá ar níos mó ná 7,000 bealach scoile chuig thart ar 2,500 scoil ar fud na tíre. Áiríodh leo sin breis agus 14,500 leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- 8,500 bealach scoile a bhí i gceist faoi dheireadh na bliana mar gheall ar riachtanais ó thaobh scaradh sóisialta agus méadú ar an éileamh ar sheirbhísí iompair don scoilbhliain nua.
- Tugadh faoi obair mhór agus babhtaí comhair lena chinntiú go raibh raon prótacal sábháilteachta nua i bhfeidhm le haghaidh thús na scoilbhliana nua lena n-áirítear acmhainn 50% ar gach bealach iarbhunscoile, rud nach raibh éasca.
- D'fhreagair ár gcóras náisiúnta teileafóin do chustaiméirí na seirbhíse iompair scoile 31,000 glao ina raibh ceisteanna ag daoine faoi thicéid agus faoin éiginnteacht maidir le hathoscailt scoileanna agus prótacail sábháilteachta.
- Phróiseáil an Chuideachta aisíocaíochtaí do níos mó ná 45,000 duine a bhfuil cuntas acu linn.

## Teicneolaíocht, Gradaim agus Cumarsáid

- Tugadh isteach Córas nua Teileamaitice Feithicle ar bhord na mbusanna, Mix Telematics, agus tá sé beartaithe críochnú á chur i bhfeidhm in 2021.
- Seoladh cainéal nua i gcomhair ticéad agus faisnéis do chustaiméirí, MyExpressway, i mí Feabhra 2021 le bealaí nua ceannaigh agus íocaíochta, áirithintí suíochán agus sochair eile do chustaiméirí.
- Bhí áthas ar Bhus Éireann an Gradam um Sheirbhís do Chustaiméirí a fháil ag na Gradaim um Shármhaitheas sa Ghnó 2020 (de chuid iris na hearnála poiblí, *The Public Sector Magazine*) as ucht seirbhísí riachtanacha taistil a choinneáil ar bun le linn na paindéime.
- Forbraíodh ár gcumas cumarsáide inmheánaí tuilleadh in 2020 trí fhostaí nua a earcú mar Bhainisteoir Sinsearach um Chumarsáid Chorparáideach.
- Sheol an Chuideachta feachtas nua i mí an Mheithimh, *Keeping Ireland Connected,* i gcomhpháirtíocht le Transport for Ireland (TFI) chun aird a dhíriú air go raibh a cuspóir á chomhlíonadh ag foireann Bhus Éireann trí naisc idir daoine agus na rudaí is ansa leo a choinneáil ar bun gach lá.
- Fuair Bus Éireann an-chlúdach sna meáin ar a thionscnaimh éagsúla a bhaineann le scoileanna, lena n-áirítear na haisíocaíochtaí ar sheirbhísí nár fhéad na leanaí leas a bhaint astu in 2019/2020.
- Bhí ríméad ar Bhus Éireann gurbh é a bhuaigh gradam na bliana 2020 i gcomhair Sármhaitheas ó thaobh Sláinte agus Sábháilteachta sa chatagóir iompair, lenar tugadh aitheantas do dhea-fheidhmíocht agus nuálaíocht i ndáil le sláinte agus sábháilteacht.



## Ceannaireacht agus Daoine

Anseo i mBus Éireann, bainimid éachtaí amach a bhuí lenár bhfostaithe iontacha agus le daoine eile a bhíonn ag obair i bpáirt linn: ár dtiománaithe, ár gcomhpháirtithe, agus gach duine a chuireann ar ár gcumas dúinn na custaiméirí a thabhairt chuig a gceann scríbe go slán sábháilte.

- In 2020, mar chuid de *Destination 2023*, bhain an Chuideachta amach 73% i gcoinne sprioc 58% inár gcuspóir straitéiseach maidir le ceannaireacht a fhorbairt ar gach leibhéal agus cultúr feidhmíochta a bhunú.
- Chuir Bus Éireann a chlár forbartha feidhmíochta, *Growth, Performance, Success (GPS)* i bhfeidhm dá Fhoireann Feidhmiúcháin, ag tógáil ar an taithí a bhí faighte ag na bainisteoirí ar an gclár sin an bhliain roimhe sin.
- Ag gradaim *Go the Extra Mile (GEM)* na Cuideachta, tugadh aitheantas foirmiúil do 350 fostaí as a gcuid oibre den scoth. Bhí gradaim áitiúla *GEM* i gceist leo sin freisin, ar cuireadh cian-imeachtaí ar bun chun freastal orthu.
- Ghin *BÉ Online*, ár n-ardán inmheánach meán sóisialta, leibhéil an-ard rannpháirtíochta fostaithe in 2020, tráth a raibh 2,392 úsáideoir gníomhach ann as an bhfoireann iomlán 2,700 duine.
- Maidir leis an suirbhé bliantúil *Have Your Say*, chuir 73% de na fostaithe spéis ann agus baineadh amach ráta rannpháirtíochta 60%. Méadú mór i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin a bhí i gceist leis an dá ráta sin.
- In ainneoin na paindéime, choinnigh Bus Éireann lena chuid iarrachtaí dul i bpáirt lena phobail agus rinne sé teagmháil dhíreach le 22 eagraíocht nó carthanas, idir phoiblí agus dheonach.
- Coinníodh le tiomantas na Cuideachta don Éagsúlacht agus Cuimsiú in 2020 tráth a raibh fostaithe ó níos mó ná 40 tír i measc ár bhfórsa saothair.
- D'fháiltigh Bus Éireann roimh ochtar tiománaí mná nua agus é ag obair chun tuilleadh ban a fhostú.
- Rinneadh Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh le roinnt ceardlann d'fhostaithe mná a d'óstáil an Fhoireann Ardcheannaireachta.

## Feidhmíocht Airgeadais

Rinneadh dochar do staid airgeadais na Cuideachta de bharr laghdú mór a tháinig ar a hioncam mar gheall ar na srianta sláinte poiblí agus an titim ghéar san éileamh ar sheirbhísí taistil.

- Rinneadh caillteanas (€9.2m) tar éis míreanna eisceachtúla (2019: Brabús €2.3m).
- B'ionann an Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh (TRÚCDA) agus (€6.1m) (2019: TRÚCDA €8.8m).
- B'ionann an láimhdeachas oibriúcháin i leith na bliana 2020 agus €284.8m (2019: €366.5m).
- Tháinig méadú 1.2% ar na costais phárolla agus costais ghaolmhara go €144.6m (2019: €142.9m).
- Ba é €3.2m an ghníomhaíocht infheistíochta (2019: €1.1m), gan maoine atá i seilbh CIÉ a áireamh.
- B'ionann glanluach chistí na scairshealbhóirí mar a luaitear sa chlár comhardaithe agus €6.8m (2019: €16.0m).
- Bhain Bus Éireann amach rátáil dearbhaithe 'Suntasach' (an rátáil is airde is féidir a bhaint amach) i leith Sheirbhísí OSP 2019 agus i leith an Chonartha um Oscailt Mhargadh na mBusanna i bPort Láirge, in iniúchtaí a rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair.




## Sármhaitheas i dtaobh Cúrsaí Oibriúcháin

Tá a thiomantas i leith sábháilteachta i gcroílár a oibríochtaí ag Bus Éireann agus ní raibh sé sin riamh níos tábhachtaí ná mar a bhí in 2020, mar gheall ar an bpaindéim COVID-19.

### Sábháilteacht

- D'fhormheas Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird plean freagartha leathnaithe, faoi Phlean Éigeandála na Cuideachta, ar an 6 Márta 2020.
- Chuathas i gcomhairle le go leor páirtithe leasmhara agus bhíothas ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Iompair, an Údarás Náisiúnta Iompair agus gníomhaireachtaí Stáit.
- Rud úrnua dúinn a bhí sa scála agus sa chastacht a bhain leis an bhfreagairt ar COVID-19, agus cuireadh i bhfeidhm go tapa raon leathan beartas, nósanna imeachta, gníomhartha sábháilteachta, athruithe ar fheithiclí agus ar shaoráidí, agus iniúchtaí san ionad oibre.
- Bhí ról lárnach ag fostaithe maidir leis na hathruithe sin a éascú agus a chur i bhfeidhm agus maidir le nósanna imeachta nua a chomhlíonadh chun féachaint chuige gur beag an baol a bhí ann go scaipfí an víreas san ionad oibre.
- Ní raibh aon ráigeanna COVID-19 san ionad oibre agus níor tuairiscíodh aon chásanna ionfhabhtaithe a bhain lenár seirbhísí in 2020.
- Ní bhfuair aon phaisinéir ná aon fhostaí bás i dteagmhas a bhain leis an obair in 2020.
- Tháinig laghdú 31% ar ráta na n-imbhuailtí i rith na bliana ar bhonn líonn na km a oibríodh.
- Tháinig laghdú 24% ar rátaí timpistí a tharla do phaisinéirí ar bhonn gach milliún paisinéir a iompraíodh ar bhusanna a d'oibrigh Bus Éireann féin.
- Bhí laghdú 41% tagtha ar éilimh nua ó thríú páirtithe ag deireadh na bliana.
- Rinne an Chuideachta aighneacht don Straitéis nua um Shábháilteacht ar na Bóithre 2021-2030, atá á tabhairt chun críche ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, chun an bus a chur chun cinn mar chóir iompair shábháilte.

- Ainmníodh an Chuideachta mar bhuaiteoir an ghradaim náisiúnta bhliantúil um Shármhaitheas i dtaobh Sláinte agus Sábháilteachta 2020 sa chatagóir Iompair.
- Rinne an Chuideachta iarratais ghrinnfhiosrúcháin a phróiseáil ó thart ar 8,000 iarratasóir. Sin méadú 80% ar iarratais ghrinnfhiosrúcháin a próiseáladh in 2019 mar gheall ar athsheiceáil agus mar gheall ar an Tionscadal um Scaradh Sóisialta ar sheirbhísí iompair scoile.

## Rioscaí

- Ardaíodh leibhéal riosca na paindéime chuig 'Príomhriosca' ar an gClár Riosca i mí an Mhárta agus cruthaíodh agus bainistíodh roinnt rioscaí eile a bhaineann le COVID-19 i rith na bliana.
- Tugadh chun críche iniúchadh inmheánach ar phróisis i rith na bliana.

## Maoin

- Thug foireann na saoráidí chun críche 51 tionscadal ar leithligh chun saoráidí a fheabhsú, lena n-áirítear ceithre thionscadal faoinar feabhsaíodh an rochtain ar stáisiúin, arna maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair i gCill Airne, Ros Láir, Trá Lí agus Port Láirge.
- Dámhadh conradh chun foirgneamh íosta Bhaile an Róistigh i Luimneach a athfhorbairt, agus déanfar an obair ina leith sin in 2021.

## Cúrsaí Comhshaoil agus Aeráide

- Rinne Bord Bhus Éireann straitéis inbhuanaitheachta nua a fhormheas i mí Lúnasa, *Driving Change* 2020-2030.
- Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí an caighdeán deimhnithe innill Euro VI (inneall níos glaine) ag 55% de fhlít feithiclí seirbhíse Bus Éireann.
- Baineadh triail as an chéad bhus hidrigine in Éirinn i rith na bliana, a raibh Bus Éireann, Bus Bhaile Átha Cliath, Hydrogen Mobility Ireland, CIÉ agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath páirteach inti.
- Cuireadh tús leis an aistriú chuig carranna agus veaineanna leictreacha don chuideachta (mar fheithiclí comhlachta) in 2020 nuair a tugadh 14 fheithicil leictreacha isteach sa fhlít. Tá sé ina sprioc 120 acu a bheith againn faoi 2025.
- D'úsáid an Chuideachta 274,312 MW fuinnimh san iomlán in 2020, sin laghdú 13.7% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Ba é iomlán astaíochtaí díreacha gás ceaptha teasa na Cuideachta ná 65.36 (míle $tCO_2e$), laghdaithe ó 76.54 (míle $tCO_2e$) in 2019.
- Tháinig feabhas 21% ar an éifeachtúlacht fuinnimh fhoriomlán sa Chuideachta (arna fhíorú ag Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann).
- Tháinig feabhas 20.3% ar ár bhfeidhmíocht fhoriomlán maidir le héifeachtúlacht fuinnimh idir an bhonnbhliain agus 2020.

## Teicneolaíocht

- Aistríodh níos mó ná 200 duine ón láthair laistigh de choicís mar gheall ar shrianta paindéime COVID-19 agus cuireadh i bhfeidhm an teicneolaíocht go léir a bhí de dhíth.
- Cuireadh i bhfeidhm líonra ardacmhainne gan sreang dár n-iostaí, rud a chuir ar ár gcumas dúinn ticéid a dhíol go cianda ar na busanna, agus CCTV, faisnéis suímh agus faisnéis tacagraif a chur ar fáil le feabhas ar cháilíocht na sonraí agus ar an tuairisciú ina leith.


Bus Éireann
429
An Caisleán
Riabhach
Oibriú ag
Operated by
Sb3
VB 407
VB 455

# Ráiteas ón gCathaoirleach



I gcúinsí a bhí millteanach deacair, d'éirigh le Bus Éireann seirbhísí riachtanacha a sholáthar go sábháilte nuair ba mhó a bhí gá leis na seirbhísí sin.

Díreach sular tháinig an ráig COVID-19, thuairiscigh Bus Éireann an méadú ba mhó ar líon na bpaisinéirí le breis agus deich mbliana anuas. Bhí brabús measartha maith déanta ag an gCuideachta agus bhí sochair an fhoráis agus an bhorrtha sin ag dul i bhfeidhm ar ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe agus ár bpáirtithe leasmhara ar fud na tíre. Bhí tús curtha leis an infheistíocht i seirbhísí, feithiclí, saoráidí agus poist nua, rud ba chúis mhór bhróid do na comhaltaí Boird agus don fhoireann agus pleananna á ndéanamh chun an forás a bhainistiú agus chun tabhairt faoin acmhainn úr.

Bliain neamhghnách ab ea 2020, áfach. I gcúinsí a bhí millteanach deacair mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, d'éirigh le Bus Éireann seirbhísí riachtanacha a sholáthar go slán sábháilte nuair ba mhó a bhí gá leis na seirbhísí sin. Ar go leor bealaí, creidim gur díol suntais amach is amach é an méid a bhain an Chuideachta amach in 2020 agus gur teist é ar ár n-éiteas seirbhíse agus ár dtiomantas. Ba mhaith liom mo mheas a léiriú ar an mBord, ar an bhfoireann feidhmiúcháin agus ar an bhfoireann, a thug faoin dúshlán go díograiseach dícheallach.

## 2020 – Bliain Neamhghnách

Go luath in 2020, dearbhaíodh gur phaindéim a bhí sa ráig choróinvíris COVID-19 a bhí tarlaithe, rud a chur stop tobann leis an ngnáthshaol – lena n-áirítear patrúin úsáide gach cineál seirbhíse iompair phoiblí. Pointe cinniúnach a bhí ann nuair a d'fhógair an Taoiseach an chéad bhabhta dianghlasála ar an 12 Márta, agus mar gheall air sin laghdaigh an t-ioncam breis is 90% laistigh de sheachtain amháin, agus an pobal ag cloí leis an gcomhairle a cuireadh orthu fanacht sa bhaile agus a gcuid gluaiseachtaí a shrianadh. Táim thar a bheith bródúil gur ghníomhaigh an Fhoireann Feidhmiúcháin agus an Bord chomh tapa, cinntitheach chun raon leathan beartas agus beart nua a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar an gcomhairle sláinte a cuireadh ar an bpobal chun ár bhfoireann agus ár gcustaiméirí go léir a chosaint ar fud an ghréasáin náisiúnta. Is gné lárnach de mhisean na Cuideachta iad an tsláinte agus an tsábháilteacht agus measaim gur tugadh daoine slán mar gheall ar na bearta sin.

Cé gur dúnadh an domhan, a beag nó a mhór, bhí an dúshlán fós ann freagairt don ghá a bhí ann aistir riachtanacha a choinneáil ar bun d'oibrithe cúraim sláinte agus oibrithe riachtanacha eile. Chinn an Bord tacú go diongbháilte leis an iarraidh ón Rialtas aistir riachtanacha a choinneáil ar bun, rud a rinne dochar do staid glansócmhainní na cuideachta agus a chothaigh brú mór airgid, ach ba é an rud ceart é dár gcustaiméirí agus dár bhfostaithe agus an cinneadh ceart sa ról atá againn féin mar chuideachta Stáit náisiúnta tráth na géarchéime sa tír seo.




## Neart an Chomhoibrithe agus na gComhpháirtíochtaí

Ar feadh 2020, chomhoibrigh Bus Éireann go fairsing le príomhpháirtithe leasmhara – na Ceardchumainn, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Iompair agus an Roinn Oideachais agus le CIÉ chun gníomhú láithreach ar bhonn na comhairle a d'eisigh an Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET) chun na bearta sábháilteachta poiblí a moladh a chur i bhfeidhm go tapa lena chinntiú go bhféadfaimis seirbhísí a choinneáil ar bun i gcomhair aistir riachtanacha. Agus i bhfad níos lú paisinéirí ann mar gheall ar an dianghlasáil, d'éirigh linn an t-éileamh ar sheirbhísí a bhainistiú agus na córais nua ghlantacháin, chosanta agus sláintíochta á gcur i bhfeidhm, mar aon leis an scaradh sóisialta a moladh.

Ag brath ar chúinsí ag amanna éagsúla, bhí tionchar mór ag déine na leibhéal dianghlasála ar an úsáid a baineadh as seirbhísí iompair phoiblí, agus bhí luaineacht idir níos mó ná 50% go 90% i gceist maidir le líon na n-aistear agus maidir leis an ioncam i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Sa chomhthéacs sin, bhí na comhráite dírithe ar dtús ar na bearta sláinte agus sábháilteachta i gcoinne an víris a chur chun feidhme go diongbháilte, agus ansin ar bhunchloch a leagan síos i dtaobh an ngnáthshaoil a bheadh romhainn feasta. Faoi Dheireadh Fómhair 2020, ba léir nach mbeimis ag filleadh ar an saol mar a bhíodh roimh an phaindéim, nuair a tháinig an dara ráig ionfhabhtuithe sa mhullach orainn. Chabhraigh neart ár gcomhoibrithe agus ár gcomhpháirtíochtaí leis na páirtithe leasmhara go léir linn cuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha níos leithne a bhaint amach, amhail cuidiú le pobail a choinneáil ceangailte le chéile, agus táimid dírithe anois ar fhéachaint chuige go mbeidh ár ngnó fós inbhuanaithe agus muid ag breathnú chun cinn, i saol ina mbeidh an éiginnteacht fós i réim sula dtiocfaidh an téarnamh.

## Inbhuanaitheacht na Seirbhísí Riachtanacha a Chinntiú

Is éagsúil an gnó atá faoinár gcúram mar gheall ar an réimse mór seirbhísí a chuirimid ar fáil ar fud na tíre go léir, ní hionann is aon chuideachta iompair eile in Éirinn. Chabhraigh níos mó ná 2,700 duine linn seirbhísí Bhus Éireann a sholáthar ar fud ár mbealaí Iompair Scoile, Tráchtála agus Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP), le tacaíocht ó na mílte duine eile atá fostaithe go hindíreach linn mar chonraitheoirí agus mar sholáthraithe.

Táim buíoch go háirithe dár mbaill foirne go léir a chomhoibrigh go héifeachtach le chéile chun ár gcustaiméirí agus a chéile a choinneáil slán sábháilte le linn na géarchéime seo. Rinneadh ceiliúradh mar is cóir ar ár bhfoireann túslíne ar fud na meán náisiúnta agus áitiúil agus, inár n-oifigí féin, chuaigh ár bhfoireann in oiriúint gan stró do chleachtais chianoibre nua lena chinntiú go leanfadh an gnó ag oibriú ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach. B'éigean cleachtais agus prótacail oibre a bheartú agus a leagan amach as an nua agus is mór an t-éacht ó thaobh na sábháilteachta é a thuairisciú nach raibh aon ráigeanna COVID-19 san ionad oibre ag Bus Éireann agus nár tuairiscíodh aon chásanna ionfhabhtaithe a bhain lenár seirbhísí in 2020. Tógfaidh sé tamall muinín na gcustaiméirí a chothú arís ach tá dóchas agam gur féidir téarnamh iomlán a bhaint

amach sna blianta amach romhainn, ach clár náisiúnta vacsaínithe a bheith againn a n-éireoidh go maith leis agus an diongbháilteacht agus an teacht aniar a bheith ann chun leanúint ar aghaidh ag infheistiú i seirbhísí iompair phoiblí agus sa nuálaíocht.

## Iompar Poiblí Sábháilte

Tá an Bord agus an Fhoireann Feidhmiúcháin meáite go fóill ar an gcóras iompair is sábháilte is féidir a bheith againn. Tá áthas orm a thuairisciú gur tháinig feabhas mór orainn in 2020 ar na slata tomhais sábháilteachta go léir maidir le himbhuailtí, timpistí a tharla do phaisinéirí agus timpistí a tharla d'fhostaithe. Táimid ag tnúth le cur leis na straitéisí atá faoi stiúir an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre le haghaidh *Vision Zero* agus cur chuige *Safe System*. Leanfaimid orainn ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir, agus muid ag cothú dlúthchaidreamh oibre leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus le páirtithe leasmhara eile chun na caighdeáin sábháilteachta a fheabhsú go leanúnach agus chun feasacht ar shábháilteacht a chothú i measc na foirne, na gcustaiméirí agus an phobail i gcoitinne.

Is comhlacht leathstáit muid a bhfuil an cuspóir againn, agus an sainchúram orainn, airgead a thuilleamh go seasta ar bhealach inbhuanaithe. Bhí an-áthas orainn gur tugadh isteach an feabhsúchán aonair is suntasaí ar sheirbhísí OSP mar chuid de bheart spreagthaí fioscach a d'fhógair an Rialtas i rith an tsamhraidh. Cuireadh seirbhísí nua ar an mbóthar i mBéal an Átha, Corcaigh, Droichead Átha, Dún Dealgan, an Uaimh agus Luimneach le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair. I dteannta leis sin, ghlacamar gníomh tapa cinntitheach freisin maidir le costais áirithe, gníomhaíocht neamh-mhaoinithe agus bealaí neamh-inbhuanaithe lena chinntiú go bhféadfaidh leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí ar fáil dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara araon san fhadtréimhse. Tugtar breac-chuntas i dtuarascáil na Stiúrthóirí ar an tionchar a bhí ag an laghdú mór ar éileamh ó phaisinéirí, agus ansin ag an srian acmhainne, agus ghlac an Bord na cinntí críonna a bhí de dhíth chun an Chuideachta a chosaint le linn na géarchéime seo, lena n-áirítear an cinneadh tarraingt siar ó cheithre bhealach Expressway. Glacadh an cinneadh sin chun caillteanais neamh-inbhuanaithe amach anseo a sheachaint agus seirbhísí a chosaint don 150 pobal eile atá fós ag brath ar sheirbhísí Expressway eile ar fud an ghréasáin.

Bhí tionchar tubaisteach ag an laghdú mór ar ioncam ar ár gclár comhardaithe agus bhí an baol ann nach mbeadh an Chuideachta in ann leanúint ar aghaidh i mbun gnó gan maoiniú agus tacaíocht ghéarchéime. Tháinig an tacaíocht sin trí idirphlé fairsing lenár bpáirtithe leasmhara, agus an Roinn Iompair ina measc. Chuir CIÉ, ár gcuideachta sealbhaíochta, tacaíocht riachtanach ar fáil ó thaobh leachtachta, agus fuaireamar maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh ioncaim a deonaíodh dár seirbhísí OSP agus Expressway. An maoiniú i leith Expressway, tacaíocht shealadach a bhí ann a cuireadh ar fáil do gach Oibreoir Bus Tráchtála.

Chuir an tacaíocht tráchtála ar ár gcumas dúinn costais an tsoláthair seirbhíse a aisghabháil ón uair a tháinig sí i bhfeidhm i mí Lúnasa 2020 ar feadh tréimhse tosaigh sé mhí, agus mar sin bhíomar in ann leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí ar fhormhór mór ár mbealaí Expressway. D'aontaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú a chur ar fáil chun gnóthaí conraitheoirí scoile a chosaint nuair a cuireadh iallach ar scoileanna dúnadh idir Márta agus Meitheamh, lenar cinntíodh go bhféadfaí leanúint leis an Scéim Iompair Scoile a fheidhmiú i mí Mheán Fómhair nuair a d'oscail na scoileanna arís. Mar gheall ar na cinntí sin go léir, leanadh ar aghaidh ag soláthar seirbhísí riachtanacha agus táimid buíoch as an treoir agus an tacaíocht ónar bpáirtithe leasmhara go léir le linn na géarchéime gan fasach. Ba é an toradh a bhí ar na bearta tacaíochta agus na cinntí sin a glacadh chun costais a bhainistiú agus maoiniú a fháil ná caillteanas -€9.2m in 2020 agus staid glansócmhainní €6.8m inár gclár comhardaithe. I bhfianaise scála ár ngnó, féachfaimid leis an gclár comhardaithe a neartú in 2021 trí athchaipitliú lena chinntiú go mbeidh an gnó i riocht níos láidre maidir le cobhsaíocht airgeadais agus fás inbhuanaithe amach anseo.

## Bealaí Inbhuanaithe Chun Cinn Aitheanta

B'éigean dúinn an luas a laghdú maidir le *Destination 2023* de bharr na paindéime COVID-19, ár bplean straitéiseach cúig bliana, ach tá áthas orm gur leanamar orainn ag aithint bealaí nua chun cabhrú linn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna) a bhaint amach faoi 2030, agus ag tabhairt fúthu. Tuigeann an Bord nach féidir moill a chur ar an aistriú i dtreo táirgeadh agus tomhaltas níos glaise go dtí go ndéanfar geilleagair a athbheochan. Leagadh amach tionscadail agus spriocanna uaillmhianacha an Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 agus sa Phlean Gnímh don Aeráid 2019, agus

in 2020, thosaigh Bus Éireann ar athrú ó bhonn faoina ndéanfar infheistíocht a leabú i dtéarnamh eacnamaíoch glas, uilechuimsitheach.

Tá Straitéis Inbhuanaitheachta nua glactha ag an mBord don chuideachta anois agus táimid ag tnúth leis an bplean fadtéarmach sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus lena thaispeáint conas a thacóidh Bus Éireann le Comhaontú Pháras agus na SFInna, ag dícharbónú ár seirbhísí iompair phoiblí agus ag laghdú an tionchair a bhíonn againn ar an gcomhshaol. In 2021, bunóimid fochoiste Boird nua a bheidh dírithe ar an Inbhuanaitheacht, chun maoirseacht agus treoir a sholáthar i dtaobh chur i bhfeidhm ár bpleananna. Is é an sprioc atá againn, mar chomhlacht poiblí, astaíochtaí $CO_2$ a laghdú 50% faoi 2030. Ina theannta sin, aithnímid go bhfuil feidhmiú ár bplean caipitil don fhlít feithiclí agus feidhmiú ár mbeartais nua bainistíochta fuinnimh agus ár mbeartais dramhaíola ríthábhachtach ionas go mbainfidh Bus Éireann amach na spriocanna faoin bPlean Gnímh don Aeráid.

Cuireadh fáilte roimh an infheistíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair chun athnuachan a dhéanamh ar an bhflít feithiclí, i gcomhair busanna hibrideacha díosail, leictreacha agus breosla-chille hidrigine. Tá toradh na hinfheistíochta sin faoi lán seoil anois: cuireadh orduithe isteach in 2020 agus beidh na busanna sin ar an mbóthar in 2021. Is infheistíocht mhór í seo agus fágfaidh an tionscnamh seo go mbeidh deiseanna ollmhóra le tapú i leith timpeallacht níos glaine agus níos glaise do na glúnta atá le teacht.

## Rialachas agus Rialuithe Neartaithe ar mhaithe leis an Téarnamh

Is fianaise i ndáil le tiomantas ár Stiúrthóirí agus na Foirne Feidhmiúcháin don obair mhaoirseachta é gur tionóladh os cionn 56 cruinniú, idir sceidealta agus speisialta, de chuid an Bhoird agus na gcoistí le linn 2020 chun aghaidh a thabhairt ar gach dúshlán a bhaineann leis an bpaindéim COVID-19.

Tá an Bord fós ag tabhairt tosaíochta do chur chuige i leith rialachas corparáideach atá bunaithe ar an dea-chleachtas agus ar rialáil agus treochtaí atá ag teacht chun cinn. Tá an Bord lántiomanta do chaighdeáin rialachais chorparáidigh i mBus Éireann a fheabhsú, agus in 2020 leanamar ar aghaidh ag neartú an chreata agus an chláir nua comhlíontachta agus rioscaí, a mbainfear leas astu in éineacht leis na rialuithe inmheánacha atá ann cheana.

In athbhreithniú a rinne an fhoireann iniúchóireachta inmheánaí in 2020, fuarthas go raibh Bus Éireann ag comhlíonadh Alt 225(3)(b) d'Acht na gCuideachtaí 2014, agus fuarthas go raibh gach alt ábhartha d'Acht na gCuideachtaí 2014 san áireamh i gClár Bhus Éireann um Oibleagáidí Ábhartha faoin Dlí Cuideachtaí 2020, agus á léirmhíniú againn. Sonraíodh sa tuarascáil go raibh socruithe nó struchtúir iomchuí i bhfeidhm chun dearbhú a thabhairt maidir le comhlíonadh na nOibleagáidí Ábhartha, agus go raibh fianaise ann go raibh na hoibleagáidí sin leabaithe i dtimpeallacht rialaithe na Cuideachta agus go raibh siad ag feidhmiú ar shlí éifeachtach.

## Téarnamh agus Feabhas

De réir mar a thagann geilleagair ar ais chucu féin tar éis na paindéime COVID-19, tá fadbhreathnaitheacht straitéiseach níos tábhachtaí ná riamh. Tá an domhan níos cleachtaí ar rioscaí ach tá deis le tapú ag an gcuideachta anois, agus muid ag fanacht go mbeidh na vacsaíní faighte ag an bpobal, i dtaobh cur chuige nua a ghlacadh.

In éineacht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, déanfaimid an chothromaíocht a athrú ó bhainistiú a dhéanamh ar thionchar COVID-19 agus ar an gcrapadh eacnamaíoch agus na bagairtí a ghabhann leis, go dtí deiseanna nua a thapú atá níos bunúsaí agus níos luachmhaire dár sochaí, dár ngeilleagar agus don chomhshaol.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo Chomhstiúrthóirí as a ndíograis den scoth agus a mheáite a bhíonn siad maidir le dul i ngleic leis an iomaí dúshlán a bhí le sárú de bharr na paindéime, agus as cuidiú liom plean nua a ullmhú in éineacht leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus baill foirne eile.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire, leis na Ranna, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus le CIÉ as a dtacaíocht leanúnach gan staonadh do Bhus Éireann. Táimid go léir i bpáirt le chéile ag obair chun téarnamh agus feabhas a bhaint amach.

**Aidan Murphy**
*Cathaoirleach*

# Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach



Bhí teacht aniar den scoth le sonrú i leith na cuideachta in 2020 agus caithfidh mé meas a léiriú ar gach duine dár bhfoireann agus buíochas a ghabháil leo.

## An Scéal is Nuaí ón bPríomhfheidhmeannach

Go luath i mí an Mhárta 2020, d'fhreastail mé ar an gcéad sheisiún faisnéise i dTithe an Rialtais a thionóil Príomhoifigeach Leighis an Stáit. Ba é cuspóir an tseisiúin faisnéise sin, agus iad siúd a tháinig ina diaidh, ná mór-eagraíochtaí poiblí a chur ar an eolas go raibh paindéim dhomhanda ag tarlú agus go mbeadh bearta cosanta éigeandála ag teastáil. Bunaíodh ár bhfoireann féin um Fhreagairt do COVID-19 mar thoradh air sin. Meitheal oibre thrasfheidhmiúil inmheánach atá i gceist, a bunaíodh chun an chomhairle sláinte poiblí go léir a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go gcloífí léi chun ár gcustaiméirí agus ár mbaill foirne a chosaint.

Faoi dheireadh na bliana, bhí tionchar na paindéime soiléir: bhí ioncam scriosta aige, bhí patrúin iompraíochta comaitéireachta agus cleachtais oibre athraithe aige agus bhí freagairt éigeandála lánaimseartha ar bun laistigh de Bhus Éireann chun ár gcórais agus ár bprótacail sábháilteachta a oiriúnú go leanúnach, lena chinntiú go mbeadh ár gcustaiméirí agus ár bhfoireann ar an eolas i gcónaí agus go gcoinneofaí chomh sábháilte is a d'fhéadfaí iad.

Mar gheall ar an tuiscint a bhí againn go léir nach bhfacthas géarchéim mar seo roimhe seo, is cinnte gur neartaigh an phaindéim an comhar agus na comhpháirtíochtaí lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, lenár gcustaiméirí, lenár bhfoireann agus lena gceardchumainn. Gné lárnach i leith gach birt a rinneamar a bhí sa chur chuige aontaithe i dtaobh sábháilteachta agus leanúnachas gnó, agus ba chúnamh a bhí sa mhéid sin ó thaobh a chinntiú go gcuirfí feasacht, faisnéis agus cinntí chun cinn ar bhealach a raibh teacht aniar mór i gceist leis. Cé nach bhfuil deireadh go fóill le hiarmhairtí iomlána COVID-19 dár ngeilleagar agus dár sochaí, táim thar a bheith bródúil go bhfuil na hoibrithe túslíne agus na hoibrithe cúloifige fós ag freagairt go cróga do ghlao an Rialtais i dtaobh seirbhísí a choinneáil ar an mbóthar d'aistir riachtanacha agus an ceangal idir pobail agus muintir na tíre a chothú.

## Ag Fanacht ar an mBóthar i dtreo *Destination 2023*

Bhuail an ghéarchéim éigeandála an gnó go crua in 2020, ach leanamar ar aghaidh ag dul chun cinn agus ag déanamh cinntí chun an chuideachta a chur sa riocht is go n-éireodh léi san fhadtréimhse trí go leor gnéithe dár bplean straitéiseach cúig bliana, *Destination 2023*, a chur i bhfeidhm.

## Na Cuspóirí Straitéiseacha atá againn

| | | 2019 | 2023 |
|---|---|---|---|
| 01 | Plean a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun eispéireas custaiméirí den scoth a bhaint amach ag gach pointe tadhaill | Iarbhír 87% | Sprioc 90%+ |
| 02 | Ceannaireacht a fhorbairt ar gach leibhéal agus cultúr feidhmíochta a bhunú ionas gur áit iontach muid le bheith ag obair | Iarbhír 53% | Sprioc >70% |
| 03 | A chinntiú go ndéantar cistiú iomlán ar Bhus Éireann anois agus feasta, lena gclúdófar riachtanais oibriúcháin agus riachtanais ó thaobh caiteachas caipitil, agus lena gcuirfear ar ár gcumas dúinn brabús a dhéanamh ag teacht leis na spriocanna atá leagtha síos i leith gach ceann dár ngnóthaí | Iarbhír €2.2m | Sprioc €4.7m |
| 04 | Sármhaitheas oibríochta a bhunú ar fud na bpróiseas gnó go léir chun feidhmíocht shábháilte, iontaofa, thráthúil a bhaint amach i leith na seirbhísí go léir | Iarbhír 59% | Sprioc 90%+ |

Agus ár bhfoireann ceannaireachta nua bunaithe le beagán os cionn bliana, leanamar ag dul chun cinn ó thaobh chuspóir, aidhm, luachanna agus fís Bhus Éireann, chun cabhrú linn caidreamh láidir a chothú lenár bhfostaithe agus ár bpáirtithe leasmhara go léir. Toisc go rabhamar go léir ar aon intinn maidir leis an bhfís nua sin don am atá le teacht, d'éirigh linn ár gcuspóirí cothromaithe a bhaint amach ó thaobh eispéireas na gcustaiméirí, soláthar seirbhísí, inbhuanaitheacht airgeadais agus ár bhfostaithe, agus tuairisciú i leith na gcuspóirí sin. Mar gheall ar an ailíniú soiléir agus an gcuntasacht i dtaobh na spriocanna sin a bhaint amach, bhíomar in ann comhráite trédhearcacha faoi stiúir feidhmíochta a bheith againn a chabhraigh leis an gcuideachta go leor dár bpríomhspriocanna a bhaint amach i gcúinsí a bhí an-dúshlánach, cúinsí a bhféadfadh deireadh a bheith curtha leis an ngnó acu murach an tacaíocht ón Rialtas.

## I dTreo Inbhuanaitheacht Airgeadais

Chomh maith leis an gcaillteanas mór ioncaim, tabhaíodh costais mhóra bhreise chun seirbhísí riachtanacha a oibriú, amhail trealamh cosanta pearsanta, glanadh agus sláintíocht d'fheithiclí, stáisiúin agus oifigí. Chabhraigh na bearta sin lena chinntiú nach raibh ráig ar bith COVID-19 san ionad oibre anuraidh. In 2020, tabhaíodh beagnach €6.9m de chostais ghlantacháin bhreise, agus mhaoinigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair nó an Roinn Oideachais agus Scileanna 95% díobh go díreach i leith Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí (OSP) agus seirbhísí na Scéime Iompair Scoile faoi seach.




Laghdaíodh **seirbhísí OSP** go tráthchlár Sathairn trí chomhaontú leis an Údarás Náisiúnta Iompair sa chéad tréimhse dianghlasála, rud a chuidigh go mór linn saoire bhliantúil a éascú agus a spáráil airgead maidir le breosla agus busanna ar cíos. Nuair a méadaíodh an acmhainn ó 25% go 50% i rith an tsamhraidh leis an athrú ar na rialacha maidir le scaradh sóisialta, cuireadh an tráthchlár iomlán ar bun arís agus leanadh leis sin go dtí deireadh na bliana. Cuireadh fáilte mhór roimh an gcinneadh a rinne an Rialtas cúiteamh a dhéanamh ar an gcaillteanas ioncaim tríd an Údarás Náisiúnta Iompair i leith gach conradh Dírdhámhachtana, mar aon le fógra faoi spreagadh fioscach as ar eascair seirbhísí nua OSP a cuireadh i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana, agus bhí sé ríthábhachtach i ndáil lena chinntiú nach é amháin gur coinníodh seirbhísí OSP ar an mbóthar, ach gur cuireadh feabhas orthu.

Tar éis don Rialtas na scoileanna a dhúnadh, chinn an Roinn Oideachais agus Scileanna an Scéim Iompair Scoile a mhaoiniú. Íocadh 50% de na rátaí conartha leis na conraitheoirí lena chinntiú go bhféadfaí seirbhísí a thosú arís i mí Mheán Fómhair nuair a bheadh na scoileanna ar oscailt arís. I mí Dheireadh Fómhair 2020, mar thoradh ar chinneadh ón Rialtas lena chinntiú go bhféadfaí scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm ar Sheirbhísí Iarbhunscoile, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna suas le €135m chun beagnach 1,700 seirbhís bus breise ar conradh a eagrú don scoilbhliain 2020/21. Ba chasta an rud é pleanáil agus sceidealú a dhéanamh le haghaidh cleachtadh lóistíochta den sórt sin ar ghearrfhógra sa ráithe dheireanach den bhliain, ach is fianaise é an méid a baineadh amach ina leith sin ar na scileanna oibríochta iontacha atá ag an gcuideachta.

Tabhaíodh caillteanais mhóra i leith **seirbhísí Expressway** mar gheall ar mhórchaillteanas ioncaim sa tréimhse sular cuireadh an tacaíocht shealadach ar fáil i mí Lúnasa 2020. Cuireadh tacaíocht ar fáil faoin Dírdhámhachtain d'Oibreoirí Bus Tráchtála, a dheonaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar feadh sé mhí, agus tháinig an tacaíocht sin in am le go bhféadfaí seirbhísí riachtanacha a choinneáil ar bun, go háirithe ós rud é gur lean seirbhísí Expressway ar aghaidh ag freastal ar níos mó ná 30 ospidéal ar fud na tíre cé gur chuir breis is 80% de na hoibreoirí bus tráchtála príobháideacha a gcuid seirbhísí ar fionraí nuair a thosaigh an phaindéim.

Níor cháiligh dhá bhealach do thacaíocht airgeadais shealadach ar bith – Baile Átha Cliath-Béal Feirste (X1) agus Gaillimh-Aerfort na Sionainne (X51) – chinn an Bord deireadh a chur leis na bealaí sin agus cuireadh an cinneadh sin i bhfeidhm i Meán Fómhair 2020. An tráth céanna, rinneadh plean a fhormheas faoinar tacaíodh le comhdhlúthú ghréasán Expressway ó 18 mbealach go 14 bhealach, cinneadh a bhí bunaithe ar dheireadh a chur le bealaí a raibh airgead á gcailliúint ina leith chun téarnamh níos inbhuanaithe a chinntiú agus leanúint ar aghaidh leis na seirbhísí eile. Chun fás a chur chun cinn, dhearbhaigh cinneadh an Bhoird tiomantas a bhí tugtha roimhe sin maidir le 30 feithicil a cheannach (a ordaíodh sular thosaigh an phaindéim), mar aon leis an tiomantas i dtaobh caipiteal chun an tionscadal nua ticéadaithe a chur chun cinn i gcomhair Expressway. Rud a bhí ríthábhachtach, bhí clár chun gearradh siar ar chostais i gceist faoi chinneadh an Bhoird, i leith forchostais thréigthe agus forchostais neamhphá a bhain le dúnadh na gceithre bhealach. Tá sé sin san áireamh i mbuiséad 2021 dár gcuid anois agus é curtha i ngníomh ag an lucht bainistíochta.

An cinneadh a rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair brabús réasúnta a dhámhachtain, an cinneadh a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí leanúint ar aghaidh ag maoiniú na Scéime Saorthaistil, agus an t-aitheantas go raibh Bus Éireann incháilithe don Scéim Fóirdheontais Pá Fostóra, léiríodh leo sin ar fad tiomantas an Rialtais fostaíocht a chosaint agus seirbhísí a choinneáil ar bun i gcúinsí eisceachtúla na paindéime. Ba é toradh na ngluaiseachtaí sin gur laghdaíodh glansócmhainní ó €16.0m go €6.8m, agus caillteanas -€9.2m tabhaithe ag an ngnó i leith na bliana. Ba iad na seirbhísí tráchtála a thabhaigh formhór mór na gcaillteanas sin, toisc nach raibh fóirdheontas ná tacaíochtaí rialtais á bhfáil acu sa tréimhse go dtí Iúil 2020. Fáiltímid roimh an gcinneadh an Dírdhámhachtain Tráchtála a leathnú go 2021 agus roimh thacaíochtaí eile a chuideoidh linn costais riachtanacha a chlúdach fad a bheidh na vacsaínithe á riaradh agus a dtiocfaidh téarnamh chun cinn sa mhargadh. Tá na cinntí sin ríthábhachtach i dtaobh inbhuanaitheacht airgeadais an ghnó agus soláthróidh siad bunús níos láidre chun an gnó a athchaipitliú in 2021 agus lena chinntiú go leanfaidh an téarnamh ar aghaidh.

## Ag Cloí le Gealltanais i leith Soláthar Seirbhíse agus Eispéireas Custaiméirí

D'fhéadfadh sé gur ghá bogadh i dtreo sceideal ama difriúil le haghaidh roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta chun buaicuaireanta comaitéireachta a dháileadh agus an t-éileamh a bhainistiú níos fearr i bhfíor-am mar gheall ar an ngá práinneach atá ann spásanna sábháilte a chruthú do phaisinéirí agus d'oibrithe iompair agus muinín as ár gcuid seirbhísí a chothú san fhadtréimhse. In 2020, chonaiceamar laghdú -90% ag teacht ar líon na n-aistear a rinne paisinéirí i dtosach, feabhas arís go dtí -50% faoin samhradh nuair a maolaíodh na rianta, agus ansin laghdú eile sa dara cuid den bhliain go -80% nuair a cuireadh srianta taistil i bhfeidhm arís.

Le linn na tréimhse sin, cuireadh chun feidhme os cionn 99% de na seirbhísí sceidealta tráth a raibh tinreamh an-mhaith ag ár mbaill foirne, agus coinníodh leis an tiomantas atá againn seirbhísí a sholáthar. Cuireadh bearta fairsinge i bhfeidhm chun an chomhairle sláinte poiblí a chomhlíonadh ar mhaithe le seirbhís shábháilte chuimsitheach a sholáthar, agus áiríodh leis na bearta sin:

- Suíocháin a chur as feidhm chun scaradh sóisialta a chinntiú fad a bhíonn paisinéirí ina suí.
- Srianta acmhainne curtha i bhfeidhm de réir na comhairle sláinte poiblí – srian 50% i Leibhéal 3 agus 25% i Leibhéal 5.
- Iarradh ar na custaiméirí cloí leis an scaradh sóisialta agus iad sa scuaine le haghaidh ticéid nó ag dul ar an mbus.
- Spreagtar custaiméirí chun íoc gan airgead tirim nó chun ticéid a chur in áirithe ar líne.
- Tá fógraí taifeadta ar na busanna agus sna stáisiúin faoi na treoirlínte sláinte poiblí maidir le gan seirbhísí iompair phoiblí a úsáid ach le haghaidh aistir riachtanacha.
- Glanadh laethúil taobh istigh. Glanadh breise ar phointí tadhaill sna feithiclí lena n-áirítear ráillí láimhe, an roth stiúrtha, cnaipí agus criosanna sábhála laistigh de limistéar an tiománaí.
- Glanadh na bpointí tadhaill idir aistir lena n-áirítear na cnaipí ar na meaisíní fad a bhíonn busanna i mbun seirbhíse.
- Dáileoirí díghalráin lámh suiteáilte ag na príomhstáisiúin bus do na custaiméirí.
- Dáileoirí díghalráin lámh á suiteáil ar gach feithicil do na paisinéirí.
- Cuirtear ceirtíní agus lámhainní ar fáil don fhoireann chun an spás oibre a ghlanadh.
- Bearta sláintíochta san ionad oibre agus/nó san fheithicil má tharlaíonn teagmhas.
- Scáileáin chosanta pheirspéacs is féidir a fhilleadh siar feistithe i limistéar an tiománaí chun tiománaithe a chosaint nuair a bhíonn paisinéirí ag dul ar an mbus nó ag tuirlingt ón mbus.
- Maisc aghaidhe curtha ar fáil don fhoireann go léir.
- Moltar do thiománaithe teagmháil a dhéanamh le hIonaid Rialaithe oibriúcháin chun teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis ábhartha más rud é nach gcomhlíonann custaiméirí na treoirlínte.
- Stáisiúin sláintíochta suiteáilte ag gach ionad oibre agus iad feistithe le díghalrán lámh agus ceirtíní díghalraithe.
- Scáthláin aghaidhe curtha ar fáil do thiománaithe le húsáid nuair nach mbíonn siad ag tiomáint.

In 2020, rinneamar an-dul chun cín ó thaobh poncúlachta: tháinig méadú ar an bponcúlacht ar fud an ghréasáin ó 59% in 2019 go 68% in 2020. Tharla cuid den fheabhas sin mar gheall ar an laghdú ar an mbrú tráchta ar na bóithre, ach ba é ba chúis leis den chuid is mó tráthchláir fheabhsaithe agus bainistíocht níos fearr ar ár bpróifílí seirbhíse. Ba iad seirbhísí Chathair Phort Láirge an gréasán áitiúil is fearr a d'fheidhmigh agus bhí leibhéal poncúlachta os cionn 90% aige ar feadh cuid mhaith den bhliain. Thuill sé íocaíochtaí bónais faoin gConradh um Oscailt Mhargadh na mBusanna atá á fheidhmiú ag Bus Éireann thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair. Ba mhaith liom ár bhfórsa saothair a mholadh – ní hé amháin go ndeachaigh siad in oiriúint do chúinsí athraithe ach thug siad seirbhísí nua isteach anuas air sin.

Táimid tiomanta do chóras iompair phoiblí a bheith againn a bhfuil lánrochtain air agus leanaimid orainn ag díriú ar a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí inrochtana. Aithnímid go bhfuil infheistíocht leanúnach ag teastáil, ní amháin sna feithiclí ach sa bhonneagar fisiceach agus sa bhonneagar closamhairc ar fud na hÉireann. Ar an iomlán, tá 90% dár bhflít iomlán feithiclí agus 100% dár bhflít feithiclí cathrach agus baile oiriúnach do chathaoireacha rothaí anois agus in 2020 chomhlíonamar 98% d'orduithe a cuireadh isteach d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Táimid ag coinneáil leis an misean atá againn an tseirbhís a fheabhsú ionas go mbeidh gach feithicil inrochtana amach anseo.

Shínigh ár mBord Cairt nua do Chustaiméirí, faoina dtugtar aitheantas do na hiarrachtaí atá ar bun againn ár gcuspóir a chomhlíonadh i dtaobh feabhas leanúnach, agus faoina gcuirtear dlús leis na hiarrachtaí sin. Ár bhfeidhmíocht maidir leis na tiomantais atá leagtha amach sa Chairt a chomhlíonadh, déantar í a iniúchadh go neamhspleách gach ráithe agus déantar athbhreithniú leanúnach ar na gealltanais lena chinntiú go mbeidh cuspóirí réalaíocha, dúshlánacha fós á léiriú acu, cuspóirí ar féidir linn ár n-iarrachtaí a dhíriú orthu. Sa Suirbhé Custaiméirí a rinneamar, léiríodh go raibh 87% de na custaiméirí sásta leis an soláthar seirbhíse uainn, feabhas +3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus toradh lena dtugtar níos gaire muid dár sprioc in *Destination 2023* rátáil sástachta 90% ar a laghad a bhaint amach i ngach suirbhé.

Rud is ríthábhachtach, leanamar orainn le bearta nuálaíochta agus oiriúnaithe le linn 2020. Maidir lenár seirbhísí Iompair Scoile, thugamar bearta isteach lena chinntiú go bhfuil an scaradh sóisialta á chur i bhfeidhm agus i mí Dheireadh Fómhair chuireamar tús le próiseas soláthair chun breis agus 2,300 seirbhís nua a chur ar conradh lena chinntiú go bhféadfaimis seirbhísí a sholáthar do leanaí iarbhunscoile, agus an scaradh sóisialta i bhfeidhm mar aon leis an srian acmhainne 50%. Thugamar isteach córas nua leithdháilte suíochán chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil agus tógfaimid ar an ardán teicneolaíochta seo níos mó in 2021.

Rinneamar tástáil ar ár gcóras ticéadaithe nua le haghaidh Expressway agus chuireamar tús leis na chéad trialacha ar an Ticéadú Móibíleach ar Bhealach 133 idir Baile Átha Cliath agus Cill Mhantáin i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Leis na tionscnaimh theicneolaíochta sin agus le baint amach an fheabhais intomhaiste i leith na príomhslata tomhais atá againn i ndáil le custaiméirí, leagtar béim ar an iarracht leanúnach atá ar bun againn a bheith ar an gcuideachta iompair is dírithe ar an gcustaiméir in Éirinn.

Leanann an Bord air ag cinntiú nach gcuirfear i mbaol go deo caighdeáin agus iompraíocht maidir le sábháilteacht agus leis an dea-chleachtas. In 2020, tugadh aitheantas dúinn as ár gcaighdeáin sábháilteachta tráth ar bhuamar Gradaim Náisiúnta Sámhaitheasa maidir le Sláinte agus Sábháilteachta 2020 sa chatagóir Iompair agus táim bródúil go ndearnamar dul chun cinn ar fud scálaí tomhais sábháilteachta, lena n-áirítear básanna, ráta imbhuailtí agus rátaí timpistí i measc paisinéirí, a bhuí leis an gcultúr láidir sábháilteachta atá againn.

Tháinig feabhas ar aois agus cáilíocht ár bhfeithiclí chomh maith, a bhuí le maoiniú a fuarthas ón Údarás Náisiúnta Iompair do 51 bus OSP nua le linn 2020. Ina theannta sin, leanamar ag infheistiú in Expressway agus tháinig an chéad bhus chomh fada linn as an ordú 30 cóiste idirchathrach nua a d'fhormheas an Bord in 2019. Ba é sin an chéad bhabhta ceannacháin i gcomhair Expressway ón mbliain 2015.

## Neart ar an Rannpháirtíocht lenár nDaoine

Is é ár gcuspóir é cur leis an teagmháil a bhíonn againn leis na baill foirne go léir, cultúr a chur chun cinn ina bhfuil meas ar an bhfeidhmíocht i ndáiríre, agus na dálaí a chothú a fhágann gur áit iontach agus áit thaitneamhach oibre é Bus Éireann.

Leanadh den earcaíocht ar fud na heagraíochta agus toisc gur leathnaíodh na seirbhísí tháinig 213 fostaí nua ag obair linn in 2019. Tá sé le sonrú go bhfuil borradh faoin éagsúlacht sa chuideachta: cuimsítear lenár bhfostaithe daoine ó 40 tír éagsúil agus bímid fós ar ár ndícheall ag iarraidh an chothromaíocht inscne a fheabhsú.




Sa phictiúr: Rhonda Byrne, tiománaí le Bus Éireann in iosta na Cloiche Leithne ag seoladh an bhirt feabhais is mó i dtaobh sheirbhísí Bus Éireann le níos mó ná 15 bliana anuas

D'ainneoin na paindéime, lean Bus Éireann ar aghaidh ag cloí le Moladh a rinne an Chúirt Oibreachais i mí Mheán Fómhair 2019 inar leag sí amach ardú pá 7.75% thar trí bliana. Leis an ardú pá sin, cinntítear go mbeidh Bus Éireann ina fhostóir iomaíoch agus go mbainfear amach príomhspriocanna táirgiúlachta, rud is gné ríthábhachtach dár straitéis inbhuanaitheachta airgeadais. Leanann an lucht bainistíochta orthu ag obair leis na Ceardchumainn ar bhealach dearfach, comhoibritheach chun borradh a chur faoin ngnó, poist nua a chruthú agus cothromaíocht réasúnta a bhaint amach idir an obair agus an saol ar mhaithe le leas na cuideachta agus na gcustaiméirí a mbímid ag freastal orthu.

In 2020, bhaineamar leas iomlán as *BÉ Online*, ár n-ardán cumarsáide inmheánach ar líne. Thugamar gealltanas nuacht agus tuairisciú rialta, comhsheasmhach a sholáthar agus chur in iúl go raibh teorainn leis an eolas a bhí againn ag aon am faoi leith, agus chinntíomar i gcónaí gur léir go raibh an chomhairle sláinte poiblí agus na treoirlínte a d'eisíomar don fhoireann ag teacht le chéile.

In ainneoin dúshláin mhóra na bliana, léirigh torthaí an tsuirbhé a rinneamar ar rannpháirtíocht fostaithe, *Have Your Say*, rannpháirtíocht níos fearr lenár bhfórsa saothair go léir.

Gné ríthábhachtach d'aon tionscal seirbhíse is ea an t-aitheantas, agus is amhlaidh atá freisin inár gcás féin. I mbliana, tá ríméad orm gur dhíríomar go tréan ar chultúr feidhmíochta a fhorbairt lenár ngradaim *Go the Extra Mile (GEM)*. Tugadh aitheantas do bhreis is 350 duine atá ag obair linn as an gcion den scoth a rinneadar in 2020.

Chun cultúr nua feidhmíochta a chothú, chuireamar ár gcreat bainistíochta feidhmíochta *fáis, feidhmíochta, agus ratha* i bhfeidhm ar fud ár bhFoireann Feidhmiúcháin go léir.

## COVID-19 agus Forbhreathnú Romhainn

Mhúin an phaindéim COVID-19 ceachtanna tábhachtacha dúinn faoin gcaoi a bhfreagraíonn an pobal domhanda do ghéarchéim. Anseo i mBus Éireann, tá roinnt samplaí suaithinseacha againn den diongbháilteacht, den chomhoibriú agus den nuálaíocht, agus chuir an chuideachta feabhas ar ár bpróisis, ár gcumas agus ár gcultúr, rud a bheidh fíorluachmhar chun díriú ar riachtanais ghnó eile amach anseo. Bhí teacht aniar den scoth le sonrú sa chuideachta in 2020 agus ba mhaith liom mo mheas a léiriú ar gach duine dár bhfoireann agus buíochas a ghabháil leo.

Bhí ár seirbhísí á soláthar againn trí leibhéil éagsúla srianta agus bhí tionchar aige sin ar staid airgeadais na cuideachta. Cuid lárnach den straitéis atá ag Bus Éireann is ea sócmhainneacht an chláir chomhardaithe a neartú trí athchaipitliú a dhéanamh i rith mhíonna an fhómhair 2021. Roimhe sin, tá áthas orm go bhfuil na páirtithe leasmhara tiomanta do thacú le téarnamh costais na seirbhísí a sholáthraítear do Sheirbhísí OSP agus Seirbhísí Scoile. Maidir lenár seirbhísí tráchtála, beimid ag brath ar thacaíocht go dtí an téarnamh agus fáiltímid roimh shíneadh tosaigh ar an gConradh reatha OBT (Oibreoirí Busanna Tráchtála) go dtí Aibreán 2021 agus an deis atá le tapú i dtaobh téarnamh costais breise ar feadh suas le trí mhí ina dhiaidh sin, ó mhí go mí.




Ar an lámh eile, rud dearfach is ea é gur léirigh an fhoireann iomlán tiomantas agus solúbthacht, agus go rabhadar dírithe ar ár luachanna corparáideacha lena n-áirítear sábháilteacht agus comhoibriú. Léirigh ár bhfoireann tiomantas ollmhór maidir le seirbhís shábháilte a sholáthar do chustaiméirí a raibh géarghá acu le Bus Éireann chun taisteal chuig ionaid leighis, chun aistir riachtanacha a dhéanamh, agus chun fostaithe túslíne a thabhairt chuig a n-ionaid oibre in earnálacha an chúraim sláinte, an mhiondíola agus an táirgthe bia.

Bhíomar ag obair go crua i ndlúthpháirt le CIÉ, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le páirtithe leasmhara eile chun réitigh a aithint lena chinntiú go mbeadh na seirbhísí OSP, seirbhísí Expressway agus na seirbhísí scoile cobhsaí. Bhí bearta éagsúla i gceist ansin: maoiniú breise don Chonradh Dírdhámhachtana, Conradh Dírdhámhachtana nua d'Oibreoirí Bus Tráchtála a chomhaontú leis an Údarás Náisiúnta Iompair i leith ár seirbhísí Expressway go dtí Aibreán 2021, agus maoiniú mór breise a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun tacú le feidhmiú sábháilte na Scéime Iompair Scoile.

Táimid buíoch dár bpáirtithe leasmhara go léir as ucht na tacaíochta sin. Táimid ag díriú anois ar shaol níos faide anonn ná COVID-19 agus táimid dírithe i gcónaí ar an gcuspóir bunúsach a bheith inár gcuideachta iompair níos láidre, a sholáthraíonn luach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil don Stát agus ar mó an teacht aniar atá inti.

Táim féin agus an fhoireann ardbhainistíochta ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag treorú na cuideachta agus ag déileáil leis na dúshláin atá le sárú againn faoi láthair. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis na hAirí, leis na Ranna Rialtais, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le CIÉ agus go háirithe lenár mBord chun ár bplean straitéiseach '*Destination 2023*' a chur i bhfeidhm. Leanfaimid orainn ag soláthar gréasán seirbhísí gan sárú ar fud na hÉireann, agus táim ag tnúth le bheith páirteach san fhás agus sna deiseanna nua sa tréimhse deich mbliana atá romhainn.

**Stephen Kent**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin


401 Salthill
Transport for Ireland
Connecting your transport services
Bus Éireann
Bus Éireann
151-G-2261

# Inbhuanaitheacht

## I dTreo Saol Inbhuanaithe 2020-2030

D'fhormheas Bus Éireann Straitéis Inbhuanaithe *Driving Change* 2020-2030 nua i mí Lúnasa na bliana seo caite agus seoladh go poiblí í in 2021. Tá an straitéis nua bunaithe ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe agus tá sí ailínithe le cuspóirí *Destination 2023* na Cuideachta.

Leagtar amach sa straitéis nua pleananna na Cuideachta chun spriocanna dúshlánacha inbhuanaitheachta a bhaint amach idir seo agus 2030 i sé phríomhréimse:

- Gníomhaíocht ar son na hAeráide
- Tomhaltas agus Dramhaíl
- Cathracha agus Pobail
- Oideachas agus Comhionannas
- Obair Chuibhiúil, Shábháilte
- Comhpháirtíochtaí

### Gníomhaíocht ar son na hAeráide

Agus a straitéis inbhuanaitheachta nua á forbairt aige, tá Bus Éireann fós tiomanta do chuspóirí agus spriocanna an Stáit maidir leis an athrú aeráide agus éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus a bheith ina eiseamláir sa réimse sin. Tháinig feabhas arís ar ár bhfeidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh in 2020 agus bhaineamar amach deimhniú bainistíochta fuinnimh ISO50001.

Mar chuid de na gealltanais nua atá tugtha againn, tá an Chuideachta ag breathnú ar chomhdhéanamh a flít feithiclí agus ní chuirfear aon bhusanna a ritheann ar dhíosail amháin le bealaí uirbeach tar éis 2020. Cuireadh tús le hinfheistíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair chun athnuachan a dhéanamh ar an bhflít feithiclí, i gcomhair busanna hibrideacha díosail, leictreacha agus breosla-chille hidrigine, le horduithe a cuireadh isteach in 2020. Beidh na busanna sin ar an mbóthar in 2021. Tá sé ina chuspóir againn laghdú 50% eile a bhaint amach ar astaíochtaí carbóin sna 10 mbliana amach romhainn.

### Tomhaltas agus Dramhaíl

Déanann Bus Éireann a dhícheall a thionchar ar an gcomhshaol a laghdú, cibé rud a dhéanaimid. Tabharfaimid isteach straitéis nua um Sholáthar Inbhuanaithe chun athrú a spreagadh agus chun tacú leis an gclár oibre inbhuanaitheachta ar fud ár slabhra soláthair, áit a gcaithimid os cionn €224 milliún in aghaidh na bliana.

In 2020, stop an Chuideachta ag baint leas as cupáin phlaisteacha aonúsáide, agus rinne ár soláthraí bonn athchúrsáil ar níos mó ná 1,000 bonn de chuid Bhus Éireann. In 2021, cuirfimid plean nua bainistíochta dramhaíola ar fáil a chlúdóidh ár n-áiseanna go léir, agus beimid ag díriú ar fheabhsuithe maidir le dramhaíl a laghdú agus a athchúrsáil, agus maidir le hathúsáid dramhaíola.

### Cathracha agus Pobail

Ag teacht lenár gcuspóir daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo, nascann seirbhísí Bus Éireann sráidbhailte le bailte agus bailte le cathracha, agus tá ról ríthábhachtach ag an méid sin maidir le beartas an Stáit i dtaobh Thús Áite do Bhailte. Bíonn ár seirbhísí cathrach i gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge ag freastal ar bhreis is 770,000 duine. Faoi 2030, beidh méadú 30% tagtha ar líon na bpaisinéirí de réir mar a roghnóidh níos mó daoine an bus ná an carr mar chóir iompair, toisc gur rogha iompair níos inbhuanaithe é. Tá infheistíocht ar bun chun ár stadanna, ár stáisiúin agus ár gcóistí a dhéanamh inrochtana do dhaoine a bhfuil deacrachtaí gluaisteachta acu agus beidh an gréasán lán-inrochtana faoi 2030.

### Oideachas agus Comhionannas

Tá Bus Éireann an-bhródúil as a ról in Iompar Scoile: taistealaíonn daltaí bunscoile agus meánscoile in Éirinn ar scoil ar níos mó ná 7,000 bealach tiomnaithe, arna n-oibriú ag an gCuideachta thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is i gceantair thuaithe atá cónaí ar na leanaí sin den chuid is mó, níos mó ná 3.2km ón scoil is gaire dóibh. Fágann an scéim sin nach ndéantar aistir thart ar 35,000 in aghaidh an lae i gcarranna. Tá borradh faoin éileamh ar na seirbhísí sin agus is minic nach mbíonn dóthain áiteanna ar fáil do na leanaí, agus tá sé ina sprioc againn cur le líon na gcustaiméirí a thaistealaíonn ar na seirbhísí scoile ionas go mbeidh méadú 20% bainte amach faoi 2030.




**Sa phictiúr: Caimin Summerville, meicneoir le Bus Éireann, agus Martin Somers, Bainisteoir Oibríochtaí Réigiúnacha le Bridgestone Ireland ag iosta na Gaillimhe ag cur ceann de 100 crann i gcomhpháirtíocht le Bridgestone Ireland chun aird a dhíriú ar an iarracht astaíochtaí CO2 a laghdú.**

Is eol dúinn na buntáistí a bhaineann le fórsa saothair lenar fearr a ionadaíonn an tsochaí agus ár mbonn custaiméirí, agus táimid ag obair go crua chun líon níos mó ban a bheith ag obair linn ar fud an fhórsa saothair ar fad, agus ionadaíocht 50% a bheith ag mná ar leibhéal an Bhoird faoi 2025.

## Obair Chuibhiúil, Shábháilte

Tá sé ina aidhm ag Bus Éireann a bheith ina áit oibre iontach do gach duine den 2,700 fostaí. Is í an tsábháilteacht ár gcéad tosaíocht agus táimid ag díriú ar laghdú 10% ar thimpistí a tharlaíonn d'fhostaithe faoi 2023. Tá infheistíocht inár ndaoine ina gné bhunúsach chun saol inbhuanaithe a chothú agus tá sé ina aidhm againn an t-am oiliúna a mhéadú 20%, lena n-áirítear cláir feasachta ar mhíchumas.

Toisc gur muidne cuideachta bus náisiúnta na hÉireann, tá triúr as gach ceathrar dár bhfostaithe lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus beimid fós inár bhfostóir tábhachtach i mbailte réigiúnacha ar fud na tíre. In 2020, bhí fostaithe ag an gCuideachta ó 40 tír, rud a léiríonn go bhfuil éagsúlacht an fhórsa saothair ag feabhsú.

## Comhpháirtíochtaí

Tá an comhoibriú i gcroílár an dul chun cinn a dhéanann Bus Éireann gach bliain agus, chun saol níos inbhuanaithe a bhaint amach, tá an Chuideachta tiomanta do bheith ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara, ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe, na gníomhaireachtaí maoinithe agus na ranna Rialtais.

Le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Iompair agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, leanfaimid orainn ag infheistiú ar mhaithe le saol inbhuanaithe a bheith romhainn, i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara lena n-áirítear Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus údaráis áitiúla.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí

## Eispéireas na gCustaiméirí

Faoi straitéis *Destination 2023* Bhus Éireann, tá sé ina sprioc againn a bheith ar an gcuideachta iompair is inbhuanaithe agus is dírithe ar an gcustaiméir in Éirinn.

Is é an chéad Chuspóir Oibríochtúil atá againn faoin straitéis sin plean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun eispéireas custaiméirí den chéad scoth a bhaint amach ag gach pointe tadhaill. In 2020, bhaineamar 87% amach i gcoinne sprioc 90%, feidhmíocht an-mhaith agus cúinsí na paindéime san áireamh.

I rith na bliana, rinneadh dul chun cinn mór breise i dtreo ár gcuspóirí nuair a forbraíodh Cairt Custaiméirí agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí nua, atá formheasta ag an mBord. Leis na cáipéisí nua sin, léirítear ár dtiomantas poiblí úr i dtaobh na caighdeáin is airde seirbhíse do chustaiméirí a sholáthar ar fud ár seirbhísí go léir: Seirbhísí OSP, Seirbhísí Expressway agus an tSeirbhís Iompar Scoile.

Leagtar amach sa Chairt Custaiméirí na caighdeáin ar féidir lenár gcustaiméirí a bheith ag súil leo nuair a úsáideann siad ár seirbhísí agus an cur chuige atá againn maidir le cuidiú lenár gcustaiméirí nuair a théann rudaí mícheart. Déantar cur síos inár bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí ar an gcaoi a gcomhlíonfaimid na gealltanais agus na caighdeáin a leagamar amach inár gcairt.

Seoladh an Chairt Custaiméirí nua i Ráithe 1 2021, i mBéarla agus i nGaeilge, agus tá sí ar fáil i bhformáidí inrochtana éagsúla lena n-áirítear leagan ina bhfuil cló mór, leagan téacs agus closleabhar.

## Soláthar Seirbhíse

### Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

In 2020, in ainneoin na ndúshlán mór a bhí romhainn leis an bpaindéim COVID-19, bhí an Chuideachta, le tacaíocht ón Rialtas agus ón Údarás Náisiúnta Iompair, in ann coinneáil uirthi ag díriú ar fheabhas a chur ar an soláthar seirbhíse.

Rud úrnua dúinn a bhí sa scála agus sa chastacht a bhain leis an bhfreagairt ar COVID-19, agus cuireadh raon leathan beartas, nósanna imeachta, gníomhartha sábháilteachta, athruithe ar fheithiclí agus ar shaoráidí, agus iniúchtaí san ionad oibre i bhfeidhm go tapa. Mar sin féin, fuarthas réitigh a chuir ar chumas na Cuideachta a cuid oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh ar bhealach sábháilte.

Ina theannta sin, chuidigh Beart Spreagthaí Post an Rialtais i mí Iúil 2020 le Bus Éireann feabhas nach beag a chur ar na seirbhísí, lena n-áirítear 112 post nua do thiománaithe agus feabhas ar bhealaí ar fud na tíre mar atá mionsonraithe sa tábla a ghabhann leis seo.








Cuidímid feabhas a chur ar shaol daoine agus an saol a fhágáil níos éasca acu. Measaimid go mbaineann tábhacht le gach uile chustaiméir.



### Gréasán Chathair Chorcaí

Bhí na bealaí seo a leanas ina measc siúd ar cuireadh feabhas mór ar an tseirbhís orthu ar Ghréasán Uirbeach Chorcaí:

- Ar Bhealach 202 (Apple – Lár na Cathrach – Conair Rinn Mhachan), cuireadh seirbhísí an tráthnóna agus an Domhnaigh ag rith gach 15 nóiméad ag buaicamanna. Cuireadh Bealach 212 ar bun idir Stáisiún an Cheanntaigh agus Rinn Mhachan trí Lár na Cathrach agus Bóthar Uí Mhuineacháin sa dá threo
- Ar Bhealach 208 (An Curraichín – Lár na Cathrach – Cnocán na Fuinseoige), tá seirbhísí an tráthnóna agus an Domhnaigh ag rith gach 15 nóiméad ag buaicamanna.
- Ar Bhealach 214/221 (Ospidéal na hOllscoile, Corcaí – Lár na Cathrach – Gleann Maghair), tá bealach traschathrach ann anois idir Gleann Maghair agus an tOspidéal. Ritheann seirbhísí idir Gleann Maghair agus lár na cathrach gach 20 nóiméad anois. Ritheann seirbhísí breise ar an mbealach sin gach tráthnóna agus gach deireadh seachtaine freisin.
- Rinneadh síneadh ar Bhealach 220 (Baile an Chollaigh – Lár na Cathrach – Carraig Uí Leighin) chun freastal ar Ionad Cúraim Phríomhúil Charraig Uí Leighin.
- Tá seirbhís gach uair an chloig ar Bhealach 225/226/226a (Conair Aerfort Chorcaí) idir Cionn tSáile agus Cathair Chorcaí agus tá síneadh curtha leis na uaireanta oibríochta. Téann Bealach 225 chomh fada le Cathair Chorcaí anois agus ritheann bus gach uair an chloig ar an mbealach sin idir Carraig Uí Leighin agus Rinn an Scidígh, trí Aerfort Chorcaí. Ar Bhealach 225/226, ritheann bus gach 30 nóiméad idir Lár na Cathrach agus Stáisiún an Cheanntaigh.

### Gréasán Uirbeach Luimnigh

- Ar Bhealach 303 (Pineview – Lár na Cathrach – Southill), ritheann dhá oiread an méid busanna anois is a bhíodh, gach 15 nóiméad, agus tá níos mó busanna ag rith sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine freisin. Téann na busanna sin trí Stáisiún Bus/Traenach Luimnigh agus tá sé beartaithe síneadh a chur leis an mbealach chomh fada leis an mBaile Seoirseach.
- Tá uaireanta níos faide i bhfeidhm ar Bhealach 306 (Edward Street – Lár na Cathrach – Baile na Neanta – Gleann na gCros) agus tá an bealach athraithe sa chaoi is go mbíonn gach bus ag freastal ar Ghleann na gCros anois.

### Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

- Ar Bhealaí 103, 103x, 105x, 109, 109a, 109x, 115/115c agus NX, is fearr a léiríonn na tráthchláir athbhreithnithe na dálaí tráchta atá i réim agus tá siad leagtha amach sa chaoi is go mbeidh seirbhís níos poncúla agus níos iontaofa ar fáil do na custaiméirí.

### Gréasán Iarthar an Chláir

- Ar Bhealaí 333 agus 336, tá tráthchláir fheabhsaithe i bhfeidhm idir Inis agus an Dún Beag/Cill Chaoi.
- Tá tuilleadh busanna ag rith ar an mbealach idir Inis agus Iarthar an Chláir trí Inis Díomáin nó Cill Rois, chomh maith le busanna breise ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire poiblí. Tá seirbhís dhíreach ag rith idir Cill Chaoi agus an Dún Beag den chéad uair.

### Stáidcharráiste Luimnigh

- Ar Bhealach 323/323x (An tAonach go Luimneach trí Bhéal an Átha, Cnocán an Éin Fhinn agus Caisleán Uí Chonaill), déantar seacht n-aistear bus ar laethanta na seachtaine agus trí cinn ar an Domhnach. Téann na seirbhísí go léir trí Champas Ollscoil Luimnigh. Tá seirbhís dhíreach iompair phoiblí ag rith idir an Port Rua agus Luimneach den chéad uair.
- Ar Bhealach 345 (An Scairbh go Luimneach trí Chill Dalua), ritheann trí bhus in aghaidh an lae ar laethanta na seachtaine agus tá feabhas curtha ar sheirbhís an tSathairn. Ritheann an bus sin ar an Domhnach agus ar laethanta saoire poiblí freisin.

### Gréasán Bhaile Dhroichead Átha

- Ar Bhealach 168 (Dún Dealgan go Droichead Átha trí Dhroim Ineasclainn), tá tráthchláir fheabhsaithe á leanúint i rith na seachtaine agus ar an Satharn agus bíonn suas le naoi mbus in aghaidh an lae ag rith idir Droichead Átha agus Dún Dealgan. Ina theannta sin, feabhsaíodh minicíocht na seirbhísí sa tráthnóna. Téann na busanna go léir trí Ospidéal Mhuire Lourdes agus trí Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgán, agus is busanna ísle iad atá lán-inrochtana.
- Ar Bhealaí D4 agus D5 (Seirbhísí Baile Dhroichead Átha), tá dhá bhealach nua curtha ar bun idir Ionad Siopadóireachta Southgate agus Baile Mhic Éinigh agus Termon Abbey, gach 15 nóiméad. Feidhmíonn an tráthchlár sin seacht lá na seachtaine. Freastalaíonn an dá bhealach ar an ospidéal agus ar an stáisiún bus agus traenach.

### An Uaimh

- Cuireadh dhá bhealach nua (N1 agus N2) in ionad an bhealaigh a bhí ann agus ritheann na busanna gach 15 nóiméad orthu. Feidhmíonn an tráthchlár seacht lá na seachtaine, agus, idir an dá bhealach, bíonn bus ag rith gach 30 nóiméad ar an Domhnach agus ar laethanta saoire poiblí.

### Ciarraí

- Ar Bhealach 275 (Trá Lí agus an Daingean), cuireadh feabhas ar thráthchláir na seachtaine. Naoi mbus in aghaidh an lae a bhíonn ag rith anois, agus sé cinn ar an Domhnach. Fágann an tráthchlár nua sin gur fearr an comhtháthú atá ann idir na seirbhísí sin agus seirbhísí bus agus traenach eile ag Stáisiún Thrá Lí.

### Gréasán Mhaigh Eo

- Cuireadh trí aistear nua, ar feadh na bliana, le Bealach 423 (an Clochán go Cathair na Mart), nach mbíodh ag rith roimhe seo ach le linn bhuaicmhíonna an tsamhraidh. Tá na seirbhísí leagtha amach ionas go sroichfidh na busanna Cathair na Mart chun nascadh le busanna agus traenacha chuig áiteanna mar Bhaile Átha Cliath, Caisleán an Bharraigh, Acaill, Béal an Átha agus Baile Átha Luain. Ó Ráithe 1 2021, tá bus inrochtana ísealurláir ag freastal ar an mbealach sin.
- Ar Bhealach 446 (An Fód Dubh go Béal an Átha trí Bhéal an Mhuirthead), tá trí sheirbhís gach lá seachtaine ag rith anois ó cheann ceann na bliana. Tá seirbhísí tráthnóna á rith lena nasctar na príomhbhailte go léir feadh an bhealaigh.
- Ar Bhealach 450 (Cluain Cearbán go Dumha Acha/ Oileán Acaill trí Chathair na Mart), tá feabhas curtha ar thráthchlár na seachtaine agus suas le seacht mbus ag rith go Cluain Cearbán agus Acaill ar laethanta na seachtaine, agus suas le sé sheirbhís in aghaidh an lae ag an deireadh seachtaine. Tá seirbhísí tráthnóna á rith lena nasctar na príomhbhailte go léir feadh an bhealaigh.

## Seirbhísí Tráchtála

### Expressway

Mar thoradh ar na diansrianta a cuireadh i bhfeidhm de bharr na paindéime COVID-19, tharla géarchéim airgeadais nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo san earnáil iompair. B'éigean d'fhormhór na n-oibreoirí tráchtála tarraingt siar as an margadh mar gheall ar an méid ioncaim a bhí á chailleadh acu, go dtí gur tugadh isteach tacaíocht éigeandála ón rialtas.

Feidhmíonn Bus Éireann Expressway ar bhonn tráchtála, ach is sócmhainn é freisin atá faoi úinéireacht an Stáit, a bhfuil ról lárnach seirbhíse poiblí aige maidir le ceangal a choinneáil ar bun idir pobail, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil seirbhísí OSP ag freastal orthu. Lean Expressway ag feidhmiú in ainneoin na paindéime COVID-19, ag cuidiú le haistir riachtanacha a chur ar bun d'oibrithe riachtanacha, agus ritheadh 91% de na seirbhísí a bhí pleanáilte le linn 2020. Fabhraíodh caillteanais an-mhór le linn na bliana, áfach, sular tugadh isteach maoiniú éigeandála sealadach ón Rialtas i mí Iúil.

### Plean Inmharthanachta Expressway

- I Meán Fómhair 2020, d'fhormheas bord Bus Éireann plean inmharthanachta do Expressway. Áiríodh sa phlean sin soiléiriú a dhéanamh ar riachtanais mhaoinithe ghearrthéarmacha le linn na srianta COVID-19 agus samhail ghnó éagsúil a shainiú chun méid na gcaillteanas a bhaineann leis an bpaindéim a laghdú agus chun an gnó a láidriú san am atá le teacht.
- Áiríodh sa phlean inmharthanachta: comhdhlúthú pleanáilte ar sheirbhísí Expressway ó 18 mbealach go 14 bhealach chun téarnamh níos inbhuanaithe a chothú agus leanúnachas na seirbhísí atá fágtha a chinntiú; clár laghdaithe costais i ndáil le costais thréigthe agus forchostais neamhphá a bhaineann le dúnadh bealaí, atá curtha san áireamh anois i mbuiséad 2021; infheistíocht leanúnach i bhflít feithiclí agus teicneolaíocht Expressway chun plean gnó inbhuanaithe a fhorbairt don am atá le teacht.

- Tá an comhdhlúthú sin ar siúl faoi láthair, agus is iad na bealaí a bhfuil tionchar ag an mbeart orthu ná an X1 (Baile Átha Cliath/Béal Feirste – ar fionraí), X12 (Baile Átha Cliath/Luimneach – deireadh curtha leis), X8 (Baile Átha Cliath/Corcaigh – deireadh le cur leis in 2021) agus 20X20 (Baile Átha Cliath/Gaillimh – deireadh le cur leis in 2021). Ina theannta sin, cuireadh deireadh leis an luas-seirbhís X51 idir Gaillimh agus Luimneach, a bhí ina chuid de Bhealach 51 idir Gaillimh agus Luimneach (stadann an bus ar an mbealach) i mí na Bealtaine 2020 agus níl sé i gceist faoi láthair an tseirbhís sin a chur ar bun arís. Ní mór an tionchar a bhí aige sin toisc gur féidir le custaiméirí taisteal ó Luimneach go Gaillimh fós, cé go stopann an bus níos minice ar an mbealach.
- Ag féachaint romhainn, creideann an Chuideachta go mbeidh brabús á dhéanamh ag Expressway arís tar éis na géarchéime COVID-19 de réir mar a thosóidh na patrúin taistil bliantúla ag teacht chucu féin tar éis na paindéime.
- Déanfar infheistíocht leanúnach sna feithiclí agus i dteicneolaíocht nua, lena léirítear tiomantas fadtéarmach Bhus Éireann do Expressway a bheith inbhuanaithe agus brabús a bheith le déanamh air, agus an fonn atá orainn eispéireas den scoth a sholáthar do na custaiméirí.

### Gnóthaí Coimhdeacha

Cuireadh an chuid is mó de ghnó coimhdeach na Cuideachta ar fionraí in 2020 mar gheall ar shrianta taistil na paindéime COVID-19.

- Bealach 871 (Baile Átha Cliath – Holyhead – Londain) de chuid Eurolines Coach and Sail (Baile Átha Cliath go Londain, ag feidhmiú mar chomhpháirtíocht le National Express sa Ríocht Aontaithe), tá sé ar fionraí ó Mhárta 2020. Cuireadh siar athbhrandáil ar Eurolines go Expressway Eurolines, a bhí réidh le seoladh i mí Feabhra 2020.
- Cuireadh stop le gnó an fhruilithe phríobháidigh agus na n-imeachtaí speisialta mar gheall ar an bpaindéim. I rith na bliana, bhain an Chuideachta leas as an am sin chun próisis agus córais a neartú ionas gur féidir an soláthar seirbhísí agus an leibhéal feidhmíochta a fheabhsú nuair a bheidh an phaindéim thart.

## Seirbhísí Scoile

Feidhmíonn Bus Éireann an Scéim Iompair Scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. In 2020, d'fhág an phaindéim COVID-19 go raibh go leor dúshlán le sárú ó thaobh seirbhísí iompair scoile a oibriú agus bhí an soláthar seirbhísí bunaithe i gcónaí ar an gcomhairle sláinte poiblí a cuireadh ar fáil ag an am.

Cuireadh breis is 28.7 milliún aistear ar bun do phaisinéirí aoin scéim iompair scoile in 2020. Bhí an líon sin laghdaithe i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin mar gheall ar an tréimhse inar dúnadh na scoileanna mar gheall ar COVID-19. Rinneadh na haistir sin ar bhealach sábháilte, éifeachtúil mar gheall ar thiomantas na foirne iompair scoile a bhíonn ag obair ar fud na tíre, dream atá tiomanta don obair a dhéanann siad agus a bhfuil an-taithí acu uirthi.

I rith na bliana, bhí an Chuideachta ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn agus le páirtithe leasmhara eile chun freagairt do na hathruithe a bhí ag tarlú agus chun féachaint chuige go leanfaí le seirbhísí a sholáthar go sábháilte agus go héifeachtach.

- Bhí os cionn 120,000 scoláire ag taisteal ar scoil agus abhaile ón scoil gach lá sular fhógair an Rialtas an chéad bhabhta dianghlasála, inar dúnadh na scoileanna ar fud na tíre ón 12 Márta 2020.
- Mar gheall ar na treoirlínte leanúnacha sláinte poiblí maidir le scaradh sóisialta, ní fhéadfaí dul ar aghaidh leis an gcomórtas tairisceana don scoilbhliain 2020/2021, agus dá bhrí sin tairgeadh síneadh bliana d'oibreoirí a bhí ag obair linn cheana, a mbeadh orthu cur isteach ar phróiseas tairisceana eile murach sin.
- Ar an 27 Iúil, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Norma Foley TD, treochlár i gcomhair athoscailt na scoileanna don scoilbhliain nua. Chun am breise a thabhairt do thuismitheoirí chun íoc as na ticéid iompair scoile, cuireadh síneadh ama leis an spriocdháta íocaíochta, go dtí an 4 Lúnasa.
- Bhí gá le hobair agus comhoibriú nach beag lena chinntiú go raibh prótacail sábháilteachta nua i bhfeidhm le haghaidh thús na scoilbhliana nua.
- Tar éis athrú eile a rinneadh ar an gcomhairle sláinte poiblí amach i mí Lúnasa 2020 agus cinneadh Rialtais a rinneadh ina dhiaidh sin, iarradh ar Bhus Éireann tús a chur le plean leanúnach chun acmhainn 50% a chur i bhfeidhm ar gach bealach iarbhunscoile. Bhí obair mhór i gceist leis sin agus b'éigean athbhreithniú a dhéanamh ar níos mó ná 2,500 bealach. Fuarthas Painéal Náisiúnta Conraitheoirí nua chun feithiclí breise a fhoinsiú agus b'éigean do gach tiománaí nua dul faoi ghrinnfhiosrú chun comhlíonadh na gceanglas sábháilteachta go léir a chinntiú agus seirbhísí iompair scoile á bhfeidhmiú acu. Bhí Bus Éireann ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun tionlacaithe a fhostú i ndáil le Seirbhísí do Dhaoine a bhfuil Riachtanas Oideachais Speisialta acu.




Sa scoilbhliain nua 2020/2021, thaistil breis is 114,000 leanbh ar bheagnach 7,000 bealach scoile chuig thart ar 3,000 scoil ar fud na tíre gach lá scoile. San áireamh ansin tá beagnach 14,500 leanbh ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta, a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh a bhíonn dírithe ar fhreastal ar a gcuid riachtanas aonair féin.

- Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna formheas ar bhreis agus 1,000 seirbhís nua in 2020 agus ceadaíodh 900 athrú ar na seirbhísí, lena n-áirítear uasghrádú a dhéanamh ar fheithiclí, aistir bhreise agus síneadh a chur le bealaí atá ann cheana. Bhí an chuid is mó díobh sin chun freastal ar éileamh méadaithe i leith leanaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus réitigh bhreise ar mhaithe le scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí iarbhunscoile, chun an chomhairle sláinte poiblí a chomhlíonadh.
- Bunaíodh roinnt seirbhísí tiomnaithe iompair scoile freisin chun freastal ar leanaí incháilithe a bhíodh ag taisteal roimh sin ar sheirbhísí sceidealta. Bhí gá leo sin mar gheall ar an acmhainn laghdaithe a bhí ann ar sheirbhísí iompair phoiblí mar gheall ar shrianta COVID-19.






## Seirbhís do Chustaiméirí

I mí Iúil 2020, chuir Bus Éireann córas teileafóin náisiúnta i bhfeidhm do chustaiméirí na n-oifigí iompair scoile chun teacht le buaicshéasúr na n-íocaíochtaí agus na próiseála iarratas. An infheistíocht i gcórais agus sa teicneolaíocht, a faomhadh i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, bhí sí dírithe ar eispéireas na gcustaiméirí a fheabhsú i gcás an 75,000 teaghlach a bhíonn páirteach sa Scéim Iompair Scoile.

Fuarthas 31,000 glao le linn na tréimhse sin, agus bhain suas le 50% de na fiosruithe le ticéid agus íocaíochtaí. Mar gheall ar an éiginnteacht faoi athoscailt scoileanna agus na prótacail i dtaobh seirbhísí a chur ar bun arís, bhí níos mó ceisteanna ag daoine le cur orainn.

Rinneadh na seirbhísí do chustaiméirí a fhorlíonadh trí chur leis an úsáid a bhaintear as ardáin ghréasáin agus ardáin na meán sóisialta chun teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl maidir le spriocdhátaí i leith iarratas agus íocaíochtaí. Beifear fós ag díriú air sin i bhfeachtais faisnéise feasta lena chinntiú go gcuirfear tuismitheoirí ar an eolas faoi gach spriocdháta tábhachtach.

## Aisíocaíochtaí

Mar gheall gur dúnadh na scoileanna idir Márta agus Meitheamh bhí ar Bhus Éireann aisíocaíochtaí a phróiseáil chuig níos mó ná 45,000 duine a bhfuil cuntas acu linn faoi threoir ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Ní fhacthas riamh roimhe seo éileamh den sórt sin ar aisíocaíochtaí, i dtéarmaí méide agus luacha araon, agus i dtréimhse réasúnta gairid. Mar fhreagra air sin, chuamar i dteagmháil lena lán daoine trí leathanach tiomnaithe ar shuíomh gréasáin na Cuideachta agus ar an ríomhphost, agus le feachtas sna meáin shóisialta. Próiseáladh formhór na n-aisíocaíochtaí go leictreonach trí na bainc atá ag obair i bpáirt linn agus íocadh iad mí Iúil agus mí Lúnasa.







## Inrochtaineacht

Tá Bus Éireann tiomanta do chóras iompair phoiblí atá inrochtana i ndáiríre a sholáthar, ina mbeidh feithiclí a bhfuil rochtain éasca orthu agus bonneagar tacaíochta. Chun cuidiú linn an méid sin a bhaint amach, téann an Chuideachta i gcomhairle le páirtithe leasmhara, agus an Grúpa Úsáideoirí faoi Mhíchumas ina measc.

In 2020, rinneadh dul chun cinn nach beag lena chinntiú gur cuireadh an bonneagar cuí i bhfeidhm chun tacú le hinrochtaineacht fheabhsaithe. I measc na mbeart a rinneadh, bhí siad seo a leanas:

- Feabhsuithe ar an rochtain ar stadanna bus agus stáisiúin le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair – rinneadh uasghrádú ar na stáisiúin i gCill Airne, Ros Láir, Trá Lí agus Port Láirge.
- Cuireadh oiliúint maidir leis an gcárta JAM ar fáil ar líne ar BÉOnline agus chríochnaigh 237 ball foirne an cúrsa. Ar an iomlán, tá oiliúint curtha ar 90% dár dtiománaithe anois maidir leis an gcárta JAM. Leis an gcárta sin, is féidir le húsáideoirí seirbhísí iompair phoiblí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, nó a bhfuil uathachas nó aon riocht eile orthu lena ngabhann deacrachtaí cumarsáide, a chur in iúl do dhaoine eile go bhféadfadh sé go mbeadh am breise éigin ag teastáil uathu ar bhealach simplí, gan aon ghá dóibh labhairt.
- San iomlán, leithdháileadh 15 bhus nua dhá urlár ar ghréasáin chathrach agus leithdháileadh 15 bhus réigiúnacha ísealurláir ar bhealaí áitiúla ó Ghaillimh go Dún na nGall.
- Comhlíonann ár suíomh Gréasáin WCAG 2.0 Leibhéal AA anois. Cuirfimid tús lenár dtionscadal chun cuíchóiriú a dhéanamh ar as suíomh gréasáin agus beidh na chéad chéimeanna eile a aithint maidir le dul chun cinn go dtí comhlíonadh ar leibhéal AAA i 2021.

## Teicneolaíocht

Is príomhchumasóir í an teicneolaíocht chun cuidiú leis an gCuideachta a misean a chomhlíonadh i roinnt réimsí éagsúla lena n-áirítear tús áite a thabhairt don chustaiméir, an fheidhmíocht a fheabhsú agus a chinntiú go mbeidh na caighdeáin sábháilteachta is airde seasta á gcomhlíonadh againn.

In 2020, lean Bus Éireann ar aghaidh le feabhsúcháin teicneolaíochta i roinnt tionscnamh lena n-áirítear:

- Tugadh isteach Córas Teileamaitice Feithicle nua ar bord, 'Mix Telematics', chun córas teileamaitice a chur in oiriúint dár mbusanna seirbhíse sceidealta go léir. Faoin gcóras nua, tabharfar aiseolas do thiománaithe chun cabhrú lena bhfeidhmíocht tiomána a fheabhsú agus chun sábháilteacht, eispéireas an chustaiméara agus éifeachtúlacht breosla a fheabhsú. Tá sé beartaithe an córas a chur i bhfeidhm ar fud an fhlít feithiclí go luath in 2021.
- Cuireadh tús le triail nua ar Chóras Ticéadaithe Mhóibíligh ar Bhealach OSP 133 (Cill Mhantáin – Baile Átha Cliath) i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Agus é ina aidhm seirbhísí iompair phoiblí a bheith níos éasca le húsáid, is féidir leas a bhaint as an gcóras sin chun ticéid a cheannach roimh ré, rud a fhágann nach ndéantar an oiread idirbheart le hairgead tirim. Cuirfear an triail i bhfeidhm ar bhealaí comaitéireachta eile de chuid Bhus Éireann in 2021.
- Le linn 2020, a bhuí leis an gcomhoibriú idir na foirne Teicneolaíochta, Tráchtála, Airgeadais agus Oibríochtaí, cuireadh bealach nua ticéadaithe agus cainéal faisnéise do chustaiméirí ar fáil do Expressway. Seoladh *MyExpressway* i mí Feabhra 2021, agus cinntítear leis go mbeidh eispéireas den scoth ag custaiméirí Expressway, lena n-áirítear bealaí nua ceannaigh agus íocaíochta, comhtháthú leis an Scéim LEAP agus an Scéim Saorthaistil, an cumas suíochán a chur in áirithe an tráth a gceannaítear ticéad agus faisnéis fíor-ama do chustaiméirí. Tá buntáistí oibríochta láidre ag *MyExpressway* freisin lena n-áirítear bainistíocht acmhainne, bealach nua tuairiscithe agus léargas ar an ngnó.




## Margaíocht

In 2020, lean Bus Éireann ag cur leis an gcáil atá air ar fud na tíre as ucht seirbhís shármhaith a chur ar fáil, tráth ar bhronn roinnt páirtithe seachtracha gradaim éagsúla orainn.

- I rith na bliana, bhí áthas ar Bhus Éireann an Gradam um Sheirbhís do Chustaiméirí a fháil ag na Gradaim um Sármhaitheas sa Ghnó 2020 (de chuid iris na hearnála poiblí, *The Public Sector Magazine*). Leis an ngradam sin, tugadh aitheantas don obair den scoth a rinne an Chuideachta maidir le seirbhísí riachtanacha iompair phoiblí a sholáthar i rith na géarchéime COVID-19. Cuireadh meas in iúl leis ar dhíograis agus dúthracht mhór ár bhfoirne agus ár gcomhpháirtithe uile.
- Bhí ríméad ar an gCuideachta freisin nuair a fógraíodh i rith na bliana gurb í a bhuaigh an gradam náisiúnta bliantúil um Shármhaitheas i dtaobh Sláinte agus Sábháilteachta 2020 sa chatagóir Iompair. Aitheantas a bhí ansin ar fheidhmíocht agus nuálaíocht den scoth i réimse na sláinte agus na sábháilteachta.

## Cumarsáid Chorparáideach agus Caidreamh Poiblí

Ba léir tábhacht na cumarsáide den scoth in 2020 sna cúinsí an-dúshlánach, síor-athraitheacha a bhain leis an bpaindéim COVID-19. Cuireadh pleanáil agus próisis chumarsáide géarchéime na Cuideachta i ngníomh go luath sa bhliain agus bhí ról ríthábhachtach acu maidir le freagairt na heagraíochta ar chúinsí a bhí ag athrú go tréan.


Dhírigh Bus Éireann go mór ar chumarsáid agus bhí sé ag faire go géar ar na meáin lena chinntiú nach ngabhfadh aon saincheist mhór tharainn. Reáchtáladh seisiúin faisnéise rialta le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus oibreoirí iompair phoiblí eile, i rith na bliana.

Áirítear leis na bearta eile a rinneadh:

- Díríodh ar chustaiméirí a choinneáil ar an eolas lena n-áirítear teachtaireachtaí ón bPríomhfheidhmeannach ar an ríomhphost agus trí fhíseán a cuireadh ar bhealaí meán sóisialta Bhus Éireann agus Expressway (Facebook agus Twitter) agus ar na suímh ghréasáin.
- Cuireadh faisnéis cothrom le dáta do chustaiméirí ar fáil ar an mbus (ar phóstaeir agus aistreoga), i stáisiúin bus (póstaeir, comharthaí aníos, comharthaí breise) agus ag stadanna bus.
- Bhí teachtaireachtaí na Cuideachta maidir le COVID-19 dírithe ar shábháilteacht agus ar bhearta glantacháin breise, clúdaigh aghaidhe, sláinteachas riospráide, gan ach aistir riachtanacha a dhéanamh, agus modhanna chun íoc gan airgead tirim a úsáid. Táimid an-bhuíoch dár gcustaiméirí as a leibhéil an-ard comhlíontacha a léirigh siad maidir leis na bearta nua sin.




- Chuidigh ár bhfeachtas *Local Heroes* linn béim a leagan ar thábhacht an iompair phoiblí do phobail ar fud na hÉireann.



IMAGE

Back to work? We never stopped. We hear from a nurse, a bus driver and a Childline volunteer

by Lizzie Gore-Grimes
30th May 2020



## Cumarsáid Eile

Forbraíodh ár gcumas cumarsáide inmheánaí tuilleadh in 2020 trí fhostaí nua a earcú mar Bhainisteoir Sinsearach um Chumarsáid Chorparáideach. I rith na bliana, rinne an fhoireann an obair ullmhúcháin i gcomhair théarnamh tar éis na paindéime trí infheistíocht a dhéanamh i roinnt tionscadail chumarsáide straitéiseacha.




Maidir le hoibríochtaí, forbraíodh roinnt feachtais agus tionscnamh nua lena chinntiú go scaipfí teachtaireachtaí bunúsacha Bhus Éireann go forleathan.

- I mí an Mheithimh, sheolamar feachtas nua, *Keeping Ireland Connected,* i gcomhpháirtíocht le Transport for Ireland (TFI).
- Ba iad na cuspóirí a bhí leis an bhfeachtas teachtaireachtaí dearfacha a chomhroinnt agus a chur chun cinn ar fud na hÉireann agus aird a dhíriú air go bhfuil a gcuspóir á chomhlíonadh ag foireann Bhus Éireann trí mhuintir na tíre a choinneáil ceangailte lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo, chuile lá. Baineadh leas as formáidí fógraíochta amuigh faoin spéir san fheachtas sin agus ar phóstaeir sna busanna agus sna stáisiúin, agus bhí an feachtas ar siúl ar na meáin shóisialta freisin. I mí Iúil, sheol an Chuideachta feachtas comhbhrandáilte le Bus Átha Cliath ar fhlít feithiclí Bhus Bhaile Átha Cliath.
- Tugadh an-aird sna meáin ar thionscnaimh éagsúla na Cuideachta maidir le scoileanna lena n-áirítear aisíocaíochtaí ar sheirbhísí nár baineadh leas astu in 2019/2020, síneadh a bheith á chur leis an spriocdháta íocaíochta don scoilbhliain nua 2020/2021 go dtí an 4 Lúnasa, agus bearta sábháilteachta ginearálta a bhaineann le COVID-19.
- Ar leithligh ón bpaindéim, agus mar chuid de na hiarrachtaí atá ar bun ag Bus Éireann inbhuanaitheacht fhadtéarmach a bhaint amach sa ghnó, bhain an Chuideachta triail as bus hidrigine i rith na bliana. Rinne cuibhreannas *Hydrogen Mobility Ireland* comhordú ar an bhfeachtas caidrimh phoiblí don tionscnamh agus tugadh an-aird air sna meáin. Bhí an tAire Iompair Eamon Ryan agus an monaróir Toyota páirteach san fheachtas. Bhí teachtaireachtaí caidrimh phoiblí na Cuideachta féin dírithe ar an gcéad bhus breosla hidrigine a cuireadh i seirbhís phoiblí in Éirinn agus leagadh béim ar an gceangal idir an triail agus an straitéis inbhuanaitheachta fadtéarmaí atá againn féin, agus bogadh chun cinn ón díosal. I measc na n-aschur bhí agallaimh chraolta leis an bPríomhfheidhmeannach Stephen Kent ar an seó *Morning Ireland*ar RTÉ agus leis an bPríomhoifigeach Cumarsáide Allen Parker ar Raidió LMFM.






## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Tá sé ina chuspóir ag Bus Éireann daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo, chun feabhas a chur ar an saol. Tá clár rannpháirtíochta fairsing ag an gCuideachta lenár bpobail agus in 2020 chuamar i mbun rannpháirtíocht le 22 eagraíocht nó carthanas, idir chinn phobail agus chinn dheonacha.

Ag teacht lenár gcuspóir, d'aontaigh an Chuideachta comhpháirtíocht trí bliana le Cluichí an Phobail, eagraíocht a bhfuil na luachanna céanna linne aige i dtaobh an phobail, nascachta agus uilechuimsitheachta. I mí na Bealtaine, d'óstáil muid Cluichí Fíorúla a nasc Bus Éireann le pobail ar fud na hÉireann, agus spreagadh leanaí chun páirt a ghlacadh sna cluichí agus gcuid scileanna a léiriú. Ar an iomlán, cuireadh 95 postáil ar Facebook agus chonaic os cionn milliún duine iad.

I rith na bliana, ghlac an Chuideachta páirt i roinnt feachtas agus tionscnamh lena n-áirítear:

- Gníomhaíocht le linn na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta 2020 le comórtas agus tvuíteanna laethúla faoi Bhusáras, Iosta Chorcaí, agus stáisiún na mbusanna sa Chloch Leathan, i nGaillimh agus i Leitir Ceanainn.
- Ghlacamar páirt i bhfeachtais réigiúnacha lena n-áirítear Stáisiún Bus Chorcaí a lasadh le solas dearg chun tacú le hOspís Ollscoil Marymount agus feachtas CLG Chorcaí do lá #GoRedForCork agus ansin le solas corcra chun tacú le daoine faoi mhíchumas i gcomhair an fheachtais #PurpleLights20.
- Bhí Expressway ag comhoibriú le Gaillimh 2020, Príomhchathair Chultúir na hEorpa chun ár gcuid seirbhísí a chur chun cinn, agus bhí bus le rapar speisialta againn chuige sin.
- Ba chúis bhróid againn freisin é páirt a i bhfeachtas nua frithchiníochais ar sheirbhísí iompair phoiblí le TFI, Comhairle Inimirceach na hÉireann agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.





Mar aitheantas ar bhliain an-dúshlánach in 2020, dhírigh Bus Éireann a fheachtais Nollag ar thacú le paisinéirí agus le pobail.

- Leagadh béim air i bhfeachtas OSP na Nollag gur éirigh le Bus Éireann agus TFI, in ainneoin dúshláin mhóra, pobail a choinneáil nasctha le chéile ar fud na hÉireann i rith 2020. Faoin bhfeachtas, cuireadh gnólachtaí beaga áitiúla chun cinn agus tacaíodh leo, agus spreagadh custaiméirí chun an gnólacht áitiúil is fearr leo a fhógairt don saol mór chun dearbhán bronntanais a bhuachan don ghnólacht sin.
- I gcomhair na Nollag, lorg Expressway comhpháirtí a raibh cuspóirí cosúil leis féin aige i dtaobh daoine a nascadh le chéile agus an saol a fheabhsú, agus roghnaigh sé *Grow Mental Health*, a sholáthraíonn seirbhísí meabhairshláinte le breis agus 50 bliain agus iad ag díriú go háirithe ar theacht aniar agus ar athshlánú. Ba í an tAire um an Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Mary Butler, TD a sheol an feachtas *'Grow Mental Health Expressway Christmas'*. Tugadh an-aird ar an bhfeachtas agus bhí sé faoi chaibidil ar *The Ryan Tubridy Show* ar RTÉ Radio 1 (320,000 éisteoir) agus ar *Dermot and Dave Show* ar Today FM (183,000 éisteoir).

## Ceannaireacht agus Daoine

Anseo i mBus Éireann, bainimid éachtaí amach a bhuí lenár bhfostaithe iontacha agus le daoine eile a bhíonn ag obair i bpáirt linn: ár dtiománaithe, ár bhfoirne cothabhála, ár gcomhpháirtithe, agus gach duine a chuireann ar ár gcumas dúinn na custaiméirí a thabhairt chuig a gceann scríbe go slán sábháilte. Bíonn ár gcuid seirbhísí á soláthar ag daoine a chreideann gur ionad oibre iontach é Bus Éireann.

In ainneoin na ndúshlán a bhí romhainn mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, a bhuí lenár bhfostaithe agus ár gcomhpháirtithe tiomnaithe choinníomar ár seirbhísí ag feidhmiú, fiú agus an ghéarchéim sa mhullach ar an tír. Tá sé ina chuspóir againn daoine a nascadh lena chéile agus leis na rudaí is ansa leo, chun feabhas a chur ar an saol, agus bhí sé sin go mór chun fóir in 2020 agus an eagraíocht dírithe ar sheirbhísí iompair a raibh géarghá leo a chur ar fáil i gcomhair aistir riachtanacha.

### Destination 2023

In *Destination 2023*, an fhís atá againn i leith na mblianta atá romhainn, is é an dara cuspóir straitéiseach atá againn ceannaireacht a fhorbairt ar gach leibhéal agus cultúr feidhmíochta a bhunú ionas gur áit iontach muid le bheith ag obair. Agus rannpháirtíocht na bhfostaithe á húsáid mar shlat tomhais againn, in 2020, bhí ríméad orainn 20 a chur le scór na bliana roimhe sin: dúirt 77% dár bhfostaithe linn gur cúis bhróid acu é a bheith ag obair le Bus Éireann agus go molfaidís muid mar ionad oibre iontach.

I bhfianaise dhúshláin ollmhóra na bliana, agus toisc gur seirbhísí túslíne a bhíonn á soláthar againn, is teist iad na tuairimí dearfacha sin ó na fostaithe ar an obair a dhéantar ar fud an ghnó chun ár bhfostaithe a choinneáil slán sábháilte agus tacú leo tráth a mbímid ag obair chun muintir na hÉireann a choinneáil nasctha le chéile.

### Ag taispeáint an bhealaigh tríd an bpaindéim

Is gnóthas é Bus Éireann atá dírithe go mór ar shábháilteacht, agus bhí sé sin fíor go háirithe in 2020. Bhí ár nGrúpa Comhordaithe um Fhreagairt Éigeandála COVID-19 i gceannas ar an bhfreagairt oibríochtúil ar an bpaindéim, agus iad á chinntiú go rabhamar ag díriú sa chéad áit ar na fostaithe agus na custaiméirí a bheith slán sábháilte. Bhí an Grúpa faoi chathaoirleacht an Phríomhoifigigh Riosca agus Sábháilteachta, agus chuir sé ar ár gcumas dúinn freagairt agus cinnteoireacht thapa a dhéanamh. Ba é a sholáthair na príomhtheachtaireachtaí le cur in iúl do na fostaithe.

Bhí an Tascfhórsa um Beartas Trasfheidhmeach maidir le hObair Shábháilte ag obair go crua chun sábháilteacht ár bhfostaithe a chinntiú i gcomhréir le prótacail an Rialtais. Cuireadh bearta sábháilteachta breise i bhfeidhm ar fud an ghnó do na fostaithe go léir, lena n-áirítear iad siúd a bhí ag obair ón mbaile.

## Struchtúr agus Cumas na hEagraíochta

D'fhág leibhéil bhainistíochta nua go bhfuil róil agus ionchais níos soiléire againn anois agus ba thacaíocht iad maidir le pleanáil tallainne agus pleanáil comharbais. Tagann an Grúpa Ceannaireachta nua (lena gcuimsítear an Fhoireann Ardcheannaireachta, Cinn Aonaid agus Bainisteoirí Sinsearacha) le chéile gach mí chun saincheisteanna criticiúla gnó, tosaíochtaí ráithiúla agus spriocanna a athbhreithniú.

In 2020, chuamar i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) chun bunsraitheanna a leagan síos dár gclár forbartha ceannaireachta, a bheidh ar siúl arís in 2021. Le cuidiú ó DCU, reáchtálamar ár gComhdháil Cheannaireachta bhliantúil i mí na Nollag. Fóram tábhachtach a bhí ann chun na tosaíochtaí straitéiseacha a chur in iúl agus chun na fostaithe a spreagadh chun dul i bpáirt linn agus bealach chun cinn á leagan amach againn don bhliain 2021.

## GPS | Cultúr Feidhmíochta a Fhorbairt

Tá cultúr bunaithe ar fheidhmíocht á chothú againn i mBus Éireann, cultúr ina mbeidh cuspóirí soiléire ag na fostaithe, ina dtabharfar aiseolas macánta dóibh, agus ina mbeidh comhráite oscailte againn faoi ghairmeacha, forbairt agus dul chun cinn. Is é GPS (*Growth, Performance, Success*) clár bainistíochta agus forbartha feidhmíochta Bhus Éireann, a tugadh isteach i gcomhair na mbainisteoirí ar dtús in 2019. Is é sin an creat trína n-úsáidtear spriocanna straitéiseacha ardleibhéil Bhus Éireann mar bhunús chun cuspóirí aonair a fhorbairt agus feidhmíocht a thomhas. Le linn 2020, leanamar á chur i bhfeidhm do na bainisteoirí a raibh timthriall na chéad bhliana d'athbhreithnithe feidhmíochta agus forbartha lár na bliana agus dheireadh na bliana á dtabhairt chun críche acu.

## GEM – Go the Extra Mile

Gné thábhachtach de gach ionad oibre maith is ea aitheantas a thabhairt d'fheidhmíocht agus éachtaí na bhfostaithe. Bhí gradaim *Go the Extra Mile (GEM)* (GEM) na Cuideachta ar siúl den tríú bliain as a chéile in 2020 agus tugadh aitheantas foirmiúil do 350 duine as a gcuid oibre den scoth, lena n-áirítear na gradaim GEM Réigiúnacha a óstáil i roinnt ócáidí ar líne, chomh maith leis na gradaim náisiúnta. Ar an iomlán, ainmníodh 500 fostaí i gcomhair na ngradam. Roghnaigh bainisteoirí sinsearacha réigiúnacha na buaiteoirí áitiúla agus ba í an Fhoireann Ardcheannaireachta a roghnaigh na buaiteoirí náisiúnta. Chaith na fostaithe vóta chun 'Laoch na Bliana' a roghnú.

## BÉ Online

Is é *BÉ Online* ardán meán sóisialta inmheánach Bhus Éireann inar féidir le gach fostaí teacht ar nuacht shóisialta ón gcuideachta agus ó na fostaithe, cibé áit a bhfuil siad ag obair. Forbraíodh an t-ardán digiteach mar fhreagairt ar an mborradh a bhí faoin éileamh ó na fostaithe ar uirlisí rannpháirtíochta níos láithrí agus níos inbhuanaithe a bheith ar fáil dóibh.

In 2020, tráth a raibh srianta taistil i bhfeidhm agus a raibh béim ar an gcianobair mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, bhí ról ríthábhachtach ag *BÉ Online* maidir le cur ar chumas na Cuideachta agus na bhfostaithe a bheith i dteagmháil le chéile. I rith na bliana, gheallamar an nuacht is déanaí agus tuairiscí rialta a sholáthar lena n-áirítear trédhearcacht faisnéise i gcúinsí ina raibh éiginnteacht i réim agus dúshláin le sárú.

I measc na dteachtaireachtaí tábhachtacha d'fhostaithe bhí nuacht faoin ngnó agus faisnéis ábhartha a bhain le COVID-19, chomh maith le míreanna rialta amhail píosaí nuachta ó fhostaithe faoi charthanais, daoine ag dul ar scor agus fáilte á cur roimh fhostaithe nua. Le linn na bliana, d'fhanamar i dteagmháil lenár bhfostaithe le nuacht i scríbhinn, físeán, beochana agus comhráite beo.

Bhí 2,392 úsáideoir gníomhach ar an ardán sin as measc an 2,700 duine atá fostaithe ag Bus Éireann, agus mar sin is cuid riachtanach é den acmhainn atá againn i dtaobh teagmháil a dhéanamh le fostaithe.

## Have Your Say

Tá ról tábhachtach ag ár suirbhé bliantúil ar thuairimí na bhfostaithe, *Have Your Say*, maidir le haiseolas a bhailiú agus a thomhas i measc ár bhfostaithe, rud a thugann léargas tábhachtach dúinn ar na fostaithe, lena n-áirítear slata tomhais a úsáidimid chun baint amach an dara cuspóir straitéiseach dár gcuid a thomhas. Rinneadh an suirbhé i mí Mheán Fómhair, agus is beagán go hiomlán ar líne a líonadh isteach é in 2020 (94%). Ghlac 60% de na fostaithe páirt ann, sin méadú de bheagán os cionn aon trian ó 2019.

Chuireamar an suirbhé ar bun arís in 2019 tar éis é a bheith ar sos ar feadh breis is cúig bliana, agus bhí bunús láidir againn dá bharr lena thomhas cén chaoi ar mhothaigh ár bhfostaithe faoi bheith ag obair le Bus Éireann. In 2020, bhaineamar amach innéacs rannpháirtíochta fostaithe 73%, sin méadú 20 pointe ón mbliain roimhe sin. Díol suntais a bhí ansin mar gheall ar na dúshláin a bhain le gnó túslíne a fheidhmiú le linn na paindéime COVID-19. Tháinig feabhas ar dhearcadh na bhfostaithe i dtaobh beagnach gach ceann de na 62 cheist, agus feabhas mór go minic (breis is 10%).

Léirigh an suirbhé scóir arda i réimse na sábháilteachta, agus d'aontaigh 62% de na fostaithe (+15 i gcomparáid le 2019) go raibh an chuideachta ag déanamh jab maith ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta san ionad oibre agus iad a fheabhsú, agus dúirt 71% (+6 i gcomparáid le 2019) go bhfuil na huirlisí agus an trealamh a theastaíonn uathu acu chun bheith ag gabháil don obair go sábháilte.

Cuid thábhachtach dár straitéis cumarsáide le fostaithe in 2020 a bhí ann nuacht faoin ngnó a sholáthar, mar aon le comhairle ar bhearta sláinte poiblí a chur ar ár bhfostaithe agus aitheantas a thabhairt dá gcuid iarrachtaí agus aird a thabhairt ar na rudaí a bhí ag déanamh imní dóibh. Ón gcéad lá riamh, gheallamar dár bhfostaithe go roinnfimid aon eolas a bhí againn leo, chomh luath agus a d'fhéadfaí.

In 2020, tháinig méadú 22 pointe ar líon na bhfostaithe a d'aontaigh go bhfuil Bus Éireann oscailte agus macánta ina chuid cumarsáide, agus méadú 29 pointe go 67% ar líon na bhfostaithe a dúirt go mbíonn a mbainisteoir nó a maoirseoir aireach orthu.

Baineadh leas as torthaí ó shuirbhé 2020 chun ár straitéis agus ár bpleananna acmhainní daonna i gcomhair 2021 a threorú agus a fhorbairt.

Mar aitheantas ar an dul chun cinn atá déanta maidir le teagmháil a dhéanamh lenár bhfostaithe, bhí áthas orainn gur bhronn Institiúid Caidrimh Phoiblí na hÉireann gradam orainn as an 'Úsáid is Fearr á Baint as Cumarsáid Inmheánach', agus gur bhaineamar amach an dara háit sna Gradaim Acmhainní Daonna sa rannóg Ceannaireachta agus Bainistíochta.

## Cianobair

Cé gur príomhthosaíocht atá agus a bhí againn tacaíocht agus acmhainní a sholáthar dár bhfostaithe túslíne ionas gur féidir leo feidhmiú go slán sábháilte, b'éigean dúinn freisin cloí le treoir an Rialtais go mbeadh ár bhfostaithe oifige ag obair ón mbaile nuair ab fhéidir é ar chor ar bith. Níorbh iondúil le Bus Éireann an cur chuige sin a ghlacadh roimhe seo, ach tugadh beartas nua isteach go gasta a bhí dírithe ar an gcianobair feasta, agus ní díreach le linn na paindéime amháin. Baineadh úsáid as cur chuige bunaithe ar gach duine a chuimsiú maidir leis an mbeartas agus na tacaíochtaí a ceapadh, lenar áiríodh na hacmhainní TF a bhí riachtanach le haghaidh cianoibre, oiliúint IBEC a chur ar fhostaithe agus ar bhainisteoirí fostaithe a bhí i mbun cianoibre, measúnuithe sábháilteachta i dtaobh obair sa bhaile agus cathaoir eirgeanamaíoch fhormheasta a sholáthar. Cuireadh maidineacha caife agus babhtaí tráth na gceist fíorúil ar bun a thóg áit na gcomhráite oifige a bhíodh ar siúl roimhe sin. Ar bhonn aiseolas ón suirbhé ar fhostaithe a rinneadh in 2019, tugadh isteach beartas oibre solúbtha nua freisin, chun freastal ar na cúinsí casta saoil a bhíonn ag ár bhfostaithe go minic.

## Feabhsúcháin ar Bhonn na Teicneolaíochta

Chuireamar duillíní pá ar líne ar fáil do na fostaithe go léir in 2020, trí *BÉ Online*, agus mar sin ní bhíonn gá a thuilleadh le duillíní pá clóite. Chuireamar i bhfeidhm 'AskHR', próiseas láraithe chun fiosrúcháin faoi chúrsaí acmhainní daonna a bhainistiú lena chinntiú go dtabharfar freagra tráthúil, comhsheasmhach ar cheisteanna agus chun dúbailt oibre sna hoifigí áitiúla a sheachaint. Thugamar bainistíocht leictreonach taifead isteach freisin, ionas nach dteastóidh taifid pháipéir agus ionas gur féidir na taifid a rochtain láithreach beag beann ar an áit a bhfuil siad. Aontaíodh clár athraithe ó bhonn don chóras acmhainní daonna, a thabharfar isteach in 2021.

## Caidreamh Tionsclaíoch

Baineadh amach roinnt tosaíochtaí comhroinnte i rith na bliana. Ba í an tsábháilteacht an phríomhthosaíocht, mar is amhlaidh fós, agus bhí cosaint ár bhfostaithe túslíne ina mír rialta ar an gclár oibre i rith na bliana sna próisis chomhairliúcháin éagsúla. Gné riachtanach maidir le dul chun cinn a dhéanamh sa tréimhse sin arbh ea an tsolúbthacht maidir le seirbhísí agus uainchláir nuair a tugadh isteach na srianta Rialtais agus tacaíocht na gceardchumann le linn na tréimhse éiginnteachta sin agus maidir le plean inmharthanachta Expressway a chomhaontú. Taobh leis na hathruithe criticiúla sin, leanadh ar aghaidh ag cur chun feidhme na míreanna táirgiúlachta comhaontaithe mar a leagtar amach sna comhaontuithe pá éagsúla.

## Ag Tacú lenár bPobail

Is é Bus Éireann oibreoir bus náisiúnta na hÉireann a bhfuil sé ina aidhm aige daoine a thabhairt go sábháilte chomh fada leis an gceann scríbe is rogha leo. Tá an gréasán agus an líonra tionchair atá againn leabaithe go domhain sna pobail ar fud na tíre.




**Sa phictiúr: Catherine Barry, Oifigeach Cléireachais le Bus Éireann, Marie King, Feidhmeannach Díolacháin agus an tiománaí Ger Riordan ag an bhFeachtas Nollag "Fill a Bus" i Luimneach**

In 2020, chuamar i mbun rannpháirtíocht le 22 eagraíocht nó carthanas, idir chinn phobail agus chinn dheonacha. Mar gheall ar an treoir sláinte poiblí agus na srianta taistil de bharr na paindéime COVID-19, tháinig méadú mór ar líon na gcruinnithe fíorúla agus na bhfíschruinnithe a reáchtáladh i rith na bliana.

I measc na ngrúpaí a rabhamar rannpháirteach leo bhí: An Grúpa Úsáideoirí um Inrochtaineacht, Béilí ar Rothaí an Inbhir Mhóir, *Business in the Community*, Cheshire House na Gaillimhe, Cork Penny Dinners, Urraíocht Fhíorúil ar Bhród Chorcaí, Pobal Bhaile Dhún na nGall, Béilí ar Rothaí Dhún Dealgan, Cúnamh do Mhná Dhún Dealgan, imeacht Geandála Gasta Fostóra (i gcomhar le hOllscoil Tionsclaíochta BÁC i gcomhair ceantair/grúpaí faoi mhíbhuntáiste), Gaillimh 2020 (Príomhchathair Chultúir na hEorpa), Scoileanna Glasa Luimnigh, an Chomhairle um Inimircigh in Éirinn, Grúpa Athghiniúna Luimnigh (Maígh Rois), Clann Shíomóin an Iarthair Láir, Fleadh an Mhuilinn Chearr, Banc Bia Phort Láirge, agus Obair d'Ógra Éireann (an Mhí).

## Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá Bus Éireann tiomanta do lucht saothair cuimsitheach, agus é á chinntiú de réir a sprice gur eagraíocht é a thugann aire dá fostaithe go léir agus a chothaíonn timpeallacht ina mbíonn muinín ag na fostaithe as a chéile.

In 2020, bhí fostaithe ag an gCuideachta ó níos mó ná 40 tír, rud a léiríonn saibhreas éagsúlachta atá ag dul i méid. Áiríodh leis na tionscnaimh éagsúlachta i rith na bliana beartas nua um Fhéiniúlacht Inscne a fhorbairt agus páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhain le Lá Idirnáisiúnta na mBan 2020.

## Mná sa Lucht Oibre

Is croíphrionsabal é an comhionannas i straitéis inbhuanaitheachta nua Bus Éireann agus tá an Chuideachta ag cur roinnt tionscnamh chun cinn atá dírithe ar chothromaíocht inscne níos mó a bhaint amach san eagraíocht. In 2020, ba mhná bhí 9% de na fostaithe, agus bhí an céatadán sin níos airde i measc na mbainisteoirí (38%) agus na mbainisteoirí sinsearacha (35%).

Tar éis Lá Earcaíochta do Thiománaithe Mná in 2019 agus feachtas leantach ar fud na meán sóisialta, ar an raidió agus ar bhealaí áitiúla, tháinig ochtar tiománaithe mná nua ag obair le Bus Éireann in 2020 mar thoradh ar an iarracht ar chothromaíocht inscne níos fearr a bhaint amach i measc ár dtiománaithe.

## Lá Idirnáisiúnta na mBan

Gach bliain ar an 8 Márta, déantar Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh ar fud an domhain. In 2020, chun an ócáid a cheiliúradh, reáchtáil an triúr Príomhoifigeach mná ceardlanna um fhorbairt gairme le mná ó fhórsa saothair na heagraíochta i roinnt áiteanna ar fud na tíre lena n-áirítear Corcaigh, Baile Átha Cliath, Dún Dealgan, Gaillimh, Luimneach agus Sligeach.






## Oiliúint d'Fhostaithe

Tá líonra náisiúnta teagascóirí oiliúna ag Bus Éireann a chinntíonn go gcomhlíontar ceanglais maidir le hoiliúint rialála agus go gcoinnítear scileanna na dtiománaithe agus na gceardaithe cothrom le dáta, agus a thacaíonn le hoiliúint i dtaobh scileanna boga. Rinneadh gach oiliúint rialála a bhí de dhíth in 2020. D'fhág COVID-19 go raibh dúshláin le sárú ag an bhfoireann oiliúna mar gur ghá scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm, agus mar sin nach bhféadfaí an oiread céanna daoine a bheith sna seomraí ranga is a bhíodh roimhe seo. Chun aghaidh a thabhairt air sin, bhain Bus Éireann triail as beart nua in 2020: cuireadh seisiúin oiliúna ar bun ar bhonn fíorúil nó ar bhonn cianda, agus mar sin bhíothas in ann an oiliúint ba thábhachtaí a choinneáil ar bun. In 2020, tugadh aitheantas do chaighdeán na feidhme oiliúna nuair a bhaineamar amach ISO 9001. Cuireadh tús le hoiliúint in 2020 (agus leanfaidh sí ar aghaidh sna blianta amach romhainn) lena chinntiú go mbeidh na scileanna riachtanacha ag ár gceardaithe chun feithiclí a ritheann ar bhreoslaí malartacha a chothabháil agus a dheisiú agus cigireacht a dhéanamh orthu.

## An Clár Oiliúna do Phrintísigh

In 2020, lean Bus Éireann ar aghaidh ag forbairt bealaí printíseachta inár bhfeidhmeanna Innealtóireachta agus Cothabhála nuair a tháinig 16 phrintíseach nua ag obair linn. Tugann gach printíseach faoi chlár oiliúna ceithre bliana, a chuirtear ar bun i gcomhar le SOLAS. Seacht gcéim atá sa chlár oiliúna do phrintísigh, trí chéim lasmuigh den láthair oibre agus ceithre cinn sa láthair oibre. San iomlán, cuireann ár bprintísigh i gcrích 208 seachtain oiliúna agus ansin bronntar Sainteastas Leibhéal 6 (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann nó QQI) orthu sa Mheicnic Feithiclí Troma. In 2020, bhain 45 printíseach amach an cháilíocht sin.

## Éide na dTiománaithe

Tar éis éisteacht le haiseolas ó shuirbhé *Have Your Say* na bliana 2019 agus ó cheardlanna *Destination 2023*, chuamar i gcomhairle lenár dtiománaithe chun éide nua-aimseartha a dhearadh a léiríonn an bród atá acu as Bus Éireann.

Tá cuma agus éirim níos comhaimseartha ar an éide nua, a bhfuil dath dubh/liath uirthi agus atá déanta as éadach *softshell*. Seaicéid dhúghorm a bhíodh ar na tiománaithe roimhe seo. Cuireadh míreanna nua leis an raon éide freisin lena n-áirítear criosanna, geansaithe a bhfuil muinchillí gearra orthu, cabhaileoga agus cóta nua uile-séasúir. Seolfar an éide nua in 2021.

Chuireamar tús freisin leis an bpróiseas chun éadaí oibre nua a thabhairt isteach dár bhfostaithe sna garáistí.

# Athbhreithniú Airgeadais

## Feidhmíocht Airgeadais

Tar éis dúinn brabús a dhéanamh in 2019, bhí tionchar an-mhór ag an bpaindéim COVID-19 ar úsáid seirbhísí iompair phoiblí agus dá bhrí sin ar fheidhmíocht airgeadais Bhus Éireann. Rinneadh caillteanas (€9.2m) in 2020 tar éis míreanna eisceachtúla. Brabús €2.3m tar éis míreanna eisceachtúla a rinneadh in 2019. Mar gheall ar na géarshrianta taistil a tugadh isteach in 2020 agus a dtionchar ar líon na bpaisinéirí, laghdaigh ioncam Expressway 35.8% i rith 2020 go €38.96m (2019: €60.7m) agus tháinig laghdú 59% ar líon na bpaisinéirí. Tháinig laghdú 8.6% go €141.6m (2019: €154.9m) ar an ioncam ó sheirbhísí OSP agus tháinig laghdú 49% ar líon na bpaisinéirí. Ina theannta sin, caitheadh €16.7m ar threalamh glantacháin agus trealamh cosanta pearsanta a bhaineann go sonrach le COVID-19, agus bhí iarracht mhór de dhíth ar na feidhmeanna soláthair, bainistíochta agus rialaithe airgeadais chun é sin a eagrú agus conarthaí a thabhairt i gcrích ina leith.

Chun an laghdú ábhartha ioncaim ar bhealaí Expressway a mhaolú, comhaontaíodh roinnt athruithe sceidil leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Ina theannta sin, d'éirigh le Bus Éireann tacaíocht shealadach a fháil faoin gConradh Dírdhámhachta d'Oibreoirí Bus Tráchtála (CBO-DAC) ar fud fhormhór na mbealaí agus cuireadh deireadh leis na seirbhísí ar na bealaí eile seachas dhá cheann. Fuarthas maoiniú €5.0m in 2020 faoi CBO-DAC ó cuireadh chun feidhme é ar an 30 Iúil 2020. Le linn 2020, d'iarr an Chuideachta tacaíocht leachtachta do chostais neamhchistithe Expressway a bhain le dhá bhealach Expressway nach raibh clúdaithe faoi CBO-DAC ó CIÉ.

Tháinig ardú 53.2% ar an bhFóirdheontas Iomlán OSP in 2020 mar gheall ar an laghdú ar fháltais ioncaim ó phaisinéirí. Lean an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag maoiniú seirbhísí OSP go hiomlán do 2020, lena n-áirítear maoiniú breise do sheirbhísí ar cuireadh tús leo in 2020 faoi phlean spreagthaí an Rialtais i mí Iúil.

Tháinig laghdú 5.3% ar an ioncam ó na Seirbhísí Iompair Scoile in 2020, mar gheall gur cuireadh ar fionraí na seirbhísí iompair nuair a dúnadh na scoileanna tráth ar bhuail ráig COVID-19 an tír i mí an Mhárta. Áiríodh leis sin maoiniú forlíontach a formheasadh i mí Dheireadh Fómhair chun seirbhísí breise a sholáthar ionas go bhféadfaí scaradh sóisialta 50% a chur i bhfeidhm chun cloí le treoirlínte athbhreithnithe sláinte poiblí.

Bhí Bus Éireann ag fáil €18.7m freisin faoin Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSS) a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020 agus faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostóra (EWSS) a cuireadh in áit an TWSS i mí Mheán Fómhair 2020. Ba é glantionchar an fhóirdheontais ná €0.55m, toisc go ndéantar tromlach an fhóirdheontais a choigeartú i gcoinne na sreafaí maoinithe ábhartha.

Tá an caillteanas (€9.2m) comhdhéanta de ghné brabúis réasúnta de €1.5m atá inchurtha i leith gníomhaíochta OSP lena ndéantar fritháireamh ar chaillteanas (€10.7m) ar ghníomhaíocht seachas gníomhaíocht OSP.

| Bliain | Seirbhísí Scoile & Tráchtála | OSP | Roimh Chostais Eisceachtúla | Costais Eisceachtúla | Brabús/ (Caillteanas) |
|---|---|---|---|---|---|
| | €M | €M | €M | €M | €M |
| **2020** | **(11.2)** | **1.7** | **9.5** | **(0.3)** | **(9.2)** |
| 2019 | 1.6 | 0.7 | 2.3 | 0.036 | 2.3 |




In 2020, tháinig laghdú ar an TRÚCDA go (€6.1m) i gcomparáid le €8.8m in 2019. Ba é COVID-19 an phríomhchúis leis sin. Tháinig méadú 1.2% ar chostais phárolla agus costais ghaolmhara go €144.6m in 2020, tráth a raibh 2,702 duine fostaithe againn ar an meán, i gcomparáid le €142.9m in 2019 agus meánlíon fostaithe 2,727.

Infheistíodh €3.1m in 2020 i gcomparáid le €1.1m in 2019. Déanfar infheistíocht nach beag san fhlít feithiclí agus i seirbhísí do chustaiméirí, agus tá formheas faighte ón mBord i dtaobh 30 feithicil Expressway nua a cheannach in 2019, a thiocfaidh chugainn ó Ráithe 1 2021 ar aghaidh, agus i dtaobh ardán ticéadaithe nua do na busanna (a forbraíodh in 2020). Ní beag an méid airgid é sin agus ní raibh an infheistíocht indéanta go dtí gur tugadh faoi phróiseas cuimsitheach chun measúnú airgeadais a dhéanamh ar an gcaipiteal. Rinneadh feabhsuithe móra freisin ar shaoráidí foirne ar fud na réigiún in 2020, agus caitheadh €1.7m (i gcomparáid le €1.6m in 2019) ar áitribh agus ar shaoráidí. In 2020 freisin, chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair 51 bus OSP nua ar fáil do Bhus Éireann ar luach €19.4m, i gcomparáid le 49 bus OSP ar luach €14.6m in 2019.

Mar gheall ar thionchar na paindéime, is in olcas a chuaigh clár comhardaithe Bus Éireann le linn 2020 agus tá glansócmhainní dar luach €6.8m againn anois, laghdaithe ó €16.0m in 2019.

## Príomhoifigeach Airgeadais – Colúin Straitéiseacha

Tá Bus Éireann tiomanta do na caighdeáin is airde rialaithe agus rialachais airgeadais agus déanann sé a dhícheall a chuspóirí faoi *Destination 2023* a bhaint amach trí cholúin straitéiseacha den scoth a fhorbairt sna feidhmeanna Airgeadais, Soláthair, Comhlíontachta agus Rialachais. Is é ár gcuspóir Bus Éireann a thabhairt chuig an chéad leibhéal eile ó thaobh aibíocht airgeadais thar chúig cholún straitéiseacha:

1. An bealach a léiriú ar chosán straitéiseach
2. Inbhuanaitheacht agus maoiniú a chinntiú
3. Éifeachtúlacht, feidhmíocht agus luach ar airgead a spreagadh
4. Sármhaitheas maidir le daoine agus córais
5. Rialachas eiseamláireach a chur chun cinn.

## Braisle Colún Straitéiseach an Phríomhoifigigh Airgeadais

**Colún 1**
An Bealach a léiriú ar Chosán Straitéiseach

**Colún 2**
Inbhuanaitheacht agus Maoiniú a Chinntiú

**Colún 3**
Éifeachtúlacht, Feidhmíocht agus Luach ar Airgead a Spreagadh

**Colún 4**
Sármhaitheas maidir le Daoine agus Córais

**Colún 5**
Rialachas Eiseamláireach a Chur chun Cinn

### Colún 1 – An Bealach a léiriú ar Chosán Straitéiseach

In 2020, d'ullmhaigh Bus Éireann buiséad ón mbun aníos agus chuir sé an buiséad sin i bhfeidhm d'fhonn cuntasacht buiséid a áirithiú ar fud gach réimse gnó. Déantar réamhaisnéisí a athbhreithniú dhá uair sa bhliain agus déantar athbhreithniú bliantúil ar phlean gnó cúig bliana rollach na Cuideachta agus ansin déanann NewERA athbhreithniú air. Tá athbhreithnithe rialta i bhfeidhm anois ar fud na bhfeidhmeanna gnó go léir ar mhaithe le trédhearcacht agus tuiscint ar na torthaí agus na táscairí feidhmíochta gaolmhara a chinntiú agus bearta ceartaitheacha a chomhaontú agus monatóireacht a dhéanamh orthu nuair is infheidhme. Tá athbhreithnithe tréimhsiúla sceidealta leis an bhFoireann Ardcheannaireachta chun feidhmíocht airgeadais a chur in iúl agus a athbhreithniú. Coinníodh leis an mbuiséadú ón mbun aníos, agus príomhtháscairí feidhmíochta ina mbonn agus ina dtaca ag spriocanna caiteachais de réir suímh, i bpróiseas buiséadaithe 2021, lena chinntiú go mbeidh an gnó OSP lán-mhaoinithe sa dara bliain den Chonradh Dírdhámhachtana. Cuid lárnach den phróiseas seo ba ea an grúpa oibre trasfheidhmiúil a chinntigh go raibh spriocanna comhaontaithe leagtha síos maidir le líon na ndaoine a bhí de dhíth ar fud an ghnólachta lena n-áirítear buiséad mionsonraithe arna choigeartú de réir séasúir do 2021. Cuireadh i gcrích an t-athbhreithniú ar riachtanais na Scéime Iompair Scoile agus tá plé fós ar bun leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar bhonn thorthaí na tuarascála.

### Colún 2 – Inbhuanaitheacht agus Maoiniú a Chinntiú

Le linn 2020, leathnaíodh an ceanglas maidir le hinbhuanaitheacht airgeadais lena chinntiú go raibh maoiniú leordhóthanach á dhéanamh ar Expressway, Seirbhísí OSP agus na Seirbhísí Scoile sna cúinsí eacnamaíocha a bhí ann de bharr COVID-19. Sa chuntas brabúis agus caillteanais i leith 2020, déantar tuairisciú ar fháltais €88.8m ó mhaoiniú na Seirbhísí OSP, méadú €30.8m i gcomparáid le 2019 mar gheall ar mhaoiniú breise a fuarthas ón Údarás Náisiúnta Iompair chun maolú a dhéanamh ar éifeacht an laghdaithe ar fháltais ioncaim, mar aon le maoiniú breise a bhaineann leis an bplean spreagthaí Rialtais i mí Iúil. Laghdaigh ioncam i leith na seirbhísí scoile go €192.7m ó €203.5m in 2019, mar gheall ar na seirbhísí iompair scoile a bheith ar fionraí de bharr dhúnadh na scoileanna. Áiríodh leis sin €10.7m a bhain le COVID-19 lena n-áirítear seirbhísí breise a sholáthar chun freastal ar riachtanais maidir le scaradh sóisialta. I mí Iúil 2020, d'éirigh leis an gCuideachta tacaíocht shealadach a fháil faoin gConradh Dírdhámhachtana d'Oibreoirí Bus Tráchtála (CBO-DAC) chun tacú le gnó Expressway. Cuireadh síneadh leis an gconradh sin go dtí 29 Eanáir 2021, agus maoiniú €5.0m a bhí i gceist i leith 2020.

Chun an brabús sa todhchaí a uasmhéadú agus fás paisinéirí a bhainistiú ar fud ghnó Expressway, ceannaíodh 30 feithicil nua Expressway a ndearnadh a fhormheas in 2019, agus rinneadh infheistíocht in ardán nua ticéadaithe do chustaiméirí Expressway in 2020 agus baineadh triail as. Cuirfidh sé sin le hacmhainn iomaíochais Expressway nuair a thiocfaidh téarnamh ar an margadh tráth a gcuirfear deireadh leis na srianta taistil.

Tá Bus Éireann fós i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le seirbhísí iompair scoile a sholáthar, ag teacht as athbhreithniú neamhspleách ar riachtanais amach anseo.

Ba iad na ceangaltais chaipitiúla amhail an 31 Nollaig 2020 ná €17.4m lena n-áirítear €13.2m do 30 bus Expressway nua, i gcomparáid le ceangaltais chaipitiúla €4.4m amhail an 31 Nollaig 2019.

Táthar ag díriú go mór freisin ar an-aird a thabhairt ar ghníomhaíocht nach bhfuil maoinithe. Agus aghaidh á tabhairt ar an ábhar imní áirithe sin, tá cruinnithe rialta ar bun sa chuideachta féin agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun costais bhreise a scrúdú de réir mar a dhéantar seirbhísí a mhéadú nó a fheabhsú. Bhain ábharthacht ar leith leis sin in 2020 maidir le seirbhísí breise OSP a sholáthar de bharr phlean spreagthaí an Rialtais. I rith na bliana, bhí cinnteoireacht eolasach ar bun, bunaithe ar anailís airgeadais ábhartha agus dlúthchaidrimh oibre le príomhpháirtithe leasmhara, rud a bhí ríthábhachtach chun feabhas a chur ar na seirbhísí agus ciorruithe a chur i bhfeidhm, agus chun an maoiniú ábhartha a fháil a bhaineann le samhlacha maoinithe spreagthaí CBO-DAC agus OSP.

Le linn 2020 lean an Chuideachta ag cur smacht feabhsaithe i bhfeidhm maidir le rialú caipitil agus rialú an chaiteachais oibriúcháin. Tháinig an Coiste Stiúrtha Caipitil le chéile go rialta le linn 2020 chun rialachas agus déine a chur i bhfeidhm i leith na gcinntí infheistíochta, agus é ag féachaint chuige go mbeadh na cinntí bunaithe ar chásanna gnó mionsonraithe. Leis sin, cinntíodh go ndearnadh meastóireacht chríochnúil ar roghanna agus go raibh Bord Bhus Éireann ar an eolas go hiomlán agus cinntí á ndéanamh ar chaiteachas caipitil.

### Colún 3 – Éifeachtúlacht, Feidhmíocht agus Luach ar Airgead a Spreagadh

Áiríodh ar na feabhsuithe ó thaobh soláthair le linn 2020 laghdú ar chaiteachas neamhchomhlíontach ó 4% in 2019 go 2.2% in 2020. Tugadh isteach ardán ríomhsholáthair chun próisis agus nósanna imeachta soláthair a bharrfheabhsú. Cuideoidh na feabhsuithe sin leis an gCuideachta a chinntiú go gcomhlíonfaidh sí na ceanglais rialála atá uirthi i bpríomhréimsí gnó agus go mbeidh an dea-chleachtas i bhfeidhm aici maidir le bainistíocht creata agus conartha. Le linn 2020, mar thoradh ar threoirlínte sláinte poiblí COVID-19, ar ghearrfhógra agus tráth a raibh ganntanas sa mhargadh, d'éirigh leis an gCuideachta trealamh glantacháin agus trealamh cosanta pearsanta formheasta a fhoinsiú agus a dháileadh, chomh maith le glanadh na bpointí tadhaill sna busanna a eagrú. Fuarthas acmhainní breise freisin do na Seirbhísí Iompair Scoile freisin chun acmhainn bhreise 50% a chur ar fáil ar sheirbhísí a raibh scaradh sóisialta i bhfeidhm orthu. Rinneadh an obair mhór sin ar ghearrfhógra agus treoirlínte soláthair á gcomhlíonadh.

In 2020, bronnadh níos mó ná 25 conradh, agus ba chreatchonarthaí iad 10 gcinn acu faoinar bunaíodh dhá Phainéal Soláthraithe Cáilithe. San iomlán, spáráladh airgead faoi naoi gcinn de na conarthaí. Rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar na conarthaí sin agus tagarmharcáladh an phraghsáil i gcoinne eagraíochtaí comhchosúla san Aontas Eorpach. Léirigh an beart tagarmharcála sin go raibh an phraghsáil sna conarthaí go léir iomaíoch i gcomparáid le praghas an mhargaidh agus go raibh luach ar airgead á bhaint amach.

Mar gheall ar shrianta taistil COVID-19 agus gníomhaíocht laghdaithe i measc paisinéirí, tugadh isteach amchlár Sathairn (le roinnt seirbhís breise) ar gach seirbhís do phaisinéirí ó Aibreán 2020 go dtí tús mhí an Mheithimh 2020. Spáráladh airgead ar bhreosla, boinn agus busanna ar cíos ar na seirbhísí OSP, rud a laghdaigh an riachtanas i dtaobh maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair i leith 2020.



### Colún 4 – Sármhaitheas maidir le daoine agus córais

Tá Bus Éireann fós ag infheistiú ina chuid fostaithe agus ina chórais ar fud na bhfeidhmeanna Airgeadais, Soláthair, Comhlíontachta agus Rialachais. In 2021, tabharfar aghaidh ar phróisis, córais, teicneolaíochtaí, anailísíocht sonraí agus acmhainní d'fhonn teacht aniar a chothú ó thaobh cúrsaí airgeadais.

### Colún 5 – Rialachas Eiseamláireach a Chur chun Cinn

Tá Bus Éireann lántiomanta do chloí leis na ceanglais atá orainn faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Le linn 2020, rinneadh forbairt leanúnach ar an gcreat Comhlíontachta agus Rialachais Chorparáidigh laistigh den Chuideachta, lena n-áirítear fócas méadaithe ar dhearbhú a sholáthar maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha. Díríodh níos mó freisin ar éifeachtacht i leith Rialachas na mBord agus na gCoistí, go háirithe le linn na paindéime COVID-19 agus é ag dul i bhfeidhm orainn in 2020 agus 2021. Rinne an eagraíocht *Governance Ireland* athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an bhoird i mí Eanáir 2020. Díríodh níos mó ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ar chomhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí. Ina theannta sin, chuir an Chuideachta feabhas ar a próisis agus a córais chun déileáil le rialachas agus tuairisciú i ndáil le rialú airgeadais agus cuntasaíochta agus comhlíonadh ginearálta reachtúil agus rialála.

Tá an Chuideachta curtha in oiriúint don Bhreatimeacht agus tá plean i leith an Bhreatimeachta á chur i bhfeidhm aici, plean a ceapadh in 2020.

Leis an Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh i leith 2020, soláthraíodh leibhéal dearbhaithe idir Sásúil agus Suntasach thar raon gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, Acht na gCuideachtaí, agus an Cód Caiteachais Phoiblí. Tugtar achoimre ar na leibhéil dearbhaithe sa tábla seo a leanas:

| | Leibhéal Dearbhaithe | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Fianaise maidir le Comhlíonadh** | **Míshásúil** | **Teoranta** | **Sásúil** | **Suntasach** |
| **1 – Cód Cleachtais** | | | | |
| Cód Cleachtais – Athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta ar Threoirlínte Ginearálta | | | | ✓ |
| Cód Cleachtais – Iarscríbhinn Ghnó agus Airgeadais – Athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta | | | | ✓ |
| Cód Cleachtais – Creat Bainistíochta Riosca – Athbhreithniú Bliantúil um dhearbhú cáilíochta | | | ✓ | |
| Cód Cleachtais – Rialachas an Bhoird agus na gCoistí – Féinmheasúnuithe Bliantúla agus athbhreithniú ar na Téarmaí Tagartha | | | ✓ | |
| Cód Cleachtais – Cairt Custaiméirí | | | ✓ | |
| **2 – Iniúchtaí Inmheánacha/Seachtracha** | | | | |
| CA 2014 – Ráiteas na Stiúrthóirí um Chomhlíonadh Stiúrthóirí – Iniúchadh GIA | | | | ✓ |
| Iniúchadh Seachtrach – Cúrsaí Comhlíontachta agus Rialachais | | | ✓ | |
| Iniúchadh Inmheánach – Tuarascáil bhliantúil dearbhaithe cáilíochta | | | ✓ | |
| Iniúchadh de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair | | | ✓ | ✓ |
| **3 – Athbhreithnithe Eile** | | | | |
| Tuarascáil maidir le Maoluithe i leith Soláthair agus Neamhchomhlíonadh 2020 – Cleachtais Athshlánaíocha agus Scoileanna | | | ✓ | |
| Cód Caiteachais Phoiblí – Tuarascáil Bhliantúil Dearbhaithe Cáilíochta 2020 | | | ✓ | |
| Clár Comhlíontachta PCI DSS | | | ✓ | |
| Scéim na Gaeilge | | | ✓ | |

Le linn 2020, bhain Bus Éireann amach rátáil dearbhaithe 'Suntasach' san Iniúchadh i leith Seirbhísí OSP 2019 a rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair, agus i leith an Chonartha um Oscailt Mhargadh na mBusanna i bPort Láirge. Ba iad RSM (iniúchóirí a cheaptha an tÚdarás Náisiúnta Iompair) a rinne an dara hiniúchadh sin. Is é sin an rátáil is airde is féidir a bhaint amach agus an chéad uair atá a leithéid de rátáil bainte amach ag Bus Éireann ó thosaigh na hiniúchtaí sin sa bhliain chonartha 2010. Chomh maith leis sin, tháinig laghdú mór ar líon na moltaí sna hiniúchtaí a rinneadh in 2020, le hais blianta roimhe sin. Is teist é sin ar an tábhacht a leagann Bus Éireann ar comhlíonadh a oibleagáidí OSP agus freisin ar na hiarrachtaí móra a rinne baill foirne ar fud an ghnó na caighdeáin is airde a bhaint amach agus a choinneáil ar bun agus a ndualgais OSP á gcomhlíonadh acu.

## Ionchas Airgeadais

Bhí tionchar an-mhór ag an bpaindéim COVID-19 ar an éileamh ó phaisinéirí i rith na bliana 2020 agus tá an tionchar sin fós le sonrú in 2021. Chothaigh an phaindéim cúinsí dúshlánacha a bhfuil an chuideachta ag déileáil leo i dteannta lenár bpríomhpháirtithe leasmhara go léir. Tá na tionchair mionsonraithe sa chuid 'Gnóthas Leantach' de Thuarascáil na Stiúrthóirí.




Cuireadh síneadh leis an gConradh Dírdhámhachtana d'Oibreoirí Bus Tráchtála (CBO-DAC) ar feadh trí mhí eile ón 30 Eanáir go dtí an 29 Aibreán 2021. Cuirimid fáilte roimhe sin tráth a bhfuil sé ina thoradh ar na srianta náisiúnta ar Leibhéal 5 nach gceadaítear ach 25% den acmhainn paisinéirí ar na busanna a leanas go dtí an chéad pháirt de 2021.

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna fós ag maoiniú caiteachas breise a bhaineann le COVID-19 lena n-áirítear seirbhísí a tugadh isteach chun cloí le scaradh sóisialta 50% ar sheirbhísí príomhshrutha agus ar sheirbhísí oideachais speisialta ar an leibhéal iarbhunscoile.

## Sármhaitheas i dtaobh Cúrsaí Oibriúcháin

Inár bplean *Destination 2023*, is é an ceathrú Cuspóir Straitéiseach 4 atá againn sármhaitheas oibríochta a bhunú ar fud na bpróiseas gnó go léir agus feidhmíocht thráthúil, shábháilte, iontaofa a bhaint amach i leith na seirbhísí go léir. In 2020, bhaineamar amach 68% i gcoinne sprioc 70% i dtimpeallacht oibríochta a bhí thar a bheith dúshlánach.

### Sábháilteacht

Tá an tsábháilteacht ina cuid fhíorthábhachtach de mhisean Bus Éireann agus ní raibh sí riamh níos tábhachtaí ná mar a bhí in 2020. Ar na saolta dúshlánacha seo, tá an sainchúram sábháilteachta atá ar na eagraíocht fós a threorú ag an bhFoireann Ardcheannaireachta agus ag Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird.

### Freagairt ar COVID-19

Bhí dúshláin mhóra oibríochta i gceist le freagairt na Cuideachta ar an bpaindéim COVID-19 i rith na bliana. Bunaíodh Grúpa Sinsearach Comhordaithe Freagartha de chuid Bhus Éireann ar an 28 Feabhra, lá sular dearbhaíodh an chéad chás den víreas i bPoblacht na hÉireann. Bhí an grúpa dírithe ar bhearta sábháilteachta a chur chun feidhme agus tacú leis na fostaithe, agus ar chumarsáid, chomh maith le pleanáil theagmhasach agus beartais nua a cheapadh ar fud na bhfeidhmeanna go léir. Bhí rannpháirtíocht agus comhoibriú le páirtithe leasmhara iomadúla ina gcuid lárnach den fhreagairt, go háirithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Iompair agus an Údarás Náisiúnta Iompair, ach freisin leis an Roinn Sláinte, Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Chuir Coiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird tús le maoirseacht ar fhreagairt na Cuideachta do COVID-19 le cruinniú a tionóladh ar an 6 Márta. Rinneadh plean freagartha leathnaithe, faoi Phlean Éigeandála na Cuideachta, a fhormheas ag an gcruinniú sin. Tionóladh cruinniú den Ghrúpa comhordaithe gach lá agus thug sé an nuacht ba dhéanaí don choiste ag cruinnithe rialta uair sa choicís.

Rud úrnua dúinn a bhí sa scála agus sa chastacht a bhain leis an bhfreagairt ar COVID-19, agus cuireadh raon leathan beartas, nósanna imeachta, gníomhartha sábháilteachta, athruithe ar fheithiclí agus ar shaoráidí, agus iniúchtaí san ionad oibre i bhfeidhm i dtréimhse réasúnta gearr ó mhí an Mhárta ar aghaidh. Bhí ról lárnach ag na fostaithe maidir leis na hathruithe sin a éascú agus a chur i bhfeidhm agus maidir le nósanna imeachta nua a chomhlíonadh chun féachaint chuige gur beag an baol a bhí ann go scaipfí an víreas san ionad oibre.

Chuir an fhoireann sábháilteachta agus an fhoireann acmhainní daonna tacaíocht ar fáil dóibh siúd a bhí ag obair ón mbaile, trí mheasúnuithe agus oiliúint ó thaobh sábháilteacht san ionad oibre sa bhaile. Cuireadh chun feidhme próiseas maidir le hiniúchadh ar shábháilteacht san ionad oibre i ndáil le COVID-19 i rith na bliana ag gach láthair oibríochta.

## Staitisticí Sábháilteachta

Tá áthas ar Bhus Éireann a thuairisciú nach bhfuair aon phaisinéir ná fostaí bás i dtimpiste a bhí bainteach leis an obair in 2020 agus nach raibh baint dhíreach ag an gCuideachta le haon imbhuailtí marfacha. Tharla timpiste thromchúiseach amháin i rith na bliana – ar bhealach 101 idir Baile Átha Cliath/Droichead Átha – ach is cúis faoisimh againn é nár tuairiscíodh aon ghortuithe tromchúiseacha de bharr an imbhuailte.

Tháinig laghdú 31% ar ráta na n-imbhuailtí a tharla sa bhliain i gcomparáid le 2019 in aghaidh an chiliméadair, rud a léiríonn feidhmíocht agus faireachas sábháilteachta atá fós ag feabhsú, agus laghdú ar an mbrú tráchta foriomlán mar gheall ar an bpaindéim. Tháinig laghdú 24% ar rátaí timpistí i measc paisinéirí ar bhonn gach milliún paisinéir a iompraíodh ar bhusanna a d'oibrigh Bus Éireann féin. Ba é 62% an dearbhlaghdú iomlán ina leith sin, go príomha mar gheall ar laghdú ar líon na n-aistear mar gheall ar an bpaindéim. Tháinig laghdú 28% ar an ráta timpistí a tharla d'fhostaithe (ar bhonn líon na bhfostaithe), rud a léiríonn na córais shábháilte oibre atá i bhfeidhm sa Chuideachta. Bhí laghdú 41% tagtha ar éilimh nua ó thríú páirtithe ag deireadh na bliana.

## Tástáil Alcóil agus Drugaí

Mar gheall ar dhaoine a bheith ar meisce nó faoi thionchar drugaí níos minice ar na bóithre le blianta beaga anuas, tugadh próiseas tairisceana i gcrích chun soláthraí tástála a cheapadh chun tástáil alcóil agus drugaí a chur i bhfeidhm d'fhostaithe agus conraitheoirí de chuid Bhus Éireann. Rinneadh go leor oibre freisin ar bheartas reatha na Cuideachta a thabhairt cothrom le dáta, agus ar an gcomhairliúchán le fostaithe, lena chinntiú go gcuirfear chun feidhme an clár tástála atá pleanáilte go luath in 2021.

## Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre

Tá an Straitéis nua um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 á tabhairt chun críche ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Chuir Bus Éireann freagra comhairliúcháin mionsonraithe agus plean gníomhaíochta faoi bhráid na foirne straitéise i rith na bliana agus tá ionadaíocht ag an gCuideachta anois ar choiste stiúrtha na straitéise. Ceann de na príomhréimsí fócais a bhí againn ná cur chuige bunaithe ar fhianaise a úsáid lena chur in iúl gur cóir iompair shábháilte é an bus go bunúsach.

## Plean Éigeandála

Mar chuid den phleanáil agus ullmhúchán teagmhasach éigeandála leanúnach, cuireadh dhá sheisiún cásanna tástála de Phlean Éigeandála na Cuideachta ar bun i rith na bliana. Cuireadh mórtheagmhas bréige ar bun i mí na Samhna, a bhain le héigeandáil de bharr imbhualadh tráchta.

## Gradam um Shármhaitheas i dtaobh Sábháilteachta

Bhí ríméad ar an gCuideachta nuair a fógraíodh i rith na bliana gurb í a bhuaigh an gradam náisiúnta bliantúil um Shármhaitheas i dtaobh Sláinte agus Sábháilteachta 2020 sa chatagóir Iompair. Aitheantas a bhí ansin ar fheidhmíocht agus nuálaíocht den scoth maidir le sláinte agus sábháilteacht.

## Seirbhísí Iompair Scoile

Is é sábháilteacht na bpáistí scoile a bhíonn ag taisteal ar na seirbhísí iompair scoile an tosaíocht is mó atá againn anseo i mBus Éireann. In 2020, tháinig laghdú ar líon na n-imbhuailtí agus na dtimpistí a tharla do phaisinéirí ar ár seirbhísí, rud is fianaise eile fós ar ár dtiomantas do dhea-theist sábháilteachta a choinneáil ar bun.




Lean an Chuideachta ar aghaidh ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú go mbeidh an tsábháilteacht fós ina príomhthosaíocht i bhfeidhmiú na Scéime Iompair Scoile, i gcúinsí dúshlánacha. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thug an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre dúinn maidir le príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta a chur ar a súile do scoláirí mar chuid den fheachtas a bhí ar bun tráth ar filleadh ar na scoileanna i mí Lúnasa 2020.




## Cosaint Leanaí

Ag teacht le ceanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, tá Ráiteas um Chosaint Leanaí foilsithe ag Bus Éireann agus rinneamar Measúnú Riosca chun aghaidh a thabhairt ar aon rud a d'fhéadfadh aon dochar a dhéanamh do leanaí agus iad faoinár gcúram.

In 2018 freisin, rinneamar athbhreithniú ar an leabhrán dár gcuid ina leagtar síos an Beartas um Chosaint Leanaí, ina sonraítear na príomhphrionsabail a bhaineann le cosaint leanaí san eagraíocht seo. Tá sonraí ann faoi ráiteas beartais Bhus Éireann agus faoinár gcód iompair, agus leagtar amach ann nósanna imeachta a leanfaidh ár mbaill foirne agus iad ag déileáil le haon ábhar imní a bhaineann le cosaint leanaí. Scaipeadh an leabhrán um chosaint leanaí ar fhoireann uile Bhus Éireann, ar na conraitheoirí Iompair Scoile agus ar a dtiománaithe, agus cuireann sé le sábháilteacht agus leas na leanaí a úsáideann ár gcuid seirbhísí.

In Aibreán 2020, ag teacht leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí, cuireadh socruithe i bhfeidhm lena chinntiú go bhfeabhsódh feasacht ar chosaint leanaí trí chlár ríomhfhoghlama a sholáthar faoin gclár 'Tús Áite do Leanaí' a ritheann Tusla. Go dtí seo, d'éirigh le 313 fostaí an oiliúint sin a chur i gcrích. Cuireadh an clár ar bun freisin faoin gclár Oiliúna Ionduchtaithe a chuireann Bus Éireann ar fáil do thiománaithe.

## Grinnfhiosrú

Is é príomhfhócas Oifig Grinnfhiosrúcháin Bhus Éireann a chinntiú go gcomhlíonann an Chuideachta na forálacha reachtúla faoin Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016. Féachtar ann leis an sármhaitheas a chothú i gcaighdeáin oibríochta chun cur le sábháilteacht agus leas na leanaí a iompraímid, go háirithe iad siúd a bhaineann leas as na seirbhísí iompair scoile dár gcuid.

I mí Eanáir 2018, seoladh an Córas Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin ar líne, rud a fhágann go bhfuil próiseas iarratais grinnfhiosrúcháin againn anois atá nua-aimseartha agus áisiúil. Tá an córas sin á nuashonrú go leanúnach lena chinntiú go mbeidh sé i gcónaí oiriúnach dá fheidhm i gcás úsáideoirí inmheánacha agus úsáideoirí seachtracha araon.

In 2020, rinne Oifig Grinnfhiosrúcháin Bhus Éireann iarratais a phróiseáil i leith thart ar 8,000 iarratasóir. Is ionann sin agus méadú 80% ar líon na n-iarratas ar ghrinnfhiosrúchán a próiseáladh in 2019. Is féidir an méadú mór ar iarratais ghrinnfhiosrúcháin a chur i leith roinnt cúinsí lena n-áirítear tús a bheith curtha le hAth-Ghrinnfhiosrúchán agus an Tionscadal um Scaradh Sóisialta ar Sheirbhísí Iompair Scoile.

Tacaíonn an Oifig Grinnfhiosrúcháin le riachtanais oibríochtaí iompair scoile trína chinntiú go ndéantar iarratais ghrinnfhiosrúcháin a phróiseáil ar bhealach éifeachtach, tráthúil. Chomh maith leis sin, gineann an Córas Ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin comhfhreagras digiteach agus, nuair a cheadaítear d'iarratasóirí seirbhís a fheidhmiú thar ceann Bhus Éireann, cuirtear cóip leictreonach chucu de *Chód Iompair* oifigiúil na cuideachta agus dá *leabhrán maidir leis an mBeartas um Chosaint Leanaí*.

## Rioscaí

Déanaimid ár ndícheall anseo i mBus Éireann a chinntiú go mbíonn cur chuige láidir spriocdhírithe againn sa chuideachta i gcónaí maidir le rioscaí a bhainistiú. Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán as a chinntiú go mbeidh na rioscaí atá ag bagairt ar an gcuideachta i gcomhréir le baint amach a cuid spriocanna straitéiseacha agus leis an luach fadtéarmach do na páirtithe leasmhara.

Is iad an tsábháilteacht agus an bhainistíocht rioscaí fós an tosaíocht is airde dá bhfuil ag comhaltaí an Bhoird agus ag an bhFoireann Ardcheannaireachta.

Tá Creat Bainistíochta Rioscaí na Cuideachta ag teacht le forálacha ISO 31000: 2018 agus comhlíonann sé ceanglais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Treoir maidir le Bainistiú Riosca do Ranna agus Oifigí Rialtais agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tá próisis mhionsonraithe, sásraí athbhreithnithe rialta agus córas srianta agus ceartúchán i bhfeidhm chun an dearbhú cáilíochta tráthúil a sholáthar a theastaíonn sa chaoi is go mbeidh an Bord agus an Fhoireann Ardcheannaireachta in ann breithiúnais agus cinntí eolasacha a dhéanamh mar is gá.

Ag tús na bliana, bhí baol paindéime ar Chlár Rioscaí na cuideachta, ach níor measadh gur Príomhriosca é. Ardaíodh an leibhéal riosca chuig 'Príomhriosca' ar an gClár Rioscaí i mí an Mhárta agus cruthaíodh agus bainistíodh roinnt rioscaí eile a bhaineann le COVID-19 i rith na bliana.

Rinne an Fhoireann Ardcheannaireachta athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar Chlár Rioscaí na Cuideachta i rith na bliana. Tuairiscíodh príomhrioscaí agus iad siúd lasmuigh den lamháltas do gach cruinniú a thionól an Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí agus an Bord. Tugadh chun críche iniúchadh inmheánach ar phróisis i rith na bliana.

## Maoin

Thug foireann na saoráidí chun críche 51 tionscadal feabhsúcháin saoráide ar leithligh in 2020, lena n-áirítear ceithre thionscadal faoinar feabhsaíodh an rochtain ar stáisiúin, arna maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair i gCill Airne, Ros Láir, Trá Lí agus Port Láirge.

Bhain cuid de na tionscadail áitiúla le hoibreacha riachtanacha ionas go bhféadfaí cur leis an scaradh sóisialta inár saoráidí agus chun tacú le leathnú seirbhíse faoin gConradh Dírdhámhachtana i ráithe dheireanach na bliana.

Cé gur cuireadh moill ar mhórthionscadail mar gheall ar bhabhtaí dianghlasála na paindéime agus mar gheall ar easpa caipitil de bharr staid airgeadais na Cuideachta, rinneadh go leor oibre chun dearaí mionsonraithe a thabhairt chun críche agus muid ag ullmhú chun mórthionscadail a chur i bhfeidhm in 2021. Dámhadh conradh chun foirgneamh íosta Bhaile an Róistigh i Luimneach a athfhorbairt, agus déanfar an obair ina leith sin in 2021.




**Sa phictiúr: Hildegarde Naughton TD, Aire Stáit sa Roinn Iompair, le Príomhoifigeach Custaiméirí Bhus Éireann, Allen Parker agus an Príomhfheidhmeannach Stephen Kent ag imeacht a d'eagraigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair tráth ar cuireadh Busanna Hibrideacha dhá urlár le Seirbhísí Chathair na Gaillimhe.**

## Cúrsaí Comhshaoil agus Aeráide

Rinne Bord Bhus Éireann straitéis inbhuanaitheachta nua a fhormheas i mí Lúnasa, *Driving Change* 2020-2030. Tá an straitéis sin bunaithe ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus tá sí ag teacht leis na cuspóirí atá sonraithe in *Destination 2023*. Leagtar amach inti plean chun spriocanna dúshlánacha inbhuanaitheachta a bhaint amach idir seo agus 2030.

Is príomhcholún den chlár oibre inbhuanaitheachta nua é athrú a chur chun cinn i réimse na Gníomhaíochta ar son na hAeráide. Tá Bus Éireann fós tiomanta do chuspóirí agus spriocanna an rialtais maidir leis an athrú aeráide agus éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus a bheith ina eiseamláir sa réimse sin. Táthar ag súil go n-achtófar an reachtaíocht a bhaineann leis an bPlean Gnímh don Aeráid in 2021.

## Uasghrádú a Dhéanamh ar an bhFlít Busanna

Cuireadh 30 feithicil nua leis an bhflít i rith na bliana. Ag teacht le beartas an Údaráis Náisiúnta Iompair gan feithiclí uirbeacha a ritheann ar dhíosail amháin a cheannach a thuilleadh, fuarthas an chéad ghála feithiclí nua, 28 bus hibrideach dhá urlár, ag deireadh na bliana. Cuirfear na feithiclí sin ar an mbóthar i gcathair na Gaillimhe in 2021 agus beidh sé sin ina chéad chéim chun an flít busanna a athrú ó chinn díosail go dtí cinn a ritheann ar chumhacht leictreach agus le breosla-chealla. Ní mór na saoráidí san iosta a athrú freisin faoin bpróiseas sin, ionas gur féidir na feithiclí leictreacha nua a luchtú agus cothabháil a dhéanamh orthu.

Ag deireadh 2020, bhí 55% de fhlít seirbhíse Bus Éireann ag cloí leis an gcaighdeán astaíochtaí Euro VI i leith innill níos glaine, rud a laghdaíonn astaíochtaí carbóin suas le 90%. Tiocfaidh feabhas eile fós ar an gcéatadán sin nuair a gheofar busanna eile de chuid Expressway agus na seirbhísí áitiúla, a bhfuiltear ag súil leo in 2021.

## Triail Taighde maidir le Teicneolaíocht Hidrigine le hAstaíochtaí Nialais

Baineadh garsprioc mhór amach i rith na bliana nuair a bhí príomhról ceannais agus comhordaithe ag Bus Éireann maidir le tacú le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus CIÉ sa chéad triail a rinneadh in Éirinn ar theicneolaíocht Breosla-Chille Hidrigine. Tá hidrigin ag teacht go mór chun cinn mar theicneolaíocht a bheidh i réim amach anseo, i ndáil le hastaíochtaí nialais, chun busanna leictreacha a rith. Beidh raon níos faide acu ná mar a bhíonn faoi láthair ag feithiclí ag an bhfuil teicneolaíocht cadhnraí an lae inniu, agus ní thógfaidh sé an oiread ama iad a luchtú.

I gcomhar le roinnt príomhpháirtithe leasmhara tionscail, lena n-áirítear an Roinn Iompair agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, BOC Gases Ireland, Toyota, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus baill eile de Hydrogen Mobility Ireland, rinneadh an triail thar thréimhse seacht seachtaine. Trí chéim a bhí i gceist inti, mar seo a leanas: chuir Bus Éireann tréimhse oibríochta trí seachtaine ar bun, ar chuid de bhealach 109A idir Achadh an Iúir agus Aerfort Bhaile Átha Cliath, chun an teicneolaíocht a thástáil sa chathair, i gceantar uirbeach ar imeall na cathrach agus ar an mótarbhealach.

Tá Bus Éireann bródúil as a bheith ar an gcéad oibreoir a d'iompair paisinéir ar fheithicil leictreach breosla-cille hidrigine in Éirinn.

Thug an triail taighde léargas luachmhar dúinn ar hidrigin mar theicneolaíocht iompair phoiblí, sula gcuirfidh Bus Éireann trí bhus breosla-chille hidrigine dhá urlár ar an mbóthar in 2021, arna maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair.

## Carranna agus Veaineanna na Cuideachta

Cuireadh tús leis an aistriú go carranna agus veaineanna leictreacha i rith na bliana, nuair a fuair an chuideachta 14 fheithicil lán-leictreacha. Is é an sprioc atá againn faoin Straitéis Inbhuanaitheachta an flít iomlán 120 feithicil a bheith leictreach faoi 2025.

## Bainistíocht Fuinnimh agus Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa

Tá an Bord agus an Fhoireann Ardcheannaireachta fós ag díriú go tréan ar bhainistíocht fuinnimh agus ar inbhuanaitheacht breosla. In 2020, d'ídigh an Chuideachta 274,312 MW fuinnimh, laghdú suntasach 13.7% ar fhigiúr 2019, 317,841 MW. Baineadh amach an laghdú sin mar gheall ar laghdú ar líon na gciliméadar a clúdaíodh ar bhealaí iompair scoile, agus mar gheall ar fheabhas leanúnach ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Astaíodh 65.36 míle $tCO_2$ astaíochtaí gás ceaptha teasa i rith na bliana, laghdaithe ó 76.54 míle tonna $tCO_2$ in 2019.

Ar an iomlán, tá feabhas 20.3% tagtha ar an éifeachtúlacht fuinnimh sa Chuideachta (mar atá fíoraithe ag Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann) ó 2009, an bhliain tomhais bhunlíne, go 2020. Táthar ag súil le feabhas eile fós ina leith sin in 2021.

Baineadh garsprioc eile amach i rith na bliana nuair a fuarthas deimhniú Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 ó Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, a bhuí leis an bhFoireann Fuinnimh trasfheidhme. Ba é sin an chéad deimhniú den sórt sin a fuair an Chuideachta agus is bonn iontach é le haghaidh dul chun cinn leanúnach nach mór a dhéanamh agus a thomhas, ós rud é go bhfuil sé ina sprioc dhúshlánach againn feabhas 50% a bhaint amach i dtaobh éifeachtúlacht fhoriomlán fuinnimh faoi 2030. Fuarthas maoiniú don tionscadal sin trí Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh an Rialtais.

## Bainistíocht Chomhshaoil

Ghlac an chuideachta beartas comhshaoil nua *BÉ Greener,* i rith na bliana agus cuireadh obair mhór i gcrích ar phlean bainistíochta comhshaoil nuashonraithe na cuideachta, rud a d'fhág gur éirigh linn in iniúchadh Chéim 1 ar Chaighdeán Bainistíochta Comhshaoil ISO14001 i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh. Tá sé beartaithe deimhniú Chéim 2 a dhéanamh go luath in 2021, agus tá sé i gceist an plean a chur i bhfeidhm inár gcuid saoráidí eile freisin.

## Feabhas ar an bhFlít Busanna

Tá clár infheistíochta fadtéarmach, leanúnach i mbusanna nua ríthábhachtach ionas gur féidir le Bus Éireann cur lenár leibhéal inbhuanaitheachta, astaíochtaí carbóin a ísliú, truailliú aeir a laghdú, agus eispéireas an chustaiméara a fheabhsú.

Amach sa bhliain 2020, fuarthas an chéad ghála feithiclí nua, busanna hibrideacha dhá urlár, agus cuirfear na feithiclí sin ar an mbóthar i gcathair na Gaillimhe in 2021. Beidh sé sin ina chéad chéim chun an flít busanna a athrú ó chinn díosail go dtí cinn a ritheann ar chumhacht leictreach agus le breosla-chealla. Ní mór na saoráidí san iosta a athrú freisin ionas gur féidir na feithiclí nua a luchtú agus cothabháil a dhéanamh orthu.

Tá 55% de na feithiclí i bhflít seirbhíse Bhus Éireann ag cloí anois leis an gcaighdeán astaíochtaí Euro VI, caighdeán den scoth i leith innill níos glaine, agus tiocfaidh feabhas eile fós ar an bhfigiúr sin le teacht bhusanna nua Expressway agus busanna áitiúla nua i rith na bliana seo atá romhainn.

Áiríodh ar liosta na bhfeabhsúchán a rinneadh ar an bhflít:

- 15 bhus cathrach nua dhá urlár ina bhfuil innill Euro VI.
- 40 cóiste comaitéireachta nua ísealurláir 13.5m, atá lán-inrochtana agus ina bhfuil innill Euro VI, le húsáid i gcomhair na seirbhísí OSP.
- Ordaíodh 26 feithicil hibrideach leictreach, íseal-astaíochtaí do sheirbhísí Chathair na Gaillimhe lena gcur ar an mbóthar i Ráithe 2 2021.
- Ordaíodh 30 cóiste comaitéireachta dhá urlár, atá lán-inrochtana, lena gcur ar an mbóthar i gcomhair seirbhísí atá ar conradh ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Tiocfaidh siad chomh fada linn i Ráithe 1 2021.
- 30 cóiste Expressway trí acastóra VDL a thiocfaidh chomh fada linn i Ráithe 1 2021.

Cuireadh tús le sraith ceardlann chun ár bhfíseanna agus ár gcuid luachanna faoi *Destination 2023* a chur in iúl i rith na bliana ach cuireadh na ceardlanna ar fionraí ina dhiaidh sin mar gheall ar shrianta a bhaineann leis an bpaindéim.

Lean Bus Éireann air i rith na bliana ag plé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis an ngá atá ann infheistíocht a dhéanamh san fhlít feithiclí seirbhíse. Thángthas ar chomhaontú leis an Roinn 38 feithicil a aistriú ó oibríochtaí Paisinéirí Bóthair go Seirbhísí IompairScoile in 2020 chun freastal ar an easnamh a bhí ann de bharr feithiclí a bhí á gcur as seirbhís ag deireadh mhí na Nollag 2019. Aistreofar tuilleadh feithiclí in 2021.




**Sa phictiúr: Stephen Kent, Príomhfheidhmeannach Bhus Éireann agus Eamon Ryan TD, an tAire Iompair, Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ag seoladh chéad triail na hÉireann ar theicneolaíocht Breosla-Chille Hidrigine.**



## Teicneolaíocht

Bíonn Bus Éireann ag díriú go mór ar an teicneolaíocht, rud a chuireann ar ár gcumas dúinn muid féin a nuachóiriú agus a bheith ar an gcuideachta iompair is dírithe ar an gcustaiméir in Éirinn. Chomh maith leis na tionscnaimh nua do chustaiméirí a bhfuil cur síos orthu in 'Ag Díriú ar na Custaiméirí' (leathanach 4), tugadh faoi roinnt príomhthionscadal in 2020 chun feabhas leanúnach a chur ar theicneolaíocht na Cuideachta lena n-áirítear:

- Córas ticéadaithe leictreonach ilchineálach nua á forbairt don tseirbhís Expressway lena gcumasófar íocaíocht gan tadhall, comhtháthú le LEAP, áirithint ar líne, áirithint suíochán agus bainistíocht acmhainne fíor-ama.
- Cuireadh i bhfeidhm líonra ardacmhainne gan sreang dár n-iostaí, rud a chuir ar ár gcumas dúinn ticéid a íoslódáil nó a uaslódáil go cianda ar na busanna, agus CCTV, faisnéis suímh agus faisnéis tacagraif a chur ar fáil le cáilíocht sonraí fheabhsaithe, agus a laghdaigh an mhoill ar thuairisciú sonraí sna tuairiscí don Údarás Náisiúnta Iompair.
- Mar fhreagairt ar an srian COVID-19 a fógraíodh i mí an Mhárta, aistríodh níos mó ná 200 duine ón láthair laistigh de choicís agus cuireadh an teicneolaíocht agus na tacaí riachtanacha i bhfeidhm ionas go bhféadfaidís dul i mbun cianoibre. Ina theannta sin, aistríodh cumarsáid ghutha ó shaoráidí glaonna comhdhála chuig Microsoft Teams.
- Reáchtáladh triail ar fhor-réiteach faisnéise gnó ardleibhéil inár bhfeidhm Oibríochtaí, rud a thugann léargas uathúil ar phleanáil agus rith seirbhísí, agus lena n-aithnítear réimsí neamhéifeachtúlachta agus réimsí ina bhféadfaí rudaí a chur chun feabhais.
- Fuarthas na milliúin euro ón Údarás Náisiúnta Iompair chun roinnt tionscadal a thabhairt chun críche dár seirbhís OSP lena n-áirítear croífhoireann a fhostú chun na tionscadail sin a chur ar bun.
- Chuireamar tús le triail gharáiste nua chun uathoibriú agus sreabhadh oibre níos mionsonraithe a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hobair chothabhála a dhéanamh ar bhusanna.
- Cuireadh comharthaí digiteacha nua i bhfeidhm i bhformhór na n-iostaí chun feabhas a chur ar an gcumarsáid le fostaithe nach bhfuil lonnaithe san oifig.


Expressway
www.buseireann.ie
IRIZAR i6
IRIZAR
Expressway
www.buseireann.ie
Bus Éireann


Bus Éireann
Bus Éireann
Bus Éirea
LC 317
MC 301
Éireann
Éireann

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

## An Bord Stiúrthóirí:

### Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin

| | |
|---|---|
| Aidan Murphy | *athcheapadh 6 Nollaig 2020* |
| Deirdre Ashe | *athcheapadh 23 August 2020* |
| Gerard Ryan | |
| Thomas O'Connor | *athcheapadh 1 Nollaig 2020* |
| Stephen Hannan | *athcheapadh 1 Nollaig 2020* |
| Diarmuid Corry | |
| Miriam Hughes | |
| Richard Manton | |
| Brendan Lenihan | |

## Príomhfheidhmeannach

An tUasal Stephen Kent

## Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Tom Delaney
An Chloch Leathan
Baile Átha Cliath 7

## Suíomh Gréasáin:

www.buseireann.ie

## Uimhir Chláraithe:

119570

Cuideachta Faoi Theorainn Scaireanna agus Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014

## Iniúchóirí Neamhspleácha

Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

# Beathaisnéisí na Stiúrthóirí



## Aidan Murphy

Ceapadh Aidan Murphy ina chomhalta de bhord Bhus Éireann den chéad uair i mí Aibreáin 2013 agus ina Chathaoirleach ar an mbord i mí Iúil 2014. Tháinig a théarma oifige chun críche ar 8 Iúil 2017 agus athcheapadh é ina Stiúrthóir agus ina Chathaoirleach ar 6 Nollaig 2017. Chuaigh an tUasal Aidan Murphy ar scor ó Bhord Bus Éireann ar 5 Nollaig 2020 agus athcheapadh é mar Stiúrthóir ar Bhord Bhus Éireann le héifeacht ó 6 Nollaig 2020 ar feadh tréimhse bliana. Ainmníodh an tUasal Murphy freisin mar Chathaoirleach-Ainmnithe faoi réir formhuinithe ón gComhchoiste Oireachtais ar Líonraí Iompair agus Cumarsáide.

Tá taithí na mblianta ag Aidan ag obair mar ghairmí slabhra soláthair. Roimhe seo bhíodh sé ag feidhmiú mar Phríomhfheidhmeannach le Pulse Logistics, Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair le C&C Group, Bainisteoir Ginearálta ag Wincanton Ireland agus Stiúrthóir Lóistíochta ag Allegro Ltd. Ba é an príomhchainteoir ag roinnt imeachtaí slabhra soláthair san Eoraip lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Shlabhra Soláthair na hEorpa agus is comhalta é den Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn (CILT) agus iarUachtarán uirthi.

Tá Aidan ina chomhalta de Choiste Straitéise an Bhoird freisin agus is comhalta Boird le Grúpa CIÉ é chomh maith. Tá sé ina bhall de Choiste Straitéise Bhord CIÉ chomh maith, agus ina Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar M&M Walshe Group.



## Deirdre Ashe

Ceapadh Deirdre Ashe ina comhalta den bord i mí Iúil 2014 agus athcheapadh í i mí Lúnasa 2017 do dhara téarma. Chuaigh Deirdre Ashe Uasal ar scor ó Bhord Bus Éireann ar 22 Lúnasa 2020 agus athcheapadh í mar Stiúrthóir ar Bhord Bhus Éireann le héifeacht ó 23 Lúnasa 2020 ar feadh tréimhse trí bliana.

Le linn an ama seo bhí sí ina Cathaoirleach ar an nGrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI), ar an gCoiste Luacha Saothair, ar an gCoiste Luach Saothair agus is Cathaoirleach ar an gCoiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara í faoi láthair. Tá sí ina comhalta den Choiste Straitéise an Bhoird ónar ceapadh í i 2014.

Is Stiúrthóir Cairte í Deirdre agus taithí aici mar stiúrthóir neamhfheidhmeannach. Is iar-Stiúrthóir í ar ar Aviva Health, Cumann Asma na hÉireann agus Life Sure. Mar cheannasaí sinsearach le an-taithí in árachas intíre agus idirnáisiúnta bhí sí i gceannas ar Rannáin Tomhaltóra Liberty, Aviva agus Vivas Health sna margaí Árachas Ginearálta agus Sláinte. Is saineolaí í i nDigitiú agus bhí sí in ceannasaí ar Chláracha Athrú Idirnáisiúnta do Liberty Insurance.



## Gerard Ryan

Ceapadh Gerard Ryan ina chomhalta den bhord i mí Iúil 2012 agus athcheapadh é in 2015 agus arís in 2018.

Tá poist ardbhainistíochta ag Gerard le breis is 20 bliana anuas san earnáil seirbhísí airgeadais agus san earnáil TF in eagraíochtaí éagsúla. Tá sé ina Stiúrthóir Oibríochtaí i láthair na huaire le Acorn Life DAC, cuideachta Éireannach árachais saoil faoi úinéireacht phríobháideach, atá lonnaithe i nGaillimh. stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin is ea é le Acorn Insurance Ltd, broicéir árachais ghinearálta atá ina chuid den mháthair Chuideachta Acorn Group Ltd. Tá an-chuid oibre déanta aige i réimse na bainistíochta ginearálta, agus tá neart taithí aige ó thaobh bainistiú airgeadais agus costais, bainistiú agus measúnú tionscadail, athrú gnó, nuálaíocht ar bhonn na teicneolaíochta agus freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

Bhronn Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath Céim Mháistir sa Riarachán Gnó air agus bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, céim Baitsiléara Eolaíochta san Eolaíocht Ríomhaireachta air.

Tá Gerard ina chomhalta den Choiste um Riosca agus Iniúchóireacht (ARC) freisin agus ina Chathaoirleach ar Choiste Straitéise an Bhoird.



## Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan ar bhord Bhus Éireann ar 1 Nollaig 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Athcheapadh Stephev ar an mBord an 1 Nollaig 2020 ar feadh tréimhse bliana.

Tiománaí bus de chuid Bhus Átha Cliath is ea é agus bíonn sé ag obair i nGaráiste na Rinne. Tá sé ina bhall de SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le beagnach 30 bliain anuas. Bhí sé ina Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair agus ar an gCoiste Rannán, agus is Ionadaí Iosta é.

Tá Stephen ina chomhalta boird de chuid CIÉ ó mhí na Nollag 2017 i leith agus tá sé ina Stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath.



## Thomas O'Connor

Ceapadh Thomas O'Connor ar bhord Bhus Éireann ar 25 Iúil 2018 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Athcheapadh Thomas ar an mBord ar 1 Nollaig 2020 ar feadh tréimhse bliana.

Tá Thomas ina thiománaí bus le Bus Átha Cliath, i nGaráiste na Rinne. Tá sé i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid, tá sé ina chomhalta d'Fheidhmeannas Náisiúnta an cheardchumainn sin agus is é atá ina Rúnaí ar Chraobh Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith.

Tá Thomas ina chomhalta Boird de chuid CIÉ ó mhí na Nollag 2017 i leith agus tá sé ina Stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath.



## Diarmuid Corry

Ceapadh Diarmuid ar Bhord Bhus Éireann ar 3 Lúnasa 2018 agus ceapadh é freisin ina Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta agus Rochtana an bhoird agus is comhalta den Choiste Straitéise é.

Is comhairleoir é Diarmuid a bhíonn ag plé le dearadh córas leictreonach, agus go háirithe le haer agus spásárthaí. Bhunaigh sé ACRA Control Ltd., soláthraí uirlisí tástála eitilte don tionscal aeraspáis, agus bhíodh sé ina stiúrthóir ar an gCuideachta sin go dtí gur ceannaíodh í in 2011. Faoi láthair tá sé ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta le Réaltra Space Engineering, rannán de chuid Realtime Technologies Ltd. Tá céim mháistir ag Diarmuid san Innealtóireacht Leictreonach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá céim MBA bainte amach aige chomh maith.



## Richard Manton

Ceapadh Richard Manton ar bhord Bhus Éireann in Aibreán 2019. Is comhalta den Choiste Sábháilteachta agus Rochtana, agus Coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara an Bhoird é.

Is bainisteoir sinsearach ag Innealtóirí na hÉireann é Richard, atá freagrach as caighdeáin pholasaithe, ghnóthaí poiblí agus acadúla. Bhí poist i dtaighde agus i teagasc ag OÉ Gaillimh aige roimhe agus bhí sé ina ionadaí pobail ar Choiste um Bheartais Straitéiseacha Iompair Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Is Innealtóir Cairte le hInnealtóirí na hÉireann agus Institiúid Cairte Mórbhealaí agus Iompair é Richard. Tá PhD aige in Innealtóireacht Shibhialta, le speisialtóireacht in iompair inbhuanaithe.



## Miriam Hughes

Ceapadh Miriam Hughes ar an Bhord i 2019. Is Stiúrthóir Cairte leis an IOD í Miriam, sainchomhairleoir neamhspléach gnó straitéiseach agus stiúrthóir neamhfheidhmeannach. Is comhalta í den Choiste um Riosca agus Iniúchóireacht an Bhoird agus den Choiste Sábháilteachta agus Rochtana an Bhoird.

Is iar-POF í de cheann de na grúpaí cumarsáide is mó in Éireann, DDFH&B. Le linn a tréimhse oifige seacht mbliana déag ag DDFH&B, bhainistigh sí an iliomad éadáil, leaganacha gnó nua agus le déanaí threoraigh sí atheagrú an ghnó le cuideachta nua cumarsáide, JWT folk, a chruthú. Bhí DDFH&B 75% faoi úinéireacht áitiúil agus speisialaithe i bhfógraíocht, in inneachair dhigitigh, i mbainistiú clú, in ócáidí eispéireasach agus i bPR branda. D'oibrigh sí le cliaint mhóra mar Bhord Gáis, an Crannchur Náisiúnta, Littlewoods, Irish Life agus SuperValu.

Is cathaoirleach ar bhord Barnardos Ireland Miriam faoi láthair, is Meantóir í ar Phainéal Fiontraíocht Éireann, is stiúrthóir neamhfheidhmeannach í ag Pluto (páirt de ghrúpa TPI) agus is sainchomhairleoir straitéiseach í ar líon gnóthaí beaga. Is céimí de COBÁC í Miriam agus tá BComm agus MBS i Margaíocht aici. Is iaruachtarán í ar Institiúid Mhargaíochta na hÉireann í, is iarchomhalta de Chomhairle Trádála Bhaile Átha Cliath í, is iarchomhalta boird de Fhoras Ospíse na hÉireann í agus is comhalta reatha í de chomhairle IMI.



## Brendan Lenihan

Ceapadh Brendan Lenihan ar bhord Bhus Éireann in Aibreán 2019. Tá sé ina Chathaoirleach ar an Choiste um Riosca agus Iniúchóireacht (ARC) an Bhoird agus is comhalta é den Choiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara chomh maith.

Is Stiúrthóir Bainistíochta ar Navigo Consulting é Brendan, comhairleoir speisialtóra sa réimse comhairlithe straitéise, pleanála gnó agus rialaithe. Roimh seo, d'oibrigh sé mar Stiúrthóir Airgeadais Grúpa i gcuideachta mhór réadmhaoine agus mar phartnéir le Andersen, ar oibrigh sé leo in Éirinn agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách é ar líon Cuideachtaí príobháideacha, carthanais agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Is iar-Uachtarán é ar Chuntasóirí Cairte na hÉireann. Tá Baitsiléir Tráchtála ag Brendan ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, Dioplóma Iarchéime sa Chuntasaíocht Ghairmiúil ó COBÁC, is Cuntasóir Cairte é le taithí iar-cháilíochta níos mó na 25 bliain, agus bronnadh Dioplóma Gairmiúil i Rialachas Corparáideach ó Scoil Ghnó Smurfit, COBÁC air le déanaí.

# An Fhoireann Ardbhainistíochta



## Stephen Kent *Príomhfheidhmeannach*

Sular ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach i mí na Samhna 2018, ceapadh Stephen Kent ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach i bhFómhar na bliana 2018, tar éis dó a bheith ina Phríomhoifigeach Tráchtála roimhe sin ón uair a tháinig sé ag obair le Bus Éireann in 2013.

Tháinig Stephen chugainn ó C&C Group áit a mbíodh sé ina Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta, agus roimhe sin bhíodh sé ag obair i róil ardbhainistíochta éagsúla le Waterford Crystal agus Waterford Foods (atá ina chuid de Glanbia plc anois). Tá céim BBS ag Stephen ó Ollscoil Luimnigh agus MBA ó Ollscoil Herriot Watt, agus is céimí de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann é freisin.



## Allen Parker *Príomhoifigeach Custaiméirí*

Thosaigh Allen Parker ag obair i ról nua an Phríomhoifigigh Custaiméirí i mí na Bealtaine 2018.

Tá taithí 27 bliain ag Allen sa mhargadh busiompair in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Le blianta beaga anuas bhí Allen ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aircoach (fo Chuideachta de chuid First Group plc).

Thosaigh Allen ar a ghairm bheatha san iompar poiblí le Bus Éireann sna 1990idí sular thug sé faoi phost le Comfort Delgro in Éirinn, lena n-áirítear mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Citylink, oibreoir cóistí idirchathrach. Ina dhiaidh sin chuaigh sé ag obair le First Group plc i róil shinsearacha éagsúla.

Ina ról mar Phríomhoifigeach Custaiméirí, tá Allen lánfhreagrach as gach gné den soláthar seirbhíse agus as feabhsú leanúnach a spreagadh maidir le heispéireas taistil na gcustaiméirí. Cuimsítear sa ról feidhmíocht agus pleanáil, oibríochtaí, innealtóireacht agus gach gné d'eispéireas taistil na gcustaiméirí, cumarsáid, faisnéis agus inrochtaineacht. Is ar an bPríomhoifigeach Custaiméirí atá an fhreagracht as oibleagáidí conartha uile an Údaráis Iompair Náisiúnta a bhainistiú freisin.

Tá BSc (Onóracha) sa Teicneolaíocht Iompair ó Ollscoil Uladh ag Allen.



## Miriam Flynn *Príomhoifigeach Scoile*

Thosaigh Miriam Flynn i ról an Phríomhoifigigh Scoile i mí Feabhra 2018 agus is í atá freagrach as feidhmiú agus riar na Scéime Iompair Scoile atá á reáchtáil ag Bus Éireann thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Bhíodh Miriam ag obair i róil éagsúla sa Chuideachta roimhe sin, amhail Seirbhís do Chustaiméirí, Díolachán agus Margaíocht, Forbairt Gnó agus Oibríochtaí. Chaith sí an tréimhse 15 bliana roimhe sin i ról an Bhainisteora Réigiúnaigh, áit a raibh freagracht fhoriomlán uirthi as oibríochtaí Bhus Éireann i Réigiún an Iardheiscirt.

Bhain sí céim Baitsiléara Tráchtála amach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus tá Dioplóma Iarchéime sa Mhargaíocht aici ó Scoil Ghnó Smurfit, UCD, áit a ndearna sí clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin le Grúpa CIÉ freisin.

Is comhalta í den Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn agus tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla aici in Oibríochtaí Iompair Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar Bóthar.



## Tom Delaney *Príomhoifigeach Airgeadais*

Tháinig Tom Delaney chuig Bus Éireann ó Bhanc Shasana chun bheith ina Phríomhoifigeach agus ina Rúnaí Cuideachta i mí Aibreáin 2018. Tá taithí airgeadais breis agus 25 bliain ag Tom ar an ardleibhéal in earnálacha na seirbhísí airgeadais, na déantúsaíochta, na mear-earraí tomhaltais agus na teileachumarsáide, ar bhonn a chuid oibre i ngnólachtaí gormshlise ar nós Coca Cola, Grafton Group, Eircom agus Glanbia.

Chomh maith le cúraimí airgeadas agus cúramaí rúnaíochta na Cuideachta, is é Tom atá freagrach as cúrsaí TF, rialáil agus comhlíonadh i réimse an tsoláthair le Bus Éireann.

Is comhalta é Tom de Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte, tá céim MSC aige san Airgeadas agus Dlí ó Ollscoil Queen Mary Londan, dioplóma sa dlí dócmhainneachta ón ICAI agus is lánchomhalta é de Chumann Rialachais Chorparáidigh na hÉireann.



## Sinéad Kilkelly *Príomhoifigeach na bhFostaithe*

Thosaigh Sinéad Kilkelly ag obair le Bus Éireann mar Phríomhoifigeach na bhFostaithe i mí Lúnasa 2018. Tháinig sí chuig Bus Éireann tar éis di naoi mbliana a chaitheamh ag obair leis an Etihad Aviation Group in Abú Daibí, áit a raibh sí ina Leas-Uachtarán ar Sheirbhísí na bhFostaithe. Sa ról sin, bhí Sinéad i gceannas ar shraith clár maidir le mórathrú ar an eagraíocht agus bhí freagracht uirthi freisin as straitéis agus feidhmíocht i leith na nAcmhainní Daonna agus as teicneolaíocht agus seirbhísí Acmhainní Daonna, chomh maith leis an earcaíocht agus an anailísíocht i leith na 25,000 fostaí sa Ghrúpa.

Sula ndeachaigh sí ag obair le Etihad, bhí poist ag Sinéad le RBS, Grúpa Bhanc Uladh agus Intel Ireland. Bhíodh cónaí uirthi san Astráil san am atá caite freisin.

Tá MBA ag Sinéad ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus is Comhalta Cairte í den Institiúid Cairte Pearsanra agus Forbartha (CIPD).



## Eleanor Farrell *Príomhoifigeach Tráchtála*

Is ceannaire sinsearach le tréan taithí í Eleanor a bhfuil dea-theist tráchtála uirthí in athrú agus nuálaíocht chustaiméir-lárnach, in éineacht le forbairt straitéise agus ardchaighdeán feabhais oibríochta.

Le déanaí, bhí ról ceannaireachta domhanda ag Eleanor le Google mar Cheannaire Domhanda Oibríochtaí agus Straitéise, Ionduchtú Custaiméirí. Chuaigh Eleanor chuig Google ó Vodafone Ireland áit a raibh sí ina Ceannaire ar Bhainistíocht Luach Chustaiméara agus Ceannaire Straitéise agus Pleanála Tráchtálaí.

Níos luaithe ina gairm bhí sí mar shainchomhairleoir bainistíochta le McKinsey & Company, áit a raibh sí ina ceannaire ar líon clár straitéise agus athraithe an-tábhachtacha.

Tá céim MBA ag Eleanor ó COBÁC Coláiste Ghnó Céimí Michael Smurfit agus céim MSc i Ríomhaireacht. Is Cathaoirleach í ar Shamáraigh na hÉireann agus tá sí ina comhalta de Bhord na Samáraigh RA.



## Seán Loughman *Príomhoifigeach Faisnéise*

Tugann Seán Loughman eolas fairsing agus domhain teicneolaíoch chuig ról an Phríomhoifigigh Faisnéise. Tá taithí aige i straitéis, forbairt agus soláthar, i gCuideachta le hanailísíocht agus nuálaíocht dhigiteach agus sonraí

Le linn gairm fadréimseach ag Eir, bhí róil tábhachtacha stiúrthóra aige i réimsí athrú teicneolaíochta agus forbairt táirgí. Ba Stiúrthóir Straitéise TF, Ailtireachta agus Réitigh é in a phost is déanaí.

Níos luaithe ina ghairm bhí líon ról sinsearach ag Seán i gcuideachta Shualannach Ericsson, in Éirinn agus thar lear.

Tá céim Bhaitsiléar san Innealtóireacht Leictreonach ó COBÁC ag Seán.



## Rory Leahy *Príomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta*

Ceapadh Rory Leahy ina Phríomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta i mí Feabhra 2018 agus is é atá freagrach as beartas agus straitéis sábháilteachta na cuideachta, bainistíocht riosca, maoin agus feidhmíocht fuinnimh. Tar éis dó seal a chaitheamh ag obair le hIarnród Éireann, tháinig Rory go Bus Éireann agus bhí róil éagsúla aige ag plé le forbairt ghnó, oibríochtaí agus bainistíocht ghinearálta réigiúnach.

Tá céim san Innealtóireacht Shibhialta ag Rory ó UCD agus tá dioplóma iarchéime sa Bhainistíocht Chomhshaoil aige ó Choláiste na Tríonóide, chomh maith le céim Mháistir sa Bhainistíocht Oibríochtaí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla sa Bhainistíocht Oibríochtaí Iompair Paisinéirí ar Bóthar (Idirnáisiúnta) aige freisin.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na Stiúrthóirí de réir a n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú ar an nGnó

Is cuideachta bainistíochta iompair é Bus Éireann, arb iad a phríomhghníomhaíochtaí gréasán comhtháite seirbhísí a bhainistiú agus a phleanáil, trí úsáid a bhaint as a chuid acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí. Áirítear sa ghréasán comhtháite sin seirbhísí cóiste cian-iompair, seirbhísí bus áitiúla, tuaithe, comaitéireachta, cathracha, cúigeacha agus baile. Chomh maith leis sin, tá an Chuideachta freagrach as an Scéim Iompar Scoile náisiúnta a bhainistiú agus a sholáthar thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Is é Córas Iompair Éireann, ar fochuideachta de chuid Bhus Éireann é, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá sé ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

## Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Oibríochtúil, Airgeadais agus Innealtóireachta

Mar chuid den mhonatóireacht a dhéantar ar fheidhmíocht na Cuideachta déanann foireann bainistíochta agus Stiúrthóirí na cuideachta athbhreithniú rialta ar phríomhtháscairí oibriúcháin agus feidhmíochta airgeadais.

Thabhaigh an Chuideachta caillteanas iareisceachtúil de €9.2m i 2020 (2019: (€2.3m). Bhí seo tar éis íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) dar luach €93.8m (2019: €58.0m). Laghdaigh ioncam ó sheirbhísí go €284.8m i 2020 mar heall ar phaindéim COVID-19 (2019 = €366.5m). Ag 31 Nollaig 2020 bhí glanshóchmainní reatha de €42.8m (2019: €37.5m) agus glanshóchmainní de €6.8m, laghdaithe ó €16.0m i 2019, ag clár comhardaithe na Cuideachta. Laghdaigh líon na bpaisinéirí 42.2% go 51.7m i 2020.

## Díbhinní

Ní dhearnadh aon díbhinní a mholadh, a dhearbhú ná a íoc i rith na bliana 2020 (2019: €nialas).

## Cúlchistí

Bhí €59.4m mar caillteanais carnach ag críoch 2020, i gcomparáid le €50.2m i 2019.

## Príomhrioscaí agus Príomhábhair Neamhchinnteachta

Tá an Chuideachta tiomanta do rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach, smachtaithe. Déantar na príomhrioscaí agus na príomhábhair neamhchinnteachta a shainaithint agus ullmhaítear pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí ag an gcuideachta a ndéantar nuashonrú leanúnach air lena athbhreithniú ag na Stiúrthóirí agus ag an bhfoireann ardbhainistíochta. Athbhreithníonn an Grúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí le tacaíocht ón Choiste Sábháilteachta agus Rochtana, ó Choiste Straitéise an Bhoird, ón Choiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara. Déanann an Grúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI) athbhreithniú agus monatóireacht ar an rialú inmheánach agus ar rioscaí iniúchóireachta.

Bíonn an Chuideachta ag brath ar dhálaí dearfacha inbhuanaithe an mhargaidh dá cuid seirbhísí iomlán. Lean an Chuideachta den mhonatóireacht mhion ar ioncaim agus ar chostais go 2020 agus ar aghaidh tríd theagmháil fhairsing lena geallsealbhóirí.

Cuirtear rioscaí agus deiseanna airgeadais agus eacnamaíocha i láthair an GRAI agus Bord Bhus Éireann ar bhonn rialta. Bíonn an chuideachta ag brath ar chistiú leordhóthanach do sheirbhísí poiblí agus do sheirbhísí bus scoile ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna faoi seach. Ní mór don Chuideachta téarmaí agus coinníollacha an chonartha seirbhíse poiblí dírdhámhachtana leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus an chonartha thairisceana iomaíoch do Sheirbhísí OSP Phort Láirge a chomhlíonadh.

Déantar bainistiú daingean ar an leachtacht ar bhonn Ghrúpa CIÉ. Tá foireann ghairmiúil thiomanta againn a dhéanann comhordú ó lá go lá ar bhainistiú airgid agus cistí, mar aon le pleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil agus cistiú corparáideach a fháil ó bhainc ar leor é ionas gur féidir le Grúpa CIÉ leanúint ar aghaidh ag feidhmiú, agus an conradh Oibritheoir Bus Trachtála dírdhámhachtana i 2020 ag éirí ó thionchar paindéime COVID-19.

## Infheistíocht Chaipitiúil

Bhí an caiteachas caipitiúil cothrom le €3.1m in 2020 (2019: €15.7m, le €14.6m de flít OSP san áireamh a sholáthar an NTA). In 2020 fuair an Chuideachta cistiú caipitil do sheirbhísí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair ar fiú €8.8m é (2019: €16.2m), lena n-áirítear deontais €0.0 milliún (2019: €0.0 milliún) i leith na talún agus na bhfoirgneamh atá i seilbh CIÉ, rud a chuir ar chumas na cuideachta infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá custaiméirí. Bhí díluacháil ceannaigh thar barr amach de €7.8m san áireamh sa bhfigiúr deontais de €8.8m i 2020.

## Scairchaipiteal agus Cúlchistí

Tá sonraí i dtaobh scairchaipiteal na Cuideachta leagtha amach i nóta 16.

Níl fochuideachta ar bith ag an gCuideachta ná infheistíocht ar bith i gCuideachtaí eile agus sin mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe seo.

Tá na cúlchistí ioncaim (caillteanais carntha) anois ag €59.4m ag críoch 2020(2018: €50.2m).

## Cruinnithe na Scairshealbhóirí

Déantar cruinniú ginearálta bliantúil na Cuideachta a thionól uair amháin gach bliain féilire cibé tráth (nach faide ná 15 mhí tar éis an chruinnithe ghinearálta bhliantúil roimhe sin) agus cibé áit a leagfaidh na Stiúrthóirí síos. Féadfaidh na Stiúrthóirí cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a thionól aon uair a mheasann siad gur cuí sin nó ar iarraidh ó Chóras Iompair Éireann. Cuireadh moill ar CGB Bus Éireann le linn 2020 mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19 ach athchruinnigh sé an 19 Samhain 2020.

## An Bord

Is tríd an mbord Stiúrthóirí atá an Chuideachta á rialú. Thionóil comhaltaí an bhoird 13 chruinniú in 2020 (10 gcruinniú in 2019) agus is ann do sceideal míreanna ar leith atá le ceadú aige. Cuimsítear sa bhord Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin amháin, a raibh beirt acu ina Stiúrthóir is oibrí ag deireadh na bliana. Níl aon stiúrthóirí feidhmiúcháin ar an mbord.

## Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú

### Cothromaíocht Insce i gComhaltas an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí beirt ball baineann (22%) agus seachtar ball fireann (88%) ar an mBord, gan aon phoist folamh. Mar sin ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit.

Mar an cuideachta bus náisiúnta, tá Bus Éireann tiomanta do áit oibre a chruthú a chuireann éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú go gach duine chun cinn. Oibríonn Bus Éireann leis an Roinn Iompair le cinntiú go bhfuil an Bhord go hiomlán machnamhach ar an phobal a fhreastalaíonn muid ar, agus creideann muid go gcuireann Bord éagsúil agus cothrom go suntasach le cumas foriomlán an Bhoird an cúram dúshlánach seo a chur i bhfeidhm.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

## Tinreamh ag Cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Anseo thíos tá liosta sonraí maidir le tinreamh na Stiúrthóirí ag cruinnithe Boird/Coiste a reáchtáladh in 2020:

| | Bord | Iniúchóireacht agus Riosca | Sábháilteacht agus Rochtain | Straitéis Boird | Cultúr, Daoine agus Custaiméir |
|---|---|---|---|---|---|
| An tUasal Aidan Murphy | 13/13 | | | 16/16 | |
| An tUasal Diarmuid Corry | 13/13 | | 6/6 | 16/16 | |
| An tUasal Gerard Ryan | 12/13 | 13/13 | | 16/16 | |
| Deirdre Ashe Uasal | 12/12 | | | 15/15 | 8/8 |
| An tUasal Thomas O'Connor | 13/13 | | 6/6 | | |
| An tUasal Stephen Hannon | 13/13 | | 5/6 | | |
| An tUasal Brendan Lenihan | 12/13 | 13/13 | | | 8/8 |
| Miriam Hughes Uasal | 13/13 | 12/13 | 6/6 | | |
| An tUasal Richard Manton | 13/13 | | 6/6 | | 7/8 |

Chuaigh Deirdre Ashe Uasal ar scor ó Bhord Bus Éireann an 22 Lúnasa 2020 agus athcheapadh í mar Stiúrthóir ar Bhord Bhus Éireann le héifeacht an 23 Lúnasa 2020 ar feadh tréimhse trí bliana. Chuaigh an tUasal Aidan Murphy ar scor ó Bhord Bus Éireann an 5 Nollaig 2020 agus athcheapadh é mar Stiúrthóir ar Bhord Bhus Éireann le héifeacht ón 6 Nollaig 2020 ar feadh tréimhse bliana. Ainmníodh an tUasal Murphy freisin mar Chathaoirleach – Ainmnithe faoi réir formhuinithe ón gComhchoiste Oireachtais ar Líonraí Iompair agus Cumarsáide.

## An Choiste um Riosca agus Iniúchóireacht (ARC)

Cuimsíonn na na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas Choiste um Riosca agus Iniúchóireacht (ARC):

An tUasal Brendan Lenihan *(Cathaoirleach)*

An tUasal Gerard Ryan

Miriam Hughes Uasal

Tháinig an ARC le chéile 13 huair i rith 2020 (2019: naoi).

Tá ról ar leith ag an ARC, ag gníomhú go neamhspleách ón bhfeidhmeannas, lena chinntiú go ndéantar leasanna an scairshealbhóra agus geallsealbhóirí eile a chosaint i gceart maidir le maoirseacht ar thuairisciú airgeadais, rialú inmheánach, iniúchadh inmheánach agus seachtrach, athbhreithniú ar riosca agus rialachas corparáideach chomh maith mar chórais lena chinntiú go ndéantar imscrúdú ar chalaois agus ar éagóir a d'fhéadfadh a bheith ann.

Pléann sé cineál agus raon feidhme na hiniúchóireachta agus a cuid torthaí leis an iniúchóir seachtrach. Chomh maith leis sin, déanann an ARC monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an gCuideachta.

Déanann sé athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta riosca na Cuideachta tríd an eolas is déanaí a fháil ó rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus ón bhfoireann ardbhainistíochta, an t-eolas is déanaí ón Phríomhoifigeach Riosca agus Sábhailteacht i dtaca le bainistíocht riosca san áireamh.

Ní mheasann an ARC, tar éis dó gach caidreamh idir an chuideachta agus an gnólacht iniúchóireachta seachtrach, a mheas go ndéanann na caidrimh sin dochar do bhreithiúnas nó do neamhspleáchas an iniúchóra.

## Coiste Sábháilteachta agus Rochtana an Bhoird

Tháinig an Coiste Sábháilteachta agus Rochtana de chuid Bhord Bhus Éireann le chéile sé huaire le linn 2020 (ceithre huair i 2019). Déanann an Coiste sin monatóireacht ar fheidhmíocht sábháilteachta na Cuideachta bunaithe ar phlean bliantúil sábháilteachta, mar aon le spreagadh a thabhairt don oiread rannpháirtíochta agus is féidir i bhfeasacht sábháilteachta agus i gcosc timpistí ar fud na Cuideachta.

Bhí na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas ar an gCoiste in 2019:

| | |
|---|---|
| An tUasal Diarmuid Corry | *(Cathaoirleach)* |
| An tUasal Thomas O'Connor | |
| An tUasal Stephen Hannan | |
| Miriam Hughes Uasal | |
| An tUasal Richard Manton | |

## Coiste Straitéise an Bhoird

Bunaíodh an Coiste Straitéise chun an Bord a mheas, a threorú, a thuairisciú agus moltaí a dhéanamh maidir le straitéis chorparáideach Bhus Éireann. Tháinig an Coiste le chéile 16 huaire le linn 2020 (cúig huaire i 2019).

Cuimsíonn na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas an Coiste Straitéise i 2020:

| | |
|---|---|
| An tUasal Gerard Ryan | *(Cathaoirleach)* |
| Deirdre Ashe Uasal | |
| An tUasal Aidan Murphy | |
| An tUasal Diarmuid Corry | |

## Coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara

Bunaíodh an coiste Cultúir, Daoine agus Custaiméara ar 24 Meitheamh 2019. Bunaíodh é le moltaí a mheas, a threorú, tuairisciú orthú agus a dhéanmah leis an mBord ar an réimse de chultúr, daoine agus straitéis cuistaiméara Bhus Éireann. Tháinig an Choiste le chéile ocht n-uaire le linn 2020 (2019: uair amháin)

Bhí na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas ar an gCoiste le linn 2020:

| | |
|---|---|
| Deirdre Ashe Uasal | *(Cathaoirleach)* |
| An tUasal Brendan Lenihan | |
| An tUasal Richard Manton | |

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Chuideachta tiomanta d'fholláine a fostaithe a chinntiú trí ionad oibre sábháilte a choimeád ar bun agus an reachtaíocht fostaíochta ábhartha a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Déantar monatóireacht ar an rialachas ar Shláinte agus Sábháilteacht trí Choiste Sábháilteachta an bhoird.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn an Chuideachta an fhreagracht atá uirthi i dtaobh féachaint chuige go gcomhlíonfar forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013, arna leasú, i ngach gné ábhartha. Is é beartas íocaíochta na Cuideachta é ceangaltais an Rialacháin a chomhlíonadh.

## Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na Stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáid na Cuideachta i dtaobh leabhair chuntais chuí a choimeád de réir Alt 281 go dtí Alt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Is ag Bus Éireann, an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7, atá na leabhair chuntais á gcoimeád.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair a cheapann Stiúrthóirí na Cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020. D'fhóin siad mar stiúrthóirí ar feadh na bliana go léir mura luaitear a mhalairt.

An tUasal Aidan Murphy *Cathaoirleach Ainmnithe*

An tUasal Diarmuid Corry

An tUasal Gerard Ryan

Deirdre Ashe Uasal

An tUasal Stephen Hannan

An tUasal Thomas O'Connor

An tUasal Brendan Lenihan

Miriam Hughes Uasal

An tUasal Richard Manton

Athcheapadh an tUasal Aidan Murphy mar Chathaoirleach Ainmnithe ar Bhord Bhus Éireann i bhfeidhm 6 Nollaig 2020.

Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná na rúnaithe a d'fhóin i rith na bliana in aon scair ná binitiúr de chuid na cuideachta, dá cuideachta sealbhaíochta ná dá comh-fho chuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana.

Ní raibh aon chonradh ná socrú a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag Stiúrthóir i dtaca le gnó na cuideachta.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord lán tiomanta riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh. Is í tuairim an Bhoird, le tacaíocht ón nGrúpa Athbhreithnithe Iniúchta agus Riosca, go raibh rialaithe sásúla i bhfeidhm ag Bus Éireann le na rioscaí a bhain le Spriocanna Straitéiseacha na Cuideachta a bhanistiú i 2020, agus go raibh na rialaithe seo á gcur i bhfeidhm. Nuair a aithníodh easpaí i dtaca leis an Chóras Rialaithe Inmheánaigh, ghlac bainistíocht Bus Éireann na gníomhartha cuí le dul i ngleic le na heaspaí seo.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

### Raon Feidhme na Freagrachta

Aithníonn Bord Bus Éireann agus an Chathaoirleach gur é atá freagrach as córas rialaithe inmheánaigh Bus Éireann. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá nóta déanta ag an Bhord chomh maith nach féidir le córas mar sin ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil earráidí ábhartha á chosc.

### Cur Síos ar Phríomhnósanna Imeachta Rialaithe

Deimhníonn Bhord Bus Éireann gur cuireadh athbhreithniú bhliaintiúl ar Éifeachtacht na Nósanna Imeachta Rialaithe i bhfeidhm idir mhí na Nollag 2020 agus mí Feabhra 2021. D'fhoamh Bhord Bus Éireann an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na nósanna imeachta rialaithe ar 29 Márta 2021.

Tá príomhnósanna imeachta rialaithe curtha i bhfeidhm chun méid agus castacht Bhus Éireann a léiriú, d'fhonn tuiscint iomlán a sholáthar ar na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm ar iarratas ó Bhord Bus Éireann, chun foráil a dhéanamh do rialú inmheánach éifeachtach.

Ní raibh aon laigí i rialú airgeadais inmhéanaigh a raibh caillteanais ábharacha nó éiginnteachtaí mar thoradh orthu a raibh riachtanas nochtaithe i Ráitis Airgeadais Bhliantúil 2020 nó i dTuarascáil an Iniúchóra.

Ba chóir nóta a dhéanamh de na hábhair neamhchomhlíonta seo a leanas:

- Chaith Bus Éireann caiteachas neamhchomhlíontach de €5.5m in 2020, sin 2.2% den chaiteachas soláthair incháilithe.
- Rinneadh anailís ar na réimsí seo a leanas maidir le dearbhú cáilíochta in 2019 agus 2020, agus cuireadh pleananna ceartaithe i bhfeidhm: Comhlíonadh ginearálta agus riachtanais tuairiscithe gnó agus airgeadais Chód Cleachtais 2016
    - Cairt Chustaiméirí de réir Chód Cleachtais 2016
    - Oibleagáidí Gaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla
    - Oibleagáidí an Chóid Chaiteachais Phoiblí

Rinne an Bord athbhreithniú ar an Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha le tacaíocht ón ARC agus ó Choistí Boird eile an 29 Márta 2021 chun a chinntiú gur léirigh sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe do 2020.

Rinne Mazars na nIniúchóirí Seachtracha athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chun a dhearbhú go léiríonn sé comhlíonadh an chomhlachta iniúchta le riachtanais an Chóid Chleachtais (ailt 1.20 agus 2.7) agus go raibh sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas acu óna n-iniúchadh obair ar na ráitis airgeadais. I gcás nach amhlaidh an cás, ba cheart don iniúchóir seachtrach tuairisc a thabhairt air seo sa tuarascáil iniúchta ar an ráiteas airgeadais ábhartha.

Ba iad seo a leanas na céimeanna a glacadh chun timpeallacht rialaithe iomchuí a chinntiú i mBus Éireann agus ba iad seo a leanas na nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Glacadh le **struchtúr eagraíochtúil** mínithe go soiléir le teoranta údaráis scríofa, deighilt dualgais chuí agus sáis tuairiscithe chuig ardleibhéal bainistíocht Bhus Éireann, bord Bus Éireann agus Coistí an Bhoird agus Bord CIÉ agus Coistí Boird CIÉ.
- **Córas buiséadaithe agus pleanála cuimsithí** ina ndéantar comparáid idir fhíorfheidhmiúchán agus an buiséad faofa ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus go himscrúdaítear aon treochtaí nó difríochtaí suntasacha i dtaca le freagracht bhuiséid. Scaiptear na tuairiscí seo ag gach cruinniú boird Bus Éireann agus ag gach Coiste Boird le go ndéanfar iad a athbhreithniú. Tacaíonn nósanna le dul i ngleic le hinchialla airgeadais príomhrioscaí gnó le seo.
- Treoirlínte soiléire do fhaomhadh agus smacht ar **chaiteachas caipitil**. Áirítear iad seo; ullmhú buiséad caipitil bhliantúil, atá faofa ag an Bhord i gcomhairle le CIÉ, an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), staidéar féidearthachta mionsonraithe agus breithmheasanna ar thionscadail caipitil atá suntasach astu féin, roimh fhaomhadh ag an leibhéal údaráis chuí (an Roinn Iompair agus an NTA do thionscadail níos mó san áireamh) agus ullmhú tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn do bhainistíocht. Tá riachtanas le paipéar foirmiúil clabhsúir a chríochnú do gach tionscadal suntasach caiptil. Is é an Grúpa Stiúrtha Caipitil a mhaoirsíonn an phroiséas Chaiteachais Caipitil. Tacaíonn nósanna imeachta leis seo chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mórrioscaí gnó.
- **Athbhreithniú córasach ar rialaithe inmheánacha ag Iniúchadh Inmheánach Grúpa CIÉ**, a chuimsíonn chríochnú iniúchta Ráitis Comhlíonta Stiúrthóirí.
- Cur i bhfeidhm **Creatlach Bhainistiú Riosca agus an Córas um Bhainistiú Riosca** (i.e. OpriskControl, a úsáideann na Cuideachtaí ar fad laistigh de Ghrúpa CIÉ) a sholáthraíonn clár in-iniúchta do thaifead agus do thuairisciú fíor-ama ar rioscaí a dhéanann bainistíocht a mheas agus a athbhreithniú ar bhonn mhíosúil. Cuirtear príomhrioscaí chomh maith le pleananna ionramhála riosca i láthair an Bhoird ar bhonn rathúil tar éis breithnithe an Ghrúpa Athbhreithnithe Iniúchta agus Riosca.
- Nósanna imeachta le déileáil le **comhlíonadh soláthair** de réir rialacha agus treoirlínte sholáthair reatha Treoir an AE maidir le Soláthar mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, Polasaí agus Nósanna Imeachta Soláthair Grúpa CIÉ agus Polasaí agus Nósanna Imeachta Soláthair Bhus Éireann.
- Críochnú an **Iniúchta Airgeadais Seachtraigh** (Mazar) a chuimsígh athbhreithniú ar ráiteas ar chóras rialaithe inmheánaigh. Thuairisc Mazars nach meastar go bhfuil aon cheann dá gcuid moltaí maidir le rialú inmheánach bunúsach. Sainmhíníonn na hiniúchóirí rialú bunúsach mar rialú atá riachtanach chun timpeallacht rialaithe láidir a choinneáil sa Chuideachta.
- Tugadh isteach **Aonad agus Creatlach Chomhlíonta agus Rialaithe nua** laistigh de Bhus Éireann i 2019 agus 2020 le cuidiú le cosaint chéad agus dara líne i dtaca le monatóireacht comhlíonta agus athbhreithnithe ráthaithe caighdeáin. Eisítear tuairisc chomhlíonta rathúil anois chuig an Bhord.
- Anailís neamhspléach eile agus athbhreithniú ar na córais rialaithe inmheánaigh i 2020, a chuimsíonn:
    - Athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an Bhoird (Rialachas Corparáideach Éireann) a rinneadh idir Samhain 2019 agus Feabhra 2020.
    - Raon Athbhreithnithe ar Dhearbhú Cáilíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chomhlíonta leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, Acht na gCuideachtaí 2014 agus an Cód Caiteachais Phoiblí.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

- Measúnuithe seachtracha maidir le raon cóireálacha cuntasaíochta agus rialuithe inmheánacha:
    - Bainistíocht Éilimh (PWC)
    - Cóireáil Chuntasaíochta Busanna (Deloitte)
    - Athbhreithniú ar Inmharthanacht Expressway (Grant Thornton)
    - Comhlíonadh PCI-DSS (Rits Information Security)

Rinne Bord Bus Éireann, le tacaíocht ón ARC agus ó Choistí Boird eile, athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a bhaineann le Bus Éireann trí 2020 trí:

- Athbhreithniú agus faomhadh chlár an iniúchta inmheánaigh do 2020 ó Iniúchóireacht Inmhéanach Ghrúpa CIÉ (ullmhaithe tar éis a phróiséas measúnaithe riosca iniúchta) agus a mhórthorthaí a mheas.
- Athbhreithniú ar thuairisc na n-iniúchóirí, ina bhfuil sonraí aon cheisteanna rialaithe ábhartha a aithníodh mar thoradh ar iniúchadh na ráiteas airgeadais.
- Measúnú leanúnach ar thuairiscí rialta an iniúchóra inmheánaigh a thuarisicigh go rialta ar stádas ceisteanna a tarraingíodh roimhe óna thuairiscí féin.
- Athbhreithniú ar na príomhrioscaí a aithníodh tríd an chreatlach bainistíochta riosca agus an chóras bainistíochta riosca a sholathraíonn clár in-iniúchta do thaifead agus do thuairisciú fíor-ama ar rioscaí a dhéanann Bainistíocht a mheas agus a athbhreithniú ar bhonn mhíosúil. Cuirtear príomhrioscaí chomh maith le pleananna ionramhála riosca i láthair, an Coiste Iniúchóra agus Riosca, Bord Bhus Éireann, Coiste Iniúchóra agus Riosca Ghrúpa CIÉ agus Bord Ghrúpa CIÉ ar bhonn rathúil.
- Athbhreithniú leanúnach ar na tuairiscí monatóireachta Chomhlíonta rathúla a fhaightear ag leibhéal Boird.

Deimhníonn Bord Bus Éireann gur cuireadh athbhreithniú bliaintúil ar éifeachtacht na nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm idir mhí na Nollag 2020 agus mí Feabhra 2021. D'fhaomh Bord Bhus Éireann an t-athbhreithniú bliaintiúl ar éifeachtacht na nósanna imeachta rialaithe ar 29 Márta 2021.

Ní raibh laigí ar bith i rialú airgeadais inmhéanaigh a raibh caillteanais ábharacha nó éiginnteachta mar thoradh orthu a raibh riachtanach nochtaithe i Ráitis Airgeadais Bhliantúil 2020 nó i dTuarascáil an Iniúchóra.

Rinneadh anailís dhearbhaithe cáilíochta ar na réimsí a leanas i 2020 agus go luath i 2021, agus tá pleananna ceartúcháin curtha i bhfeidhm:

- **Monatóireacht Comhlíontacht den Chód Cleachtais 2016:** Cuireadh cur chuige nua i dtaca leis an Chód Cleachtais a bhaineann le comhlíontacht ghinearálta agus do thuaisiciú gnó agus airgeadais i bhfeidhm i 2020.
- **Cairt Custaiméirí de réir an Chóid Cleachtais 2016:** De réir Chóid Cleachtais 2016, d'fhaomh Bord Bhus Éireann Cairt Custaiméirí nua i 2020.
- **Oibleagáidí Gaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla:** Leasú Scéim na Gaeilge ag Bus Éireann
- **Oibleagáidí Chóid Caiteachais Phoiblí:** Tá Bus Éireann ag glacadh le nósanna imeachta nua leis an Chód Caiteachais Phoiblí leasaithe a chomhlíonadh ó 2020 ar aghaidh.
- **Foilsiú Tuarascáil Bhliantúil 2019:** Foilsíodh leagan Béarla agus Gaeilge de Thuarascáil Bhliantúil 2019 tar éis fhaomhadh Thithe an Oireachtais.

Deimhníonn an Bord go bhfuil Bus Éireann ag comhlíonadh Treoir Sholáthair an AE agus treoirlínte soláthair reatha atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, agus Polasaí agus Nósanna Imeachta Soláthair Ghrúpa CIÉ, agus Polasaí Soláthair Bus Éireann agus Nósanna Imeachta, ach amháin caiteachas neamhchomhlíonta de €5.5m i 2020 gur ionann é agus 2.2% de chaiteachas soláthair inghlactha. Tá straitéis soláthair anois i bhfeidhm a chinnteoidh soláthar leormhaith agus oilte mar is cuí laistigh den Roinn Soláthair.

Is é dearcadh Bhord Bus Éireann, le tacaíocht ó obair an ARC agus Coistí Boird eile, go raibh rialuithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag Bus Éireann in 2020 chun na rioscaí a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha na cuideachta a bhainistiú, agus go bhí na rialuithe seo á gcur i bhfeidhm. Nuair a aithníodh easnaimh nó feabhsuithe maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, bhí bainistíocht Bhus Éireann ag glacadh na mbeart riachtanach chun aghaidh a thabhairt orthu.

## Ráiteas Comhlíonta na Stiúrthóirí

Chun críche alt 225 de Acht na Cuideachtaí 2014 (an "Acht"):

1. Aithníonn muid, na stúrthóirí, gur muid atá freagrach as chomhlíonadh na Cuideachta a aimsiú lena n-oibleagáidí ábhartha mar a shonraítear in alt 225 (1) den Acht (na "oibleagáidí ábhartha"); agus
2. Deimhníonn muid, na stúrthóirí, go bhfuil gach ceann dóibh siúd a leanas déanta.
    - (i) Dréachtaíodh ráiteas comhlíonta (mar a shonraítear in alt 225 (3) (a) den Acht) ag leagan amach polasaithe na Cuideachta (atá inár dtuairim, cuí don Chuideachta) maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí ábhartha ag an Cuideachta;
    - (ii) Go bhfuil socruithe nó structúir chuí, atá inár dtuairim, deartha le comhlíonadh ábhartha a aimsiú le hoibleagáidí ábhartha na Cuideachta curtha i bhfeidhm; agus
    - (iii) Gur dearnadh athbhreithniú ar na socruithe agus structúir ar dearnadh tagairt dóibh in alt (ii) thuas le linn an bhliain airgeadais a mbaineann an tuarascáil seo léi.

Rinne Bus Éireann agus Cuideachtaí eile Ghrúpa CIÉ mionathbhreithniú dearbhaithe cáilíochta le riachtanais Acht na Cuideachta 2014 i dtaca le Ráitis Chomhlíonta na Stiúrthóirí a chomhlíonadh. Is Grúpa CIÉ a choimisiúnaigh an tathbhreithniú do gach Cuideachta oibriúcháin agus is Roinn Iniúchóireachta Inmheánaí Grúpa CIÉ a rinne é. Cuireadh tuairisc chuimsitheach chuig Grúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí Bus Éireann é agus rinneadh mionathbhreithniú air. Dheimhnigh an tuarascáil go raibh na riachtanais a bhain le Ráitis Chomhlíonta na Stiúrthóirí do 2020 lánchomhlíonta ag Bus Éireann.

## Stádas na Cuideachta

Chláraigh an chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 ar 1 Feabhra 2016.

## Saoráil Faisnéise

Síníodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014 ina dhlí anonn sa bhliain 2014. Le linn 2015, tháinig codanna áirithe de ghnó Bhus Éireann faoi fhorálacha an Achta sin. Leathnaíodh an tAcht ionas go gclúdófaí faoi na gníomhaíochtaí riaracháin arna ndéanamh ag rannóga de chuid na Cuideachta. Baineann na gníomhaíochtaí sin le soláthar seirbhísí Iompair Scoile don Roinn Oideachais agus Scileanna. Faoin Acht, tá Bus Éireann faoi réir ag iarratais um Shaoráil Faisnéise tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le taifid arna gcruthú ón 21 Aibreán 2008.

## Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh ráitis airgeadias 2020 Bhus Éireann ar bhun gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Tá ionchas réasúnach ag Stiúrthóirí Bus Éireann go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh 12 mhí ar a laghad ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais seo agus measann siad gur iomchuí bunús an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú.

Tá níos mó sonraí leagtha amach i Nóta 2 de na ráitis airgeadais.

## Athchaipitliú Bus Éireann

Is príomhpháirt de stráitéis Bhus Éireann ná sócmhainneacht an chláir comhordaithe a neartú tríd athchaipitliú le linn fómhair 2021.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – ar lean

## Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag oibriú seirbhísí OSP de réir an Chonartha Dámhachtana Díreach le linn 2020. D'aistrigh an Chuideachta go conradh ollchostas ón 1 Eanáir 2021. Faoin gconradh comhlán costas, aistríonn freagracht ioncaim as seirbhísí OSP chuig an NTA.

Chinn an Chuideachta gur ócáid neamh-choigeartaithe iar-chláir chomhardaithe é seo. Dá réir sin ní gá aon choigeartú ar staid airgeadais agus torthaí na n-oibríochtaí amhail agus don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

## Iniúchóirí

De réir riachtanais soláthair poiblí, thug CIÉ faoi proiséas tairscine iniúcha foirmiúil seachtrach, tar éis sin roghnaidh na Boird (CIÉ agus Bus Éireann) Mazars mar iniúchóirí seachtrach don Ghrúpa, Bus Éireann san áireamh, ag brath ar fhaomhadh an Aire Iompair. Cuireadh rún os comhar scairshealbhóirí ag an CGB ar 19 Samhain 2020, ceapacháin Mazars a fhaomhadh go foirmiúil, ag brath ar fhaomhadh an Aire Iompair. D'éirigh Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte, as mar iniúchóirí seactracha le héifeacht ó dháta an CGB agus tá sé dearbhaithe acu, de réir Alt 400 de Acht na gCuideachtaí 2014, nach bhfuil aon cúinsí i dtaca lena n-éirí as ar cheart aird baill nó créidiúnaithe na Cuideachta a dhíriú air.

## Faisnéis a Nochtadh d'Iniúchóirí

Chomh fada agus is eol do gach Stiúrthóir in oifig ar dháta formheasa na ráiteas airgeadais:

- níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta aineolach uirthi; agus
- ghlac na Stiúrthóirí gach céim ba chóir dóibh a bheith glactha mar Stiúrthóirí d'fhonn iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a shuíomh go bhfuil iniúchóirí an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Thar ceann an Bhoird

**A Murphy**
*Cathaoirleach*

**B. Lenihan**
*Stiúrthóir*

12 Aibreán 2021

# Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, chinn na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha'). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na Cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach ansin
- Bbreithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- A shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofaí, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina ndéantar idirbhearta na Cuideachta a mhíniú agus a thaifeadadh go cruinn, a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus caillteanas na Cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach as féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an Chuideachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise Corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

## Do Chomhaltaí Bhus Éireann

### Tuarascáil ar Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

#### Tuairim

Tá ráitis airgeadais Bhus Éireann (an Chuideachta) iniúchta againn a chuimsíonn an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas, an Ráiteas faoi Shreabha Airgid agus nótaí na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh chun feidhme agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann eisithe sa Ríocht Aontaithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRS 102).

Is é ár dtuairim é maidir leis na ráitis airgeadaisa leanas:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar an bhrabús don bhliain airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus,
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

#### Bunús leis an Tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar níos mó cur síos ar an bhfreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid *'Na Freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais'* den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gCuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil do Iniúchóirí arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

#### Conclúidí a Bhaineann le Gnóthas Leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an HFA leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

#### Faisnéis Eile

Is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúchóra uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar le linn an iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

## Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014

Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, go dtuairiscímid:

- tá an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain airgeadais a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- ullmhaíodh tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme;
- ba leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart; agus
- réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile atá riachtanach, chun an eolais agus an chreidimh atá againn, chun críocha ár n-iniúchta.

## Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na Cuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíráiteas ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na Stiúrthóirí.

Ceanglaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014 orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an Chuideachta ceanglais aon cheann d'Ailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta Stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Lúnasa 2016) (an Cód Cleachtais), éilítear orainn tuairisc a thabhairt duit má tá an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh i dtuarascáil na Stiúrthóirí nach léiríonn comhlíonadh na gCuideachtaí le mír 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

## Freagrachtaí Faoi Seach

### Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa ráitis ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach XX, is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an creatlach tuairiscithe airgeadais infheidhme a thugann léargas fíor agus cóir agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh an bhainistíocht is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag bainistíocht an Chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

### Na Freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8fa98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóra.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha – ar lean

## Aidhm ár gcuid Oibre Iniúchta agus a bhfuil ár bhFreagrachtaí dlite dúinn

Tá ár dtuarascáil á cur faoi bhráid chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na Cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángamar.



**Tommy Doherty**
Ar son agus thar ceann Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Ionad Fhearchair, Bloc 3
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

16 Aibreán 2021

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Láimhdeachas oibriúcháin | | **284,786** | 366,475 |
| Deontas Ioncaim | *14(c)* | **18,684** | – |
| Fáltais ó na conarthaí Dírdhámhachtana Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Oibritheoirí Bus Trachtála | | **93,833** | 57,974 |
| **Ioncam iomlán** | *3* | **397,303** | 424,449 |
| **Costais** | | | |
| An párolla agus costais ghaolmhara | *4(a)* | **(144,566)** | (142,867) |
| Ábhair agus seirbhísí | *5(a)* | **(258,865)** | (272,821) |
| **Iomlán na gcostas** | | **(403,431)** | (415,688) |
| **TRÚCDA roimh chostais agus ioncaim eisceachtúla** | | **(6,128)** | 8,761 |
| Costais agus ioncaim (glan) eisceachtúla | *5(c)* | **298** | 36 |
| Dímheas agus amúchadh (glan) | *5(d)* | **(3,582)** | (6,120) |
| Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | **244** | 139 |
| **(Easnamh)/brabús roimh ús agus cháin** | | **(9,168)** | 2,816 |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | *6* | **(140)** | (272) |
| **(Easnamh)/brabús don bhliain roimh cháin** | | **(9,308)** | 2,544 |
| Cáin ar an (easnamh)/brabús i leith na bliana | *7* | **70** | (250) |
| **(Easnamh)/brabús don bhliain tar éis cánach** | | **(9,238)** | 2,294 |

# Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **(Easnamh)/brabús** tar éis cánach don bhliain | | **(9,238)** | 2,294 |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | **–** | – |
| **(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **(9,238)** | 2,294 |

# Clár Comhardaithe


## 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | *8* | **2,770** | 446 |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *9* | **58,553** | 98,414 |
| | | **61,323** | 98,860 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *10* | **4,390** | 3,956 |
| Féichiúnaithe | *11* | **141,853** | 113,283 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **589** | 1,416 |
| | | **146,832** | 118,655 |
| | | | |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | *12* | **(104,067)** | (81,111) |
| | | | |
| **Glan sócmhainní reatha** | | **42,765** | 37,544 |
| | | | |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **104,088** | 136,404 |
| Soláthairtí in aghaidh dliteanas | *13* | **(60,590)** | (58,822) |
| Ioncam iarchurtha | *14(a)* | **(36,717)** | (61,563) |
| | | **(97,307)** | (120,385) |
| | | | |
| **Glan sócmhainní** | | **6,781** | 16,019 |
| | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *15* | **66,212** | 66,212 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais – iarmhéid tosaigh | | **(50,193)** | (52,487) |
| Brabús/easnamh don bhliain | | **(9,238)** | 2,294 |
| **Caipiteal gnáthscaireanna iomlán** | | **6,781** | 16,019 |

Thar ceann an Bhoird



**Aidan Murphy**
*Cathaoirleach*



**Brendan Lenihan**
*Stiúrthóir*

12 Aibreán 2021

# Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | Scair-chaipiteal glaoite €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019** | | 66,212 | (52,487) | (13,725) |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | – | 2,294 | 2,294 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | | **66,212** | **(50,193)** | **16,019** |
| | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020** | | **66,212** | **(50,193)** | **16,019** |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | – | (9,238) | (9,238) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020** | | **66,212** | **(59,431)** | **6,781** |

# Ráiteas um Shreabhadh Airgid

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Airgead ó oibríochtaí** | | | |
| **Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *16* | **23,189** | 15,762 |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Breiseanna leis na sócmhainní seasta doláimhsithe | *8* | **(2,870)** | (26) |
| Breiseanna leis na sócmhainní seasta inláimhsithe | | **(266)** | (1,135) |
| Fáltais díolacháin ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | **244** | 139 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | | **8,804** | 1,579 |
| | | | |
| (Méadú) ar chomhardú leis an máthair chuideachta | | **(29,788)** | (16,086) |
| Ús a d'íoc an mháthair chuideachta agus a ghearr sí | *6* | **(140)** | (272) |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(24,016)** | (15,801) |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **-** | - |
| | | | |
| **Glan (laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | **(827)** | (40) |
| | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | **1,416** | 1,456 |
| | | | |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **589** | 1,416 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

### Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na uideachta ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht

Is é CIÉ, ar fochuideachta de é Bus Éireann, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann seirbhísí iompair phoiblí de thalamh ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Is Cuideachta bainistíochta iompair é Bus Éireann, arb iad a phríomhghníomhaíochtaí bainistíocht agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán comhtháite seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí bus scoile a sholáthar, trí úsáid a bhaint as a acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí.

Is Cuideachta Tráchtála Stáit é Bus Éireann, an Chuideachta, agus tá sé ina chuid de Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ. Athchláraíodh an Chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe le feidhm ón 1 Feabhra 2016, faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is 119570 uimhir cláraithe an Cuideachta agus tá sé cláraithe i mBaile Átha Cliath le hoifigí cláraithe ar an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

Baineann ráitis airgeadais na Cuideachta le gníomhaíochtaí Bhus Éireann agus leo sin amháin.

### Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na Stiúrthóirí ar bhealach is cuí do chineál ghnó na Cuideachta. Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh Cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímheas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndeontas caipitil arna bhfáil.

#### (a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as boinn tuisceana thábhachtacha áirithe i leith na todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilíonn sé freisin go ndéanfadh Stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (v) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh boinn tuisceana agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintitis incháilithe. Eintiteas incháilithe is ea an Chuideachta ach níor bhain sí leas as aon díolúine ó nochtadh atá ar fáil le haghaidh eintitis incháilithe.

## (b) Gnóthas leantach

Tá súil réasúnach ag na Stiúrthóirí go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad. Déantar an deimhniú tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trádála sa todhchaí, pleananna caiteachais caipitil agus infhaighteacht leachtachta. Bhreithnigh na Stiúrthóirí rioscaí agus neamhchinnteachtaí sa ghnó chomh maith leis an bhfaisnéis phoiblí a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, ullmhaíodh ráitis airgeadais seo an eintitis ar bhonn gnóthas leantach. Tá tuilleadh faisnéise i nóta 2.

## (c) Airgeadra eachtrach

### *(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe*

Mura luaitear a mhalairt, is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na Cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail '€'. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair ina mílte ('000).

### *(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna*

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhaighte agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear gach gnóthachan agus caillteanas airgid eachtraigh eile i láthair sa chuntas brabúis agus caillteanais lastigh de chostais 'ábhair agus seirbhísí'.

## (d) Láimhdeachas

Cuimsíonn an láimhdeachas luach comhlán na seirbhísí arna soláthar. Déantar an láimhdeachas a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear láimhdeachas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim:

Aithnítear ioncam airgid ar bhus agus ioncam ón gcóras ticéadaithe chomhtháite an lá a soláthraítear an tseirbhís. Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim thar thréimhse an táirge ábhartha.

Aithnítear ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

### (e) Íocaíochtaí agus Deontais na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí

*(i) Íocaíochtaí conarthaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) agus Dírdhámhachtana Oibritheoirí Bus Trachtála (CBO DAC)*

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP agus CBO DAC arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

*(ii) Deontais ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste*

Déantar deontais ón Aontas Eorpach (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitiúil a chur chun sochair don ioncam iarchurtha nuair a bhíonn siad infhála. Déanann Bus Éireann taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhraithe de réir mhír 24 de FRS102. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais ag an am céanna is a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh.

*(iii) Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSS) agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostóra (EWSS)*

Scéim tacaíochta shealadach rialtais COVID-19 a bhí sa Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSS) a d’oibrigh ó Mhárta 2020 go Lúnasa 2020 agus a cuireadh in ionad an EWSS (Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta). Tá fóirdheontas aitheanta ag an gCuideachta a fuarthas laistigh de dheontais ioncaim i Nóta 14 (c).

### (f) Costais ábhar agus seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí, a dtugtar costais oibriúcháin orthu freisin, na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Bhus Éireann ó lá go lá, seachas costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus tá siad leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### (g) Ús infhála/ús iníoctha

Aithnítear ioncam úis nó costas úis faoi mhodh an ghlanráta úis.

### (h) Costais eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Éireann, aithnítear torthaí ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a measaimid nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Chuideachta go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le nithe den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le ‘suntasach’ sa sainmhíniú atá againn air, úsáideann an Chuideachta idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus caillteanais na Cuideachta agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

### (i) Cáin

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chaipiteal gnáthscaireanna leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

*(i) Cáin reatha*

Is ionann cáin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha i leith an bhrabúis inchánaigh don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

*(ii) Cáin iarchurtha*

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabúis inchánacha agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachais sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabúis eile inchánacha sa todhchaí.

**(j) Idirbhearta páirtithe gaolmhara**

Fo Chuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Bus Éireann. Nochtann Bus Éireann idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an Chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na Stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil cainníocht na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na Cuideachta.

**(k) Sócmhainní seasta doláimhsithe**

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

**(l) Sócmhainní seasta inláimhsithe**

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais díchoimisiúnaithe is infheidhme.

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

*(i) Dímheas agus luachanna iarmharacha*

*Feithiclí paisinéirí bóthair*

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, thar a saol úsáideach tuartha, ar bhonn céatadáin laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

Tosaíonn an dímheas ar na sócmhainní sin nuair a chuirtear chun seirbhíse iad sa fhlít den chéad uair. Tar éis mionathbhreithniú le linn 2020 rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach fhlít le linn 2020.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

*Gléasra agus innealra*

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Tar éis mionathbhreithniú rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach ghléasra agus innealra le linn 2020.

Tá sonraí i dtaobh shaol úsáideach tuartha na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, ag deireadh gach bliana airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

*(ii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain*

Ní dhéantar costais iardain, lena n-áirítear costais maidir le comhpháirteanna arna n-athsholáthar, a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír i ndán don Chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair eacnamaíocha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear costais síos i leith deisiúcháin agus cothabhála de réir mar a thabhaítear iad.

*(iii) Dí-aithint*

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar eacnamaíoch sa todhchaí. Tráth na diúscartha, déantar an difríocht idir an glanfháltas diúscartha agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (m) Sócmhainní léasaithe

*(i) Léasanna oibriúcháin*

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair na húinéireachta chuig an léasaí. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Cuimsíonn léasanna oibriúcháin feithiclí paisinéirí bóthair a fhaightear faoin gcomhaontú léasaithe bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

*(ii) Dreasachtaí léasa*

Déantar dreasachtaí a fuarthas chun dul i mbun léas oibriúcháin a aithint mar laghdú ar chostas an léasa oibriúcháin ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

### (n) Lagú na sócmhainní neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh.

Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais.

### (o) Stoc

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna breise agus breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar stoic ábhar agus páirteanna breise a luacháil ar a meánchostas ualaithe nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an luach ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar caillteanas a thaifeadadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

### (p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile le haibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sna dliteanais reatha.

### (q) Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Chuideachta forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

#### *(i) Sócmhainní airgeadais*

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gCuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúp Chuideachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid, atá tar taifead leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tagtha ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

*(ii) Dliteanais airgeadais*

Ar an gcaoi chéanna, déantar roinnt ionstraimí airgeadais bunúsacha atá san áireamh sna dliteanais reatha, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí agus iasachtaí ó ghrúp Chuideachtaí eile, a aithint den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an dliteanas airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúp Chuideachtai eile, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar shuimeanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a thomhais ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

### (r) Soláthairtí

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gCuideachta de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáid as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh an Chuideachta ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar i gcoinne caillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

### (s) Dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an gCuideachta sochair eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

### (t) Sochair d'fhostaithe

Cuireann an Chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh.

Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsin faoi seach.

*Plean pinsin le sochar sainithe*

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean le sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Sainítear i bplean le sochar sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean le sochar sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin le sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ.Glacann na fo Chuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na Stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse.
Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 18.

### (u) Caipiteal gnáthscaireanna

Déantar gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna agus atá siad leagtha amach i nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### (v) Meastacháin agus boinn tuisceana ríthábhachtacha cuntasaíochta

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta – ar lean

Déanann na Stiúrthóirí meastacháin agus tagann siad ar bhoinn tuisceana maidir leis an am atá le teacht. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na boinn tuisceana lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

*(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus neamhláimhsithe*

Braitheann an muirear dímheasa agus amúchta bliantúil i gcás sócmhainní inláimhsithe agus neamhláimhsithe ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht fisiciúil na sócmhainní. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní doláimhsithe, an fhearais agus an trealaimh, agus saol eacnamaíoch úsáideach maidir le gach aicme sócmhainní leagtha amach i nóta 8 agus nóta 9.

*(ii) Soláthar i dtaobh éileamh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí, agus aisghabhálacha gaolmhara*

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 14 a ghabhann leis na ráitis airgeadais

*(iii) Scéim pinsin le sochar sainithe*

Tá sé d'oibleagáid ar ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an Chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear ionchas saoil, méaduithe tuarastail, luachálacha sócmhainne agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Leagtar síos ar shlí níos mionsonraithe i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais nithe a bhaineann le costais pinsean agus scéimeanna pinsin.

*(iv) Feithiclí paisinéirí bóthair a fuarthas faoin gcomhaontú leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le busanna ar cíos*

Aithnítear feithiclí paisinéirí bóthair a fhaightear faoin gcomhaontú léasaithe bus leis an NTA de réir (m) Sócmhainní ar Léas thuas. Tháinig athruithe ar chearta agus oibleagáidí na cuideachta agus an NTA, mar a fhorordaítear sna Conarthaí Dámhachtana Díreacha Nollaig 2019 – Samhain 2024, i bhfeidhm in 2020 agus, mar thoradh air sin, chinn an Grúpa go n-aithnítear feithiclí paisinéirí bóthair mar fheithiclí paisinéirí bóthair i sócmhainní seasta inláimhsithe i mblianta airgeadais 2017 go 2019 rinneadh iad a dhí-aithint in 2020 agus aithnítear anois iad mar bhusanna a choinnítear faoi léasanna oibriúcháin, a fuarthas faoi chomhaontú léasaithe bus an NTA.

In 2020, aithníodh muirear cíosa bliantúil, mar atá forordaithe i gcomhaontú léasaithe bus NTA, as feithiclí paisinéirí bóthair a fhaightear faoin gcomhaontú seo. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 9 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**(w) Taxsaver**

Cuimsíonn aitheantas ioncaim ticéad bliantúil Taxsaver de réir threoirlínte "Síneadh Saor in Aisce Taxsaver" NTA síneadh ticéad saor in aisce aon mhí amháin a bhfuil sé mar aidhm aige faoiseamh a sholáthar do chustaiméirí Taxsaver a mbíonn tionchar ag bearta frithdhúnadh paindéime COVID-19 orthu a chuir srian ar rochtain na bhfostaithe ar a ngnátháit oibre. Dá bhrí sin tá cinneadh déanta ag an gCuideachta gan ioncam ó Taxsaver a aithint le linn na tréimhse saor in aisce 6 mhí.

## 2. Gnóthas Leantach

### Bus Éireann – Seasamh Airgeadais

Ullmhaíodh ráitis airgeadais 2020 Bus Éireann ar bhun gnóthais leantaigh. Glacann seo leis go mbeidh acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

Tá mionbhreithniúchán déanta ag na Stiúrthóirí ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh ag an am seo agus tá siad sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2020 ar an bhun seo.

I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

#### Stad Airgeadais na Cuideachta ag 31.12.20

Amhail an 31 Nollaig 2020, tá glansócmhainní dar luach €6.8 milliún (2019: €16.0 milliún) agus glansócmhainní reatha dar luach €42.8 milliún (2019: €37.5 milliún) ag an gCuideachta.

Mar chuid de na glansócmhainní reatha áirítear dliteanais neamh-airgid dar luach €18.9 milliún (2019: €24.8 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha agus ioncam iarchurtha maidir le hioncam agus deontais chaipitil, níl gealltanas i gceist le deontais chaipitil agus úsáidtear iad de réir dímheas an socmháinne.Dá bhrí sin, gan na míreanna neamh-airgid sin san áireamh, bhí glansócmhainní ag an gCuideachta dar luach €61.7 milliún (2019: €62.3 milliún).

#### COVID-19

Leanann freagairt dhiúltach eacnamaíoch ar eacnamaíocht na hÉireann ag éirí as COVID-19. Baineann an príomhthionchar ar Bhus Éireann leis an laghdú shuntasach in aistir phaisinéirí. Tá mionmheastúchán críochnaithe ar éifeachtaí COVID-19 ar gach ghné den gnó. Is féidir príomh na neamhchinntí roimh Bhus Éireann a shonrú mar a leanas:

- Tá sé réamh-mheasta go dtabhaigh an Chuideachta caillteanas ina gnó trachtála i 2021, ach tá plean inmharthanachta nua a d'fhaomh an Bhord le linn 2020.
- Mhéadaigh laghdú suntasach in ioncam OSP an leibhéal maoiniú ón NTA agus maoiniú Staitchiste níos leithne do 2021.
- Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag lánmaoiniú gníomhaíochtaí scoile go fóill.
- D'aistrigh an Chuideachta go conradh ollchostas ón 1 Eanáir 2021. Faoin gconradh seo is ar an NTA atá an fhreagracht as ioncam agus déantar an chuideachta a chúiteamh as caiteachas agus brabús réasúnach de réir fhorálacha an chonartha

#### Conarthaí Dírdhámhachtana Díreach PSO Bhus Éireann

*2020*

Lean an Bus Éireann ag oibriú seirbhísí OSP de réir na Conarthaí dírdhámhachtana le linn 2020. Chuir an Cuideachta measúnú ar an tionchar airgeadais diúltaigh ag éirí ón easnamh i ioncaim bosca tháille go luath sa bhliain ar fáil bunaithe ar an bhonn go mbeidh srianta leanúnacha le linn 2020. Tá líon cásanna diomartha tomhaiste agus measta. Bhí Bus Éireann ag obair ag feidhmiú ar bhonn conartha glanchostais i 2020 ina gconaíonn an Cuideachta ioncaim bosca tháille agus solathraíodh maoiniú OSP le costais seirbhísí riachtanacha ach neamhbhrabúsach a íoc. Thug an an NTA agus an Roinn Iompair le fios go luath i 2020 go gcuirfidh maoiniú breise ar fáil le leanúnacht na seirbhísí ríthábhactacha seo a chinntiú. Tá beagnach an méid iomlán maoinithe atá riachtanach do 2020 faighte ag an Chuideachta anois. Ba mhaith leis na Stiúthóirí an tacaíocht maoinithe Stáitchiste breise a fuarthas ón NTA, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Státchiste le linn 2020 a chumasaigh oibriú leanúnach seirbhísí iompair poiblí riachtanacha a aithint.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 2. Gnóthas Leantach – ar lean

*2021*

Feidhmeoidh an Chuideachta ar bhonn Conartha ollchostais OSP i 2021 agus beidh freagracht ioncaim ar an NTA. Chinntigh an NTA a chuspóir leanúint le maoiniú OSP de réir na gConarthaí i 2021. Phléigh na Stiúrthóirí réimse cásanna leis an candam maoiniúcháin gur dócha a bheidh riachtanach i 2021 a thuiscint.

Ba phríomhghné í macnamh ar an tuairim go bhféadfaí maoiniú OSP ag leibhéal cuí a sholáthair i 2021 i measúnacht na Stiúrthóirí ar stad airgeadais na Cuideachta. Tá na Stiúrthóirí sásta:

- go bhfanann sé mar chuspóir ag an NTA seirbhísí OSP Bus Éireann a mhaoiniú de réir Conarthaí dírdhámhachtana
- gur lig mionphleanáil cás do sholáthar measúnuithe réasúnta ar leibéil maoinithe riachtanacha;
- go raibh soláthar dóthanach san áireamh le Conradh OSP Bhus Éireann a mhaoiniú i mBuiséad an Stáitchiste;
- go bhfaighidh an NTA go leor maoiniú ón Státchiste le Conradh OSP Bhus Éireann a mhaoiniú.

Chomh maith le sin, d'aontaigh an NTA go mbeadh seirbhísí breise a sholáthair faoi phlean Spreagtha an Rialtais agus tá Bus Éireann i mbun rannphartaíochta leis an NTA faoi láthair i dtaca le maoiniú do na seirbhísí seo a aontú.

Rinne na Stiúrthóirí macnamh ar an eolas cuí ar fad le cinneadh a dhéanamh faoi réasúntacht a gconclúid i dtaca le soláthar maoiniú mar sin agus cuireadh caipéisí ar fáil do na Stiúrthóirí le cúnamh le ina macnamh. Bhí macnamh ar rannpháirtíocht bainistíocht le príomhsheallbhóirí, mionshamhaltú agus cás pleanáilm Buiséad an Stáitchiste 2021 sa áireamh le sin, cnomh maith le gach eolas cuí ar fáil go poiblí.

### Iompar Scoile

D'fhonn cloí le treoirlínte sláinte poiblí a bhfuil acmhainn 50% acu chun faid shóisialta a choinneáil, cheadaigh an Roinn Oideachais maoiniú do sheirbhísí breise príomhshrutha agus riachtanas speisialta oideachais a oibríonn ar leibhéal iar-bhunscoile ar feadh na bliana acadúla. Tá an próiseas seo beagnach críochnaithe anois agus formhór na seirbhísí i bhfeidhm. Ag teacht leis an gcéim is déanaí de shrianta COVID-19, cuireadh iompar scoile ar fionraí go luath i 2021 agus rinneadh íocaíochtaí le conraitheoirí mar a aontaíodh leis an Roinn Oideachais le linn na tréimhse sin. Cuireadh tús go páirteach le seirbhísí a atosú i mí Feabhra ar bhonn céimnithe agus tá sé beartaithe seirbhís iomlán a atosú ó lár mhí Aibreáin. Bíonn idirphlé leanúnach ag Bus Éireann maidir le fad na seirbhísí breise faid shóisialta agus iarrfaidh sé cead maoinithe roimh ré má tá na seirbhísí seo le leanúint ar aghaidh sa chéad bhliain acadúil eile.

### Seirbhísí Tráchtála

Lean seirbhísí Expressway le linn na paindéime le roinnt athruithe sceidil mar a aontaíodh leis an NTA. Mar go raibh na seirbhísí seo ag reachtáil le caillteanas airgid mar gheall ar shrianta taistil COVID-19 do chéad leath 2020 agus gur bhrath Bus Éireann ar thacaíocht leachtachta óna thuismitheoir go dtí Iúil 2020 nuair a d'éirigh leis Tacaíocht Shealadach a fháil faoi Chonradh Dírdhámhachtana Oibritheoirí Bus Trachtála ("CBD DAC") ón NTA. Áiríodh sa chonradh seo gach bealach Expressway seachas Bealach X1 agus X51 a lean de bheith ag brath ina ionad sin ar thacaíocht ó CIÉ. Tá conradh tosaigh CBO DAC a chuaigh in éag an 29 Eanáir 2021 sínte anois ar feadh trí mhí eile. Cuireadh deireadh le gach seirbhís tráchtála eile le linn na paindéime seo. Tar éis an chosáin chuig inmharthanacht a ceadaíodh ag Bord Bus Éireann dar dáta 28 Meán Fómhair 2020, tarraingíodh siar Bealach X1 agus Bealach 12 go hiomlán ón 15 Samhain 2020 agus an 30 Eanáir 2021 faoi seach. Táthar ag súil go ndéanfaidh an gnó tráchtála trádáil ar chaillteanas airgeadais arís i 2021, rachaidh an DAC CBO lena leathnú breise in éag anois ag deireadh mhí Aibreáin 2021 agus maoineofar riachtanais leachtachta mar thoradh ar thorthaí ionchais don chuid eile de 2021 le CIÉ. Meastar go bhfillfidh Expressway ar bhrabúsacht i 2022.

## Gníomhaíochtaí Bainistíochta Leanúnacha

Leanann bainistíocht Bhus Éireann ag cur líon gníomhaíochtaí i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leis an NTA i dtaca le maoiniú cuí le tacú le hoibríocht leanúnach Conarthaí Dírdhámhachtana OSP
- rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais do scoileanna
- dianmhonatóireacht ar cheisteanna le tionchar ar sheirbhísí trachtála
- dianmhonatóireacht ón bhainistíocht ar staid airgid tirim laethúil, seachtainiúil agus mhíosúil ar fud na Cuideachta
- cuir i bhfeidhm leanúnach agus dianmhonatóireacht ar thionscnaimh sábhála costas
- measúnuithe mionsonraithe ar gach togra caiteachais chaipitiúil agus a dtionchar ar leachtacht
- athbhriethniú leanúnach ar rioscaí agus ar dheiseanna le tionchar acu ar oibríochtaí na Cuideachta

## Athchaipitliú Bus Éireann

Is príomhpháirt de stráitéis Bhus Éireann ná an clár comhordaithe a a neartús i sócmhainneacht tríd athchaipitliú le linn fómhair 2021.

## Grúpa CIÉ

Tá córas státchiste comhthiomsaithe i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ agus braitheann Bus Éireann ar áiseann bainc an Ghrúpa lena oibríochtaí a bahinsitiú de réir an plean gnó faofa. Tá tacaíocht leanúnach CIÉ do Bhus Éireann léirithe sa Litir Thacaíochta ó CIÉ go Bus Éireann arna dhátú 7 Aibreán 2021. Luaitear an méid a leanas sa Litir sin "Tá sé fós mar bheartas CIÉ go mbeidh an Chuideachta in ann a cuid dliteanas a shásamh i gcónaí. Leanfaidh CIÉ dá chearta mar scairshealbhóir agus a oibleagáidí reachtúla a chleachtadh d'fhonn a áirithiú go mbainistíonn an Chuideachta a cuid oibríochtaí, i gcomhréir lena pleananna gnó faofa, agus ar bhealach lena gcuirfear ar a cumas a oibleagáidí a chomhlíonadh go tráthúil. Soláthróidh CIÉ an tacaíocht airgeadais is gá chun ligean don Chuideachta leanúint ag oibriú agus a dliteanais a leachtú i ngnáthchúrsa gnó ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad tar éis dáta sínithe na ráiteas airgeadais."

## Buiséad Comhdhlúite Ghrúpa CIÉ

D'fhaomh Bord CIÉ an bhuiséad comhdhlúite grúpa do 2021 ar 4 Samhain 2020. Cé go bhfuil líon na bpaisinéirí tuartha le fanacht faoi leibhéil 2019 i 2020 agus 2021, bunaithe ar feidhmíocht leanúnach na gconarthaí dírdhámhachta ar an bhun aontaithe, léiríonn an bhuiséad comhdhlúite grúpa do 2021 go bhfuil acmhainní dhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint i ngnó ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

## Conclúd

De réir na fachtóirí leagtha amach thuas, tá dóchas réasúnta ag Stiúrthóirí Bus Éireann go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an Chuideachta le leanúint ag oibriú ar feadh ar laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais agus measann siad go bhfuil sé cuí glacadh leis an bhonn gnóthaigh leantaigh i dtaca le ullmhú na ráitis airgeadais.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 3. Ioncam iomlán

Cuimsítear san ioncam iomlán láimhdeachas oibriúcháin, glan ar CBL in-aisghabhála, fáltais faoin gConradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus deontais Ioncaim. Tá sonraí breise i dtaobh Deontais Ioncam leagtha amach i nóta 14(c). Soláthraí seirbhísí iompair is ea an Chuideachta agus soláthraíonn sí seirbhísí ar fud na hÉireann agus tá sí rialaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair.

## 4(a) Costais phárolla agus costais ghaolmhara

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais foirne: | | |
| Pá agus tuarastail | **120,643** | 120,896a |
| Costais leasa shóisialaigh | **12,440** | 11,763 |
| Costais eile na sochar scoir | **11,386** | 10,208 |
| | **144,469** | 142,867 |
| Obair innealtóireachta do ghrúp Chuideachtaí arna hathmhuirearú | **–** | (63) |
| **Glanchostais foirne (gan luach saothair na Stiúrthóirí san áireamh)** | **144,469** | 142,804 |
| | | |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí:** | | |
| – I leith seirbhísí mar Stiúrthóirí | **97** | 63 |
| – I leith seirbhísí feidhmiúcháin | **–** | – |
| – Íocaíochtaí scor i leith seirbhísí feidhmiúcháin | **–** | – |
| | **97** | 63 |
| Ranníocaíochtaí a rinneadh le scéim pinsean le sochar sainithe | **–** | – |
| Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na Stiúrthóirí | **97** | 63 |
| | | |
| **An párolla agus costais ghaolmhara** | **144,566** | 142,867 |

Níor tabhaíodh aon chostais i leith chailleadh oifige d'aon Stiúrthóirí in 2020 ná 2019 ná tar éis dháta an chláir comhardaithe.

Tá suimeanna spreagtha de €452,000 ar son duaiseanna tiomáint shábáilte bronnta i 2020. (2019:€638,000 ar son duaiseanna tiomáint shábáilte agus soláthairtí déanta i 2019 ar mhaithe le pá i gcoibhneas le feidhmíocht do ghrádanna feidhmeannacha, ag brath ar bhaint amach leibhéil brabúsacht sa Chuideachta.)

Meánlíon fostaithe le linn na bliana

| | Líon 2020 | Líon 2019 |
|---|---|---|
| Lánaimseartha | **2,391** | 2,392 |
| Tiománaithe páirtaimseartha bus scoile | **311** | 335 |
| **Iomlán** | **2,702** | 2,727 |

## 4(b) Párolla agus Costais Ghaolmhara: riachtanais nochtaithe faoi Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

### Leasa Fostaithe

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Bunúsach | **88,506** | 86,761 |
| Ragobair | **6,895** | 7,732 |
| Liúntais | **24,790** | 25,765 |
| Suimeanna Dreasachta | **452** | 638 |
| | **120,643** | 120,896 |
| | | |
| **Comhiomlán Leasa Fostaithe** | | |
| Leasa gearrthéarmacha | **120,643** | 120,896 |
| Leasa dífhostaithe | **–** | – |
| Leasa Scor | **11,386** | 10,208 |
| ER ÁSPC | **12,440** | 11,763 |
| **Fo-iomlán** | **144,469** | 142,867 |
| | | |
| **Lúide** | | |
| Íocaíochtaí iarscoir eisceachtúla | **–** | – |
| Obair innealtóireachta do Chuideachtaí eile sa Ghrúpa | **–** | 63 |
| **Fo-iomlán** | **–** | 63 |
| | | |
| **Móide** | | |
| Luach saothair Stiúrthóirí | **97** | 63 |
| **Iomlán** | **144,566** | 142,867 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 4(b) Párolla agus Costais Ghaolmhara: riachtanais nochtaithe faoi Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 – ar lean

### Leasa Gearrthéarmach Fostaithe

Líon na bhfostaithe ar tháinig a sochar fostaí iomlán (gan costais phinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe laistigh de gach banda de € 25,000 ó € 50,000 suas. Léiríonn na figiúirí líon na bhfostaithe ar an bpárolla i rith na bliana agus lena n-áirítear gach siúinéir agus fágálaí ar phárolla.

| Ó | Go | 2020 Líon na Foirne | 2019 Líon na Foirne |
|---|---|---|---|
| €50,000 | €75,000 | **693** | 614 |
| €75,000 | €100,000 | **49** | 44 |
| €100,000 | €125,000 | **8** | 7 |
| €125,000 | €150,000 | **4** | 6 |
| €150,000 | + | **9** | 5 |
| **Foireann Iomlán** | | **763** | 676 |

## 4(c) Párolla agus Costais Ghaolmhara: riachtanais nochtuithe breise faoi Imlitir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Tagairt 13/2014

Líon fostaithe a bhfuil iomlán a sochar fostaí (gan costais pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse thuairiscithe a thit laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 in airde.

| Ó | Go | 2020 Líon na Foirne | 2019 Líon na Foirne |
|---|---|---|---|
| €60,000 | €70,000 | **186** | 157 |
| €70,000 | €80,000 | **32** | 25 |
| €80,000 | €90,000 | **22** | 22 |
| €90,000 | €100,000 | **13** | 13 |
| €100,000 | €110,000 | **4** | 2 |
| €110,000 | €120,000 | **4** | 5 |
| €120,000 | €130,000 | **1** | 1 |
| €130,000 | €140,000 | **2** | 3 |
| €140,000 | €150,000 | **1** | 2 |
| €150,000 | + | **9** | 6 |

## 4(d) Luach Saothair an POF

Áirítear le costas pá agus tuarastal an luach saothair seo a leanas atá iníoctha leis an bPríomhfheidhmeannach, an tUasal Stephen Kent, i leith seirbhísí feidhmiúcháin.

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna chomhcheangailte** | | |
| Buntuarastail | **210** | 210 |
| Riaráistí buntuarastail | **–** | 14 |
| Liúntais agus sochair chomhchineáil inchánacha | **14** | 3 |
| Costais leasa shóisialaigh | **25** | 26 |
| Costais eile i leith sochar iarscoir | **53** | 32 |
| Riaraistí costais eile i leith sochar iarscoir | **103** | – |
| Íocaíocht scor | **–** | – |
| | **405** | 285 |

Tá siadsan ag teacht le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le Príomhfheidhmeannaigh.

## 4(e) Cúiteamh daoine tábhachtacha den lucht bainistíochta

Seo a leanas cúiteamh an phríomhlucht bainistíochta, lena n-áirítear tuarastail agus sochair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na Stiúrthóirí:

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha | **1,338** | 1,234 |
| Riaráistí tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha | **–** | – |
| Costais eile i leith sochar iarscoir | **278** | 162 |
| Costais leasa shóisialaigh | **133** | 98 |
| Íocaíochtaí scor | **–** | – |
| **Iomlán** | **1,749** | 1,494 |

Tá suimeanna spreagtha de €NIALAS (2019: €51,250) ar son soláthairtí déanta i 2019 ar mhaithe le pá i gcoibhneas le feidhmíocht i 2019 do phríomhphearsanra bainistíochta, ag brath ar bhaint amach leibhéil brabúsacht sa Chuideachta

Cuimsíonn tuilleamh an phríomhlucht bainistíochta agus na Stiúrthóirí tuarastail agus costais ghaolmhara atá iníoctha leis an lucht ardbhainistíochta agus leis na Stiúrthóirí. Níor tabhaíodh aon chostas i dtaobh bónas, pá de réir feidhmíochta ná cúitimh i leith cailleadh oifige le linn 2020.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 4(e) Cúiteamh daoine tábhachtacha den lucht bainistíochta – ar lean

Íocadh táillí Stiúrthóirí mar seo a leanas le Stiúrthóirí na Cuideachta as ucht seirbhísí mar Stiúrthóirí in 2020:

| | |
|---|---|
| An tUasal Aidan Murphy | €21,600 |
| Deirdre Ashe Uasal | €12,600 |
| An tUasal Richard Manton | €12,600 |
| An tUasal Brendan Lenihan | €12,600 |
| An tUasal Gerard Ryan | €12,600 |
| An tUasal Diarmuid Corry | €12,600 |
| An tUasal Miriam Hughes | €12,600 |

Ní bhfuair an tUasal Thomas O'Connor ná an tUasal Stephen Hannon aon táillí stiúrthóra i ndáil le seirbhísí mar Stiúrthóirí ón Chuideachta

Cloíonn gach íocaíocht go hiomlán le treoirlínte an rialtais i leith táillí stiúrthóra.

## 5. Costais de réir Chineáil

### (a) Costais ábhar agus seirbhísí

| | **2020 €'000** | **2019 €'000** |
|---|---|---|
| Breoslaí agus bealaí | **29,780** | 31,126 |
| Conraitheoirí | **166,218** | 179,037 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **627** | 637 |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos (nóta 6(d)) | **1,813** | 1,704 |
| Rátaí | **319** | 666 |
| Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí (nóta 13) | **5,185** | 9,358 |
| Méadú ar an soláthar in aghaidh dífheidhmeacht fardail | **379** | 238 |
| Caillteanais airgeadra eachtraigh (glan) | **19** | 25 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | **54,525** | 50,030 |
| | **258,865** | 272,821 |

## (b) Costais ábhar agus seirbhíse: riachtanais nochtaithe de réir Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

| | | |
|---|---|---|
| **Taisteal agus cothú** | | |
| *Intíre:* | | |
| Bord | **–** | – |
| Fostaithe | **22** | 81 |
| *Eachtrach:* | | |
| Bord | **–** | – |
| Fostaithe | **6** | 18 |
| | **28** | 99 |

| | | |
|---|---|---|
| **Fáilteachais** | | |
| Foireann | **26** | 39 |
| Eile | **–** | – |
| | **26** | 39 |

Cuimsíonn costais conraitheoirí na conraitheoirí scoile, busanna a fhruiliú agus cothabháil seirbhíse conartha.

## (c) Costais oibriúcháin agus ioncaim eisceachtúla

| | **2020 €'000** | **2019 €'000** |
|---|---|---|
| Scarúna agus a ndearnadh soláthar ina leith (nóta 13) | (259) | – |
| Athshtruchtúrú oibríochtaí agus a ndearnadh soláthar ina leith (nóta 13) | (39) | (36) |
| | **(298)** | **(36)** |

## (d) Dímheas, bearnúchán agus amúchadh na sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe

| | **2020 €'000** | **2019 €'000** |
|---|---|---|
| Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe (nóta 9) | **15,479** | 20,479 |
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe (nóta 9) | **546** | 451 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil (nóta 14(a)) | **(12,443)** | (14,810) |
| | **3,582** | 6,120 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 5. Costais de réir Chineáil – ar lean

### (e) Áirítear leis na léasanna oibriúcháin

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Busanna ar léas | **1,094** | 1,104 |
| Léasanna oibriúcháin eile | **719** | 600 |
| | **1,813** | 1,704 |

### (f) Costais ábhar agus seirbhíse: riachtanais nochtaithe de réir Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Costais dlí agus socraíochtaí** | | |
| Táillí dlí ghinerálta | **443** | 381 |
| Socraíochtaí agus costais dlí cengailte | **2,812** | 6,830 |
| **Iomlán** | **3,255** | 7,211 |
| | | |
| **Comhairliúchán** | | |
| Dlíthiúil | **168** | 109 |
| Comhairle cáin agus airgeadas | **494** | 381 |
| Caidreamh poiblí agus margaíocht | **156** | 159 |
| Pinsin agus acmhainní daonna | **159** | – |
| Eile | **122** | 117 |
| **Iomlán** | **1,099** | **766** |

## 6. Glanchostas úis

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail ar an máthair chuideachta | **(140)** | (272) |

## 7. Cánachas

### (a) Costas cánach san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha:** | | |
| Cáin chorparáide na hÉireann ar an mbrabús don bhliain airgeadais | **-** | **250** |
| Coigeartú i ndáil le blianta airgeadais roimhe sin | **(70)** | – |
| Costas cánach reatha don bhliain airgeadais | **-** | – |
| | | |
| **Cáin iarchurtha:** | | |
| Bunú agus aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin | **-** | – |
| Costas cánach iarchurtha don bhliain airgeadais | **-** | – |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **-** | **250** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 7. Cánachas – ar lean

### (b) Réiteach an chostais cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an easnamh don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2020, is é sin 12.5% (2019: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| (Easnamh)/brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | (9,308) | 2,544 |
| (Easnamh)/brabús méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann, is é sin 12.5% | (1,163) | 318 |
| Tionchar de bharr: | | |
| – Dímheas don bhliain de bhreis ar liúntais chaipitiúla | 1,391 | 1,705 |
| – Ioncam nach bhfuil faoi réir cánach | (1,555) | (1,851) |
| – Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach | – | 184 |
| – Caillteanais chánach neamhfhaoisimh arna dtabhairt ar aghaidh, nár aithníodh | – | (227) |
| – Géilleadh faoiseamh caillteanais chuig cuideachtaí an ghrúpa | 1,341 | |
| – Tabhairt siar éileamh caillteanais an bhlian roimhe | – | |
| – Ioncam arna mhuirearú i leith cánach ar ráta níos airde | 15 | 129 |
| – Éileamh bunús luach bliain reatha | (31) | |
| – Gluaiseachtaí eile | 2 | (8) |
| **Muirear cánach reatha don bhliain** | – | 250 |

## 8. Sócmhainní seasta doláimhsithe

| **Costas** | **Bogearraí €'000** | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir 2020 | 7,901 | 7,901 |
| Breiseanna | 2,870 | 2,870 |
| Diúscairtí | – | – |
| **Amhail an 31 Nollaig 2020** | **10,771** | **10,771** |
| | | |
| **Amúchadh** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2020 | 7,455 | 7,455 |
| Muirear don bhliain | 546 | 546 |
| Diúscairtí | – | – |
| **Amhail an 31 Nollaig 2020** | **8,001** | **8,001** |
| | | |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2020** | **2,770** | **2,770** |
| Amhail an 31 Nollaig 2019 | 446 | 446 |

(i) Is é seo a leanas an saol úsáideach atá tuartha i leith na gcineálacha éagsúla sócmhainní doláimhsithe chun críocha amúchta:

Bogearraí – cúig bliana de réir an mhéid chothroim

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 9. Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €'000 | Gléasra agus Innealra €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2020 | 340,928 | 31,755 | 372,683 |
| Dí-aithint | (27,554) | – | (27,554) |
| Breiseanna | – | 492 | 492 |
| Diúscairtí | (13,848) | (22) | (13,870) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2020** | **299,526** | **32,225** | **331,751** |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2020 | 248,430 | 25,839 | 274,269 |
| Dí-aithint | (2,910) | – | (2,910) |
| Muirear don bhliain | 14,037 | 1,442 | 15,479 |
| Diúscairtí | (13,618) | (22) | (13,640) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2020** | **245,939** | **27,259** | **273,198** |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2020** | **53,587** | **4,966** | **58,553** |
| Amhail an 31 Nollaig 2019 | 92,498 | 5,916 | 98,414 |

(i) Is é seo a leanas an saol úsáideach atá tuartha i leith na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa:

| | Saol (Blianta) |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 10-14 |
| Gléasra agus innealra | 3-10 |
| Busanna scoile | 10-20 |

(ii) Rinneadh feithiclí paisinéirí bóthair a chosain €91.5m (2019: €92m) a dhímheas go hiomlán ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir comhardaithe.

(iii) Tá na sócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig 2020 ag €Niallas (2019: €Niallas) i ndáil le sócmhainní seasta inláimhsithe nach raibh i seirbhís go fóill amhail an dáta sin.

(iv) Ní leis an gCuideachta an mhaoin, an talamh ná na foirgnimh atá in úsáid; is le Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ iad agus áirítear iad i ráitis airgeadais CIÉ.

(v) Diúscraíodh sócmhainní ag a raibh luach tugtha anonn €Niallas in 2020 (2019: €Niallas) i gcomhlíonadh bheartais agus nósanna imeachta Ghrúpa CIÉ i leith diúscairtí sócmhainní i rith na bliana.

I measc na bhfeithiclí paisinéirí bóthair thuas tá dí-aithint 91 bus a fuarthas faoi chomhaontú léasaithe bus leis an NTA. Tháinig na busanna a dí-aithníodh in 2020 i seirbhís sa tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2019. Tá glanluach leabhair de €24.6 milliún ag na busanna a dí-aithníodh amhail an 1 Eanáir 2020. Tá luach carraeireachta de €24.6 milliún ag na deontais chomhfhreagracha do chaiteachas caipitil a bhaineann leis na busanna seo agus tá siad dí-aitheanta freisin amhail an 1 Eanáir 2020. Tá tuilleadh sonraí faoi na deontais seo i Nóta 14 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Tháinig athruithe ar chearta agus oibleagáidí na cuideachta agus an NTA, mar a fhorordaítear sna Conarthaí Dámhachtana Díreacha Nollaig 2019 – Samhain 2024, i bhfeidhm in 2020 agus, mar thoradh air sin, chinn an Chuideachta go n-aithnítear feithiclí paisinéirí bóthair mar fheithiclí paisinéirí bóthair i sócmhainní seasta inláimhsithe i mblianta airgeadais 2017 go 2019 rinneadh iad a dhí-aithint in 2020 agus aithnítear anois iad mar bhusanna a choinnítear faoi léasanna oibriúcháin, a fuarthas faoi chomhaontú léasaithe bus an NTA.

In 2020, aithníodh muirear cíosa bliantúil, mar atá forordaithe i gcomhaontú léasaithe bus NTA, as feithiclí paisinéirí bóthair a fhaightear faoin gcomhaontú seo.

## 10. Stoic

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna breise | **3,251** | 2,901 |
| Breoslaí, bealaí agus stoic éagsúla | **1,139** | 1,055 |
| | **4,390** | 3,956 |
| | | |
| Stoc a caitheadh le linn na bliana: | | |
| Stoc ábhar agus breosla a ídíodh glan ar an lacáiste breosla | **39,520** | 41,418 |

Áirítear sna méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna nach mór a bheith ar seilbh chun freastal ar riachtanais oibriúcháin. Níl difríocht ábhartha idir luach athsholáthair na bhfardal agus a luach de réir na leabhar. Is é an soláthar do stoc atá as feidhm ag deireadh na bliana ná €963k (2019 €648k).

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 11. Féichiúnaithe

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **1,631** | 2,485 |
| Méideanna atá dlite ón Roinn Oideachais | **8,687** | 8,680 |
| Méideanna atá dlite ón máthair chuideachta go Bus Éireann | **130,822** | 101,034 |
| Féichiúnaithe eile | **713** | 1,084 |
| | **141,853** | 113,283 |

Tá gach sócmhainn dlite laistigh de bhliain amháin.

I gcás na méideanna atá dlite ón máthair chuideachta, tá siad neamhurraithe, saor ó ús agus iníoctha ar éileamh.

Luaitear féichiúnaithe trádála glan ar sholáthar €75,898 (2019: €75,898 ) i leith fiacha amhrasacha.

Is éard atá sna méideanna atá dlite ón Roinn Oideachais ná airgead atá dlite maidir le feidhmiú Scéim Iompair na mBusanna Scoile.

## 12. Creidiúnaithe

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | **24,522** | 19,858 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT agus Muirear Sóisialta Uilíoch | **1,608** | 1,870 |
| Árachas sóisialta | **1,681** | 1,536 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **353** | (20) |
| Creidiúnaithe eile | **513** | 1,132 |
| Fabhruithe | **56,446** | 31,986 |
| Ioncam iarchurtha | **8,328** | 10,697 |
| Ioncam iarchurtha (nóta 14 (a)) | **10,616** | 14,052 |
| | **104,067** | 81,111 |
| | | |
| Creidiúnaithe i leith cánachais agus árachas sóisialta áirithe anseo thuas | **3,642** | 3,386 |

Tá creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile iníoctha ar dhátaí éagsúla sna trí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais de réir ghnáth-théarmaí creidmheasa na gcreidiúnaithe.

Tá creidiúnaithe i leith cánach agus árachas sóisialta iníoctha sa chreat ama atá leagtha síos sa reachtaíocht ábhartha.

Baineann ioncam iarchurtha le hioncam ó thicéid Taxsaver agus le haghaidh sholáthar na seirbhísí bus scoile.

## 13. Soláthairtí in aghaidh dliteanas

| 2020 | Oibríochtaí €'000 | Nithe Comhshaoil €'000 | Dlíthiúil agus Eile €'000 | Athshtruchtúrú €'000 | Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 4,883 | 107 | 915 | 941 | 51,976 | 58,822 |
| Muirear don chuntas brabúis agus caillteanais (glan) | 1,228 | | (13) | 204 | 5,185 | 6,604 |
| Úsáidte i rith na bliana | (1,137) | (107) | | (780) | (2,812) | (4,836) |
| **Iarmhéid deiridh** | **4,974** | **–** | **902** | **365** | **54,349** | **60,590** |

### Soláthairtí oibriúcháin

Cuimsítear sa soláthar oibriúcháin soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus agus soláthairtí a bhaineann le pá. San áireamh sa soláthar oibriúcháin tá suim €2.3m maidir le costais sochair iarscoir.

### Soláthar comhshaoil

Baineann an soláthar comhshaoil le costais athchóirithe a eascraíonn de thoradh na reachtaíochta comhshaoil.

### Dlíthiúil agus soláthar eile

Is éard atá sa fhoráil dlí agus foráil eile forálacha a bhaineann le héilimh dhlíthiúla fostaithe. Tá na díospóidí seo ar siúl faoi láthair agus léiríonn an fhoráil an costas measta a bhaineann leis na hábhair seo a réiteach.

### Soláthar athstruchtúraithe

Baineann an soláthar athstruchtúraithe le méideanna is iníoctha ag eascairt as tionscnaimh spárála costais a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil cumhdaithe ag árachas seachtrach a chur de mhuirear an chuntais brabúis agus caillteanais, agus áirítear méideanna gan íoc sna soláthairtí i leith dliteanas agus muirear.

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Is comhlacht féin-rialála CIÉ a oibríonn múnla féin-árachais ina iompraíonn na Cuideachtaí oibríochtúla an riosca airgeadais ag baint le costais éilimh, faoi réir caidhp i gcás éileamh tríú páirtí. Áirítear i gcostas measta na n-éileamh costais a thabhófar agus éilimh á réiteach. Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Agus costas measta na n-éileamh neamhíoctha á ríomh, úsáideann an Chuideachta teicnící éagsúla meastacháin, lena n-áirítear anailís staitistiúil ar thaithí stairiúil, modh anailíse a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht leis an taithí a bhí ann roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, aon athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le saobhadh na staitisticí bunúsacha, agus athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le costas na n-éileamh gan íoc a mhéadú nó a laghdú i gcomparáid le costas na n-éileamh a íocadh roimhe seo. Samplaí díobh sin is ea athruithe ar phróisis na Cuideachta a d'fhéadfadh dlús a chur faoi fhorbairt agus/nó taifeadadh éileamh arna n-íoc nó arna dtabhú, nó moill a chur orthu, athruithe ar an timpeallacht dlí, éifeacht an bhoilscithe, athruithe ar mheascán na n-éileamh agus an tionchar a bheadh ag caillteanais shuntasacha.

Agus costas na n-éileamh atá fógartha ach nach bhfuil íoctha á mheas, bíonn aird ag an gCuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ar bhonn imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh sa chúirt ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léirítear sa tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta i gcás éileamh a cuireadh in iúl cheana don Chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi theagmhas an éilimh, ach amháin sna cásanna sin inar glaodh imscrúdaitheoirí go dtí láithreacha na dtimpistí. Is iondúil, i gcás cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán ard dá réir, go léirítear éagsúlachtaí níos mó ina leith idir na meastacháin bhunaidh agus na torthaí deiridh mar gheall ar ghéire na deacrachta a bhaineann leis na cúlchistí sin a mheas.

Déantar soláthairtí i leith éileamh a ríomh mar mhéid comhlán gan aisghabháil athárachais ar bith san áireamh. Aithnítear aisghabhálacha athárachais sa chás inar féidir a leithéid d'aisghabhálacha a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil i dtaobh aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar chineál agus méid chlár athárachais na Cuideachta in imeacht ama a léiriú.

Chomh maith leis sin, déantar aisghabhálacht an athárachais a mheas ag féachaint d'fhógra a bheith faighte ó bhróicéirí na Cuideachta maidir le haon athárachóirí a bhfuil caillteanas luaite leo.

# 14. Ioncam Iarchurtha agus Deontais Ioncaim

## Ioncam Iarchurtha

Áirítear sa chuntas seo deontais neamh-inaisíoctha ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas:

### (a) Deontais chaipitil

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **75,615** | 79,597 |
| Faighte agus infhála (nóta 14(b)) | **8,804** | 651 |
| Aithnithe faoi aontú léasaithe bus (nóta 9) | | 15,539 |
| Dí-aithnithe faoi aontú léasaithe bus (nóta 9) | **(24,643)** | – |
| Muirear amúchta glan ó bhearnúchán gaolmhar (nóta 5(d)) | **(12,443)** | (14,810) |
| Diúscairtí | **–** | (5,362) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **47,333** | 75,615 |
| | | |
| Mar seo a leanas: | | |
| San áireamh sna dliteanais reatha (nóta 12) | **10,616** | 14,052 |
| San áireamh sna dliteanais neamhreatha | **36,717** | 61,563 |
| | **47,333** | 75,615 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 14. Ioncam Iarchurtha agus Deontais Ioncaim – ar lean

### (b) Breiseanna deontais chaipitil

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Úsáideadh Deontais Chaipitil chun na breiseanna seo a leanas a chistiú: | | |
| Ríomhairí, bogearraí, crua-earraí agus eile | **2,470** | 651 |
| Busanna | **6,334** | 15,539 |
| **Fo-iomlán** | **8,804** | 16,190 |
| Lúide: Inaistrithe chuig CIÉ (Réadmhaoine) | **–** | – |
| **Iomlán** | **8,804** | 16,190 |

Déantar na Deontais Chaipitil a amúchadh thar shaol úsáideach na sócmhainní. Cuirtear Deontais Ioncaim leis an gcuntas brabúis agus caillteanais ina n-iomláine sa bhliain ábhartha ina bhfuarthas iad. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an ghníomhaireacht ábhartha agus is é Clár Cistithe Caipitil na bliana 2017 an clár ábhartha, agus is í an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt an roinn rialtais coimircíochta. Tá na deontais teoranta do ghníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP).

## Deontais Ioncaim

Tugatr deontais ioncaim go hiomlán chuig an brábús agus cailteannas sa bhliain cuí a fuarthas

### (c) TWSS agus EWSS

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Cuimsíonn Ioncam Oibriúcháin na deontais ioncaim seo a leanas | | |
| Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá | **2,764** | – |
| Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta | **15,920** | – |
| **Fo-iomlán** | **18,684** | – |

Scéim tacaíochta shealadach COVID-19 rialtais a bhí sa Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSS) a d'oibrigh ó Mhárta go Lúnasa 2020 agus a cuireadh in ionad an EWSS (Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta). Mheas an Chuideachta méid a bhí dlite ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim de €0.6m maidir leis an TWSS ag deireadh na bliana.

## 15. Scairchaipiteal agus Cúlchistí

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe** | | |
| **Iarmhéid tosaigh** | | |
| 61,146,471 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **77,640** | 77,640 |
| **Méadú i Scairchaipteal údaraithe** | | |
| Is €1.27 an ceann an méadú Gnáthscair | **-** | - |
| **Iarmhéid deiridh** | | |
| 61,146,471 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **77,640** | 77,640 |
| **Leithroinnte, glaoite agus láníoctha, curtha i láthair mar chaipiteal gnáthscaireanna** | | |
| **Iarmhéid tosaigh** | | |
| 52,133,858 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **66,212** | 66,212 |
| **Méadú i scairchaipteal glaoite agus láníoctha** | | |
| 29,133,858,000 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **-** | - |
| **Iarmhéid deirigh** | | |
| 52,133,858 Gnáthscair ar €1.27 an ceann | **66,212** | 66,212 |

Is ann d'aicme amháin gnáthscaireanna. Níl srian ar bith ar dháileadh díbhinní agus ar aisíoc an chaipitil. Baineann na cearta vótála céanna le gach scair agus an aicme chéanna i dtaobh díbhinní, a mhéid a bhfuil an méid iomlán ar gach scair íoctha.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Cúlchistí ioncam (caillteanais carnach) | **(59,431)** | (50,193) |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 16. Nóta a ghabhann leis an ráiteas faoi shreabhadh airgid

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| (Easnamh)/brabús don bhliain airgeadais | **(9,238)** | 2,294 |
| Ús iníoctha glan | **140** | 272 |
| (Easnamh)/brabús roimh úis | **(9,098)** | 2,566 |
| (Easnamh)/brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | **(244)** | (139) |
| Dímheas, bearnúchán agus amúchadh na sócmhainní seasta inláimhsithe/doláimhsithe | **16,025** | 20,930 |
| Deontais chaipitil amúchta | **(12,443)** | (14,810) |
| (Méadú)/laghdú ar an bhfardal | **(434)** | (99) |
| Laghdú ar fhéichiúnaithe | **1,218** | (1,684) |
| Méadú ar chreidiúnaithe | **26,397** | 9,141 |
| (Laghdú)/méadú ar na soláthairtí in aghaidh dliteanas | **1,768** | (143) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **23,189** | 15,762 |

## 17. Oibleagáidí léasa oibriúcháin

Ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe atá iníoctha mar seo a leanas:

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Laistigh d'aon bhliain amháin | **1,287** | 1,773 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **3,617** | 3,317 |
| | **4,904** | 5,090 |

San áireamh thuas laistigh de bhliain agus idir bliain agus cúig bliana do 2020 tá (i) léas oibriúcháin a rinneadh le linn na bliana do bhusanna a bhfuil oibleagáidí léasa bliantúla de € 0.5 milliún orthu. Dhá bhliain téarma an léasa seo agus críochnaíonn sé le linn 2022 (ii) an muirear léasa oibriúcháin is iníoctha leis an NTA a bhaineann le comhaontú léasaithe bus a thosaigh in 2018.

## 18. Pinsin

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean le sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Is baill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Córas Iompair Éireann iad fostaithe Bus Éireann. Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla faoi mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostais sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na Stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse.

Tá dliteanais maidir le hoibleagáidí pinsin le sochar sainithe de €975 milliún (2019: €777 milliún) san áireamh i nglandliteanais Grúpa CIÉ.Tá an nochtadh atá ceangailte faoi FRS102 maidir le pleananna an ghrúpa le sochar sainithe, ina bhfuil an Chuideachta rannpháirteach, leagtha amach i ráitis airgeadais CIÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, atá ar fáil don phobal ó CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Bhí costas pinsin na Cuideachta don bhliain ar na scéimeanna sochar sainithe cothrom le €11.6 milliún (2019: €12.4 milliún) agus tá na costais sin san áireamh i nóta 4(a). Cuimsíonn costas na Cuideachta an ranníocaíocht atá iníoctha don bhliain.

Le linn 2019, gearradh soláthar pinsin de €2.3m ar an Chuntas Brabúis agus Caillteannais maidir le hoibleagáid do shochar fostaí ó sheirbhís roimhe. Is ionann oibleagáid agus "sochar fadtéarmach eile" mar atá sainmhínithe i FRS102.28.29.

## 19. Ceangaltais Chaipitiúla agus Ceangaltais Eile

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Conradh déanta ina leith | **17,443** | 4,476 |
| **Iomlán** | **17,443** | 4,476 |
| Ceangaltais chaipitil dá bhfuil cistiú geallta trí mheán deontas | **2,920** | 754 |

Tá an talamh agus na foirgnimh san áireamh i leabhair Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ. Is ionann na ceangaltais maidir le talamh agus foirgnimh a úsáideann Bus Éireann ach a luaitear i leabhair Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus €4.6m do 2020 (2019: €1.4m) agus níl siad san áireamh thuas i gceangaltais chaipitil Bhus Éireann.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais – ar lean

## 20. Ráthaíochtaí agus dliteanais theagmhasacha

Ag 31 Nollaig 2020 bhí €20 milliúin tarraingthe anuas ag Grúpa CIÉ faoi áiseanna an iasacht théarmach. Tá na hiasachtaí sin trasráthaithe ag Bus Éireann agus ag na fo Chuideachtaí eile i nGrúpa CIÉ.

Bíonn an Chuideachta ina páirtí, ó am go ham, in imeachtaí éagsúla dlí a bhaineann le ceisteanna tráchtála a bhfuiltear ag déileáil leo agus á gcosaint sa ghnáthchúrsa gnó. Déantar stádas imeachtaí ar feitheamh nó imeachtaí faoi bhagairt a athbhreithniú ar bhonn rialta le dlíodóirí ghrúpa CIÉ. Is é tuairim na Stiúrthóirí é nach mbeidh na caillteanais, más ann dóibh, a eascróidh as na nithe sin níos mó go hábhartha ná na soláthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

Faightear Flít OSP Bhus Éireann faoi Clár Creatlach Deontais ón Údarás Náisiúnta Iompair. Cuirtear an cistiú sin ar fáil ag teacht le forálacha an chonartha dámhachtana dírí, a síníodh i Nollaig 2019, agus eascraíonn dliteanais theagmhasacha áirithe faoi na comhaontuithe sin. Creideann na Stiúrthóirí gur fíor-bheag é an baol go bhfeidhmeoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair a chearta faoi na comhaontuithe a bhaineann leo.

## 21. Glaneasnamh de réir Ghníomhaíochta

### 2020

| | Seirbhísí tráchtála agus seirbhísí scoile €000 | Seirbhísí Cathrach €000 | Seirbhísí Stáidch-arráiste €000 | Iomlán na Seirbhísí €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 231,670 | 23,870 | 29,246 | 53,116 | 284,786 |
| Costais (glan) | 254,596 | 54,648 | 97,594 | 152,242 | 406,838 |
| | (22,926) | (30,778) | (68,348) | (99,126) | (122,052) |
| Deontas ioncaim | 6,612 | 4,456 | 7,616 | 12,072 | 18,684 |
| Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | 5,042 | – | – | 88,791 | 93,833 |
| Toradh tar éis íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | (11,272) | – | – | 1,737 | (9,535) |
| Míreanna eisceachtúla | 501 | – | – | (203) | 298 |
| Toradh tar éis míreanna eisceachtúla | (10,771) | – | – | 1,533 | (9,238) |

Tá gníomhaíochtaí tráchtála, gníomhaíochtaí iompair scoile agus gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí á bhfeidhmiú ag an gCuideachta. Is é Expressway an phríomhghníomhaíocht tráchtála.

Tá an Scéim Iompair Scoile á reachtáil 'faoi chonradh', nó i dtéarmaí níos cruinne, is socrú riaracháin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna atá i gceist.

Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile ná Seirbhísí Stáidcharráiste ar bhealaí réigiúnacha agus mórbhóithre agus Seirbhísí Cathrach i gcathracha réigiúnacha, ar gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí iad a bhfaigheann an Chuideachta íocaíochtaí OSP ina leith. Déantar costais i dtaobh Expressway, Seirbhísí Stáidcharráiste agus Seirbhísí Cathrach a leithroinnt ar bhonn líon na mbusanna, na gciliméadar, na n-uaireanta an chloig agus méadracht eile atá ar fáil.

Ba é €99.1m costas na n-oibríochtaí OSP sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, roimh mhíreanna eisceachtúla, agus b'ionann an cúiteamh a fuarthas, gan deontais iocaim san áireamh agus €88.8m.

## 22. Páirtithe gaolmhara

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an Chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na Stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil cainníocht na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na Cuideachta.

Tá an Chuideachta díolmhaithe ó cheangaltais nochta faoi mhír 33.9 de FRS102 maidir le hidirbhearta leis na heintitis ar páirtí gaolmhar iad de bhua smacht, comhrialú nó tionchar suntasach a bheith ag an Stát céanna ar an eintiteas tuairiscithe agus an eintiteas eile.

## 23. Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Dámhachtana Dírí Oibritheoirí Bus Trachtála

Bhí an OSP agus an CBO DAC iníoctha leis an gCuideachta tríd an gCuideachta sealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, cothrom le €93.8m don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 (2019: €58.0m).

## 24. Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann

Is fo Chuideachta ar lánúinéireacht ag CIÉ é Bus Éireann agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí na ballraíochta sin. Tá cóipeanna de ráitis airgeadais chomhdhlúite CIÉ ar fáil ó CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

## 25. Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag oibriú seirbhísí PSO de réir an chonartha dámhachtana Díreach le linn 2020. D’aistrigh an Chuideachta go conradh ollchostas ón 1 Eanáir 2021. Faoin gconradh comhlán costas, aistríonn freagracht ioncaim as seirbhísí PSO chuig an NTA.

## 26. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 29 Márta 2021.

Sonraí Teagmhála
An Chloch Leathan
Baile Átha Cliath 7
www.buseireann.ie